**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0255/2023**

27.7.2023

# ***I
# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán (AE) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/943, Treoir (AE) 2019/942, Treoir (AE) 2018/2001 agus Rialachán (AE) 2019/944 chun dearadh mhargadh leictreachais an Aontais a fheabhsú.
(COM(2023)0148 – C9-0049/2023 – 2023/0077(COD))

An Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

Rapóirtéir: Nicolás González Casares

### *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

### *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................................5

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM GHNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHTA AGUS AIRGEADAÍOCHTA......97

LITIR ÓN gCOISTE UM BUISÉID ...........................................................................................118

LITIR ÓN gCOISTE UM AN MARGADH INMHEÁNACH AGUS UM CHOSAINT AN TOMHALTÓRA..............................................................................................................................122

AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH .......................................................................128

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH....................129

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/943 agus (AE) 2019/942 mar aon le Treoracha (AE) 2018/2001 agus (AE) 2019/944 chun feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas (COM(2023)0148 – C9-0049/2023 – 2023/0077(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0148),

– ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 194(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-2023),

– ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 15 Meitheamh 2023[1],

– ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 5 Iúil 2023[2],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta,

– ag féachaint do na litreacha ón gCoiste um Buiséid agus ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (A9-0000/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[1] Nár foilsíodh fós san *Iris Oifigiúil*.
[2] Nár foilsíodh fós san *Iris Oifigiúil*.

**Leasú 1**

LEASUITHE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA[*]

ar an togra ón gCoimisiún

---------------------------------------------------------

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/943 agus (AE) 2019/942 mar aon le Treoracha (AE) 2018/2001 agus (AE) 2019/944 chun feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 194(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá tugtha faoi deara go bhfuil praghsanna an-ard agus luaineacht sna margaí leictreachais ó bhí mí Mheán Fómhair 2021 ann. Mar a leag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (‘ACER’) amach ina

[*] Leasuithe: léirítear téacs nua nó leasaithe le cló trom iodálach; léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌.

measúnú ar dhearadh mhargadh mórdhíola leictreachais an Aontais in Aibreán 2022[1], is toradh é an méid sin go príomha ar ***ghéarchéim an tsoláthair gáis, an*** praghas ard gáis, a úsáidtear mar ionchur chun leictreachas a ghiniúint. ***Tá fachtóirí breise, amhail cothabháil, fadhbanna creimthe nó éaradh i roinnt imoibreoirí núicléacha chomh maith le haschur hidreachumhachta íseal tar éis an méadú ar phraghsanna leictreachais a mhéadú tuilleadh.***

(2) Le géarú fhogha míleata na Rúise in aghaidh na hÚcráine, ar Páirtí Conarthach den Chomhphobal Fuinnimh í, agus leis na smachtbhannaí idirnáisiúnta gaolmhara ó bhí mí Feabhra 2022 ann, cuireadh isteach ar na margaí fuinnimh domhanda agus is measa fós an fhadhb a bhaineann le praghsanna arda gáis, agus bhí tionchair mhóra iarmhartacha acu ar phraghsanna leictreachais. Tá ionradh ***gan údar*** na Rúise ar an Úcráin ina chúis le héiginnteacht maidir le soláthar tráchtearraí eile ***fuinnimh iontaise***, amhail gual crua agus amhola, ar tráchtearraí iad a úsáideann suiteálacha giniúna cumhachta. Mar thoradh air sin, tá méaduithe breise substaintiúla tagtha ar an luaineacht i leibhéil praghsanna leictreachais.

(3) Mar fhreagairt ar an staid sin, sa Teachtaireacht maidir le Praghsanna Fuinnimh a chuir an Coimisiún i láthair i mí Dheireadh Fómhair 2021, bhí bosca uirlisí beart a fhéadfaidh an tAontas agus a Bhallstáit a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar an tionchar láithreach atá ag praghsanna arda fuinnimh ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí (lena n-áirítear tacaíocht ioncaim, buntáistí cánach, ***coigilteas*** gáis agus coigilteas ***fuinnimh*** agus bearta stórála)  agus chun athléimneacht in aghaidh suaitheadh praghsanna amach anseo a neartú. I dTeachtaireacht uaidh an 8 Márta 2022 dar teideal 'REPowerEU: Gníomhaíocht Chomhpháirteach Eorpach ar mhaithe le fuinneamh níos inacmhainne, níos sláine agus níos inbhuanaithe'[2], leag an Coimisiún amach sraith beart breise chun an bosca uirlisí a neartú agus mar fhreagairt ar phraghsanna fuinnimh atá ag ardú. An 23 Márta 2022, bhunaigh an Coimisiún córas sealadach maidir le Státchabhair freisin

[1] Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh, Measúnú Deiridh ACER ar Dhearadh Mhargadh Mórdhíola Leictreachais an Aontais, Aibreán 2022.

[2] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún - REPowerEU: Gníomhaíocht Chomhpháirteach Eorpach ar mhaithe le fuinneamh níos inacmhainne, níos sláine agus níos inbhuanaithe, COM/2022/108 final

chun fóirdheontais áirithe a cheadú chun tionchar na bpraghsanna arda fuinnimh a mhaolú.[3]

(4) An 18 Bealtaine 2022 chuir an Coimisiún an Plean REPowerEU[4] i láthair, plean lenar tugadh isteach bearta breise lena ndírítear ar choigilteas fuinnimh, éagsúlú soláthairtí fuinnimh, ***spriocanna méadaithe éifeachtúlachta fuinnimh*** agus rolladh amach luathaithe an fhuinnimh in-athnuaite arb é is aidhm dó deireadh a chur le spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise na Rúise, lena n-áirítear togra chun sprioc 2030 an Aontais maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh a mhéadú go 45 %. Thairis sin, sa Teachtaireacht maidir le hIdirghabhálacha Gearrthéarmacha sa Mhargadh Fuinnimh agus Feabhsuithe Fadtéarmacha ar Dhearadh an Mhargaidh Leictreachais[5], anuas ar bhearta gearrthéarmacha breise a leagan amach chun dul i ngleic le praghsanna arda fuinnimh, sainaithníodh réimsí a d'fhéadfadh a bheith ann chun feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais agus fógraíodh an rún chun measúnú a dhéanamh ar na réimsí sin d'fhonn an creat reachtach a athrú.

(5) Chun aghaidh phráinneach a thabhairt ar ghéarchéim na bpraghsanna agus ar na hábhair imní atá ann maidir leis an tslándáil agus chun dul i ngleic leis na méaduithe ar phraghsanna, agus bunaithe ar shraith tograí ón gCoimisiún, ghlac an tAontas córas láidir i dtaca le stóráil gáis[6], bearta éifeachtacha maidir le laghdú ar éileamh ar ghás agus ar leictreachas[7], córais teorannaithe praghsanna chun brabúis amhantair a

---

3 Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Creat Sealadach Géarchéime le haghaidh bearta státchabhrach chun tacú leis an ngeilleagar tar éis ionsaí na Rúise in aghaidh na hÚcráine C 131 I/01, C/2022/1890.

4 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún - An Plean REPowerEU, (COM(2022) 230.

5 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún - Idirghabhálacha gearrthéarmacha sa mhargadh fuinnimh agus feabhsuithe fadtéarmacha ar dhearadh an mhargaidh leictreachais - plean gníomhaíochta, COM(2022) 236 final.

6 Rialachán (AE) 2022/1032 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2017/1938 agus (CE) Uimh. 715/2009 i dtaca le stóráil gáis, ***(***IO L 173***, 30.6.2022, lch. 17)***

7 Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle an 5 Lúnasa 2022 maidir le bearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar ghás, ***(***IO L 206***, 8.8.2022, lch. 1)*** agus Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh, ***(***IO L 261***, 7.10.2022, lch. 1***).

sheachaint i margaí an gháis agus an leictreachais araon[8] agus bearta chun dlús a chur leis na nósanna imeachta um dheonú ceadanna le haghaidh suiteálacha fuinnimh in-athnuaite[9].

(6) Le margadh dea-chomhtháite a chuireann leis an bPacáiste 'Fuinneamh Glan do gach Eorpach' a glacadh in 2018 agus in 2019[10], ba cheart don Aontas a bheith in ann leas a bhaint as na tairbhí eacnamaíocha a bhaineann le margadh aonair fuinnimh sna himthosca ***uile, lena n-áirítear le linn géarchéimeanna praghsanna fuinnimh***, lena ndéanfaí slándáil an tsoláthair a áirithiú agus an próiseas dícharbónaithe a chothú ***chun an cuspóir aeráidneodrachta a bhaint amach***. Leis an idirnascacht trasteorann, áirithítear freisin go n-oibreoidh an córas cumhachta ar bhealach níos sábháilte, níos iontaofa agus níos éifeachtúla ***agus go mbeidh athléimneacht níos fearr ann i gcás turraingí gearrthéarmacha praghsanna***. ***Chuige sin, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar conas feabhas a chur ar fhaireachán agus ar fhorfheidhmiú Rialachán (AE) 2019/943, lena n-áirítear an oibleagáid 70 % d'acmhainn idirnascairí a chur ar fáil le haghaidh trádáil trasteorann. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar an oibleagáid sin a mhéadú, agus na maoluithe a d'fhéadfaí a dhéanamh uirthi a theorannú, chun go mbeidh an margadh leictreachais oiriúnach do chóras fuinnimh atá bunaithe go***

---

8 Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh, (IO L 261***, 7.10.2022, lch. 1***).

9 Rialachán (AE) 2022/2577 ón gComhairle an 22 Nollaig 2022 lena leagtar síos creat chun dlús a chur le himscaradh fuinnimh in-athnuaite ***(***IO L 335, 29.12.2022***, lch. 36)***.

10 Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, ***(***IO L 328, 21.12.2018, lch. 1***)***; Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn ***(***IO L 328, 21.12.2018, lch. 82***)***. Treoir (AE) 2018/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena leasaítear Treoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, ***(***IO L 328, 21.12.2018, lch. 210***)***; Rialachán (AE) 2019/942 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ***(***IO L 158, 14.6.2019, lch. 22***)***; Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas ***(***IO L 158, 14.6.2019, lch. 54***)***; Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas ***(***IO L 158, 14.6.2019, lch. 125***)***.

***príomha ar fhuinneamh inathnuaite, rud a éilíonn idirnascadh níos mó agus níos fearr chun ardleibhéal slándála soláthair a chothú.***

***(6a)*** ***Chun an margadh inmheánach fuinnimh a neartú agus cuspóirí an aistrithe aeráide agus fuinnimh a bhaint amach, ní mór uasghrádú suntasach ar ghréasán leictreachais an Aontais a bheith in ann déileáil leis na méaduithe suntasacha ar acmhainneacht in-athnuaite, inathraitheacht ar mhéideanna giniúna, patrúin sreafa leictreachais a athrú ar fud na hEorpa agus éileamh nua amhail feithiclí leictreacha agus teaschaidéil. Tá infheistíochtaí in eangacha ríthábhachtach d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, do chomhtháthú an fhuinnimh in-athnuaite, chun tacú le slándáil an tsoláthair agus chun soláthar agus éileamh fuinnimh a nascadh go héifeachtach i gcomhthéacs ina bhfuil na hinfheistíochtaí sin scartha óna chéile, agus tá gá le húsáid éifeachtúil acmhainní laistigh de theorainneacha agus thar theorainneacha chun spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach. Go dtí deireadh 2030, beidh infheistíochtaí EUR 584 bhilliún de dhíth ar an Aontas chun riachtanais na n-eangach leictreachais amháin a chumhdach, idir tharchur agus dáileadh. Tá an dúshlán thar a bheith suntasach ar leibhéal an dáileacháin, i bhfianaise an mhéadaithe atá ag teacht ar an acmhainneacht giniúna in-athnuaite atá nasctha le heangacha dáileacháin, lena nascfar an chuid is mó de na tionscadail nua in-athnuaite, agus na forbairtí chun an t-éileamh ar fhuinneamh a leictriú agus a dhéanamh níos cliste. Maidir le mainneachtain na heangacha dáileacháin a leathnú, a uasghrádú agus a dhéanamh níos cliste dá réir, d'fhéadfadh sé go gcuirfí i mbaol spriocanna in-athnuaite an Aontais a bhaint amach, rud a chuirfeadh moill ar an nasc leis an ngréasán d'acmhainneachtaí nua in-athnuaite; d'fhéadfadh sé bac a chur ar an bhféidearthacht atá ag tomhaltóirí a bheith ina ngníomhaithe gníomhacha san aistriú fuinnimh; agus i ndeireadh na dála moill a chur ar chur i gcrích an mhargaidh inmheánaigh fuinnimh.***

***(6b)*** ***Tá gréasán leictreachais Eorpach idirnasctha bunriachtanach le haghaidh shlándáil an tsoláthair agus an iomaíochais san Eoraip, agus chun na spriocanna dícharbónaithe a bhfuil gealltanas tugtha ag an Aontas ina leith a bhaint amach ar bhealach níos fearr agus chun fuinneamh inacmhainne, sábháilte agus***

***inbhuanaithe a éascú. Dá bhrí sin, ba cheart go rannchuideodh aon athchóiriú ar mhargadh leictreachais an Aontais le gréasán leictreachais Eorpach níos comhtháite. Tá sé thar a bheith tábhachtach a áirithiú go mbeidh acmhainn idirnaisc 15 % ar a laghad i bhfeidhm ag gach Ballstát chun gur féidir leictreachas a tháirgtear ar a chríoch a iompar thar a theorainneacha chuig tíortha comharsanachta. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin do leithinis na hIbéire agus do réigiúin Eorpacha eile ar gá dóibh a n-idirnaisc eangaí a leathnú, ach ina bhfuil an dul chun cinn fós mall agus amhras caite air ag roinnt gnéithe . Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit a gcomhar a neartú chun bacainní a bhaint, maoiniú a éascú agus dlús a chur leis na nósanna imeachta uile chun a áirithiú go mbainfear amach an sprioc íosta de 15 % maidir le hidirnascadh leictreachais do 2030 a leagtar síos in Airteagal 4, pointe (d)(1), de Rialachán (AE) 2018/1999.***

***(6c)*** ***Trí ghréasán leictreachais agus bonneagar nascachta an Aontais a thógáil agus a uasghrádú, amhail na tionscadail ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne a bunaíodh leis an gcreat a bhaineann leis na Gréasáin Thras-Eorpacha Fuinnimh, lena n-áirítear trí cháblaí fomhuirí, féadfar rannchuidiú le limistéir iargúlta agus oileáin a nascadh, agus nascacht leormhaith á soláthar ar an gcaoi sin do shaoránaigh uile an Aontais. Le hinfheistíocht iomchuí chun críocha iargúlta a athbheochan, amhail oileáin agus limistéir thuaithe, is féidir deiseanna móra a thabhairt do shaoránaigh agus do ghnóthais páirt a ghlacadh san aistriú fuinnimh agus i gclaochlú digiteach an Aontais. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na réigiúin is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais (CFAE), lena n-aithnítear na srianta sonracha atá orthu agus lena bhforáiltear do bhearta sonracha a ghlacadh ina leith.***

(7) Le dearadh an mhargaidh leictreachais atá ann faoi láthair, cuidíodh freisin le teacht chun cinn táirgí, seirbhísí agus beart nua agus nuálach maidir le margaí leictreachais miondíola, lena dtacaítear leis an éifeachtúlacht fuinnimh agus le glacadh an fhuinnimh in-athnuaite agus lena bhfeabhsaítear roghanna ionas go gcuideofar le tomhaltóirí a mbillí fuinnimh a laghdú freisin trí shuiteálacha giniúna mionscála agus trí sheirbhísí atá ag teacht chun cinn chun freagairt don éileamh a sholáthar. I dtaca le hacmhainneacht dhigitiú an chórais fuinnimh a fhorbairt agus i dtaca leis an

acmhainneacht sin a thapú, amhail rannpháirtíocht ghníomhach tomhaltóirí, ba cheart iad a bheith ina bpríomheilimint dár margaí agus dár gcórais leictreachais amach anseo. An tráth céanna, is gá roghanna tomhaltóirí a urramú, ***tomhaltóirí tí a chosaint ó phraghsanna arda, ó ionramháil agus ó mhí-úsáid*** agus é a chur ar a gcumas do thomhaltóirí tairbhiú de thairiscintí éagsúla conartha. ***Ba cheart comhtháthú an chórais fuinnimh a bheith beartaithe mar phleanáil agus oibriú an chórais fuinnimh ina iomláine, ar fud an iliomad iompróirí fuinnimh, bonneagar, agus earnálacha tomhaltais, trí naisc níos láidre a chruthú eatarthu, i sineirgíocht le chéile agus le tacaíocht ón digitiú, agus é mar chuspóir leis sin seirbhísí fuinnimh inacmhainne, iontaofa agus tíosach ar acmhainní a chur ar fáil, ar an gcostas is lú is féidir don tsochaí.***

(8) I gcomhthéacs na géarchéime fuinnimh, áfach, léirigh dearadh an mhargaidh leictreachais atá ann faoi láthair freisin go bhfuil roinnt easnaimh thábhachtacha ***agus iarmhairtí gan choinne*** ann a bhaineann leis an tionchar a bhíonn ag praghsanna arda luaineacha breoslaí iontaise ar mhargaí leictreachais gearrthéarmacha, easnaimh lena bhfágtar teaghlaigh agus gnóthais neamhchosanta ar mhéaduithe móra ar phraghsanna ag a mbíonn tionchar ar a mbillí leictreachais.

(9) I dtaca le leathadh amach níos tapúla an fhuinnimh in-athnuaite agus na dteicneolaíochtaí solúbtha glana, is é an bealach is inbhuanaithe agus is costéifeachtaí é chun laghdú struchtúrach a dhéanamh ar an éileamh ar bhreoslaí iontaise le haghaidh giniúint leictreachais agus le haghaidh tomhaltas díreach trí leictriú agus trí chomhtháthú córas fuinnimh. A bhuí leis na costais oibriúcháin ísle a bhaineann leo, is féidir le foinsí in-athnuaite tionchar dearfach a bheith acu ar phraghsanna leictreachais ar fud an Aontais agus tomhaltas ▌ breoslaí iontaise a laghdú.

(10) Leis na hathruithe ar dhearadh an mhargaidh leictreachais, ba cheart a áirithiú go dtabharfaí do na tomhaltóirí, lena n-áirítear na tomhaltóirí is leochailí, na tairbhí a bhaineann leis an méadú ar leathadh amach na cumhachta in-athnuaite, agus na tairbhí a bhaineann leis an aistriú fuinnimh ina iomláine, agus ar deireadh, go ndéanfaí iad a chosaint ar ghéarchéimeanna fuinnimh agus go seachnófaí níos mó teaghlach a bheith ag titim isteach i sáinn na bochtaineachta fuinnimh. Leis na hathruithe sin, ba cheart an tionchar atá ag praghsanna arda breoslaí iontaise, go háirithe praghsanna gáis, ar

phraghsanna leictreachais a mhaolú, arb é is aidhm dóibh é a chur ar a gcumas do theaghlaigh agus do chuideachtaí tairbhe a bhaint as fuinneamh inacmhainne slán ó fhoinsí inbhuanaithe in-athnuaite agus ísealcharbóin san fhadtéarma, ***chomh maith leis an ról atá ag réitigh atá tíosach ar fhuinneamh maidir le costais fhoriomlána fuinnimh a laghdú, rud a d'fhéadfadh an gá atá le méadú ar an eangach chumhachta agus ar an acmhainneacht ghiniúna a laghdú***.

(11) ***Ba cheart é a bheith d'aidhm ag***an athchóiriú ar dhearadh an mhargaidh leictreachais ***praghsanna leictreachais inacmhainne agus iomaíocha a bhaint amach do gach tomhaltóir. Mar sin,*** ba cheart go rachadh sé chun tairbhe nach ***amháin*** do thomhaltóirí teaghlaigh ach d'iomaíochas thionscail an Aontais freisin trí na féidearthachtaí atá acu a éascú chun na hinfheistíochtaí teicneolaíochta glaine a theastaíonn uathu a dhéanamh chun a gconairí aistrithe i dtreo aeráidneodrachta a chomhlíonadh. Ní mór bonn láidir monaraíochta teicneolaíochta glaine a bheith ann chun tacú leis an aistriú fuinnimh san Aontas. ***Cuideoidh*** na hathchóirithe sin ***leis an earnáil tionsclaíochta a rochtain ar sholáthar inacmhainne leanúnach cumhachta glaine agus teasa a áirithiú agus*** tacóidh siad le leictriú inacmhainne na tionsclaíochta***, lena n-áirítear foinsí in-athnuaite fuinnimh ar an láthair agus glacadh ardéifeachtúlachta comhghiniúna,*** agus seasamh an Aontais mar cheannaire domhanda ó thaobh taighde agus nuálaíochta i dteicneolaíochtaí fuinnimh ghlain.

(12) Is príomhuirlis iad na margaí gearrthéarmacha atá dea-fheidhmiúil agus éifeachtúil chun fuinneamh in-athnuaite agus foinsí solúbthachta a chomhtháthú sa mhargadh agus chun comhtháthú córas fuinnimh a éascú ar bhealach costéifeachtach.

***(12a) Mar a tháinig an Chúirt Iniúchóirí ar an gconclúid ina Tuarascáil Speisialta 03/2023 dar teideal 'Internal electricity market integration', [Comhtháthú an mhargaidh inmheánaigh leictreachais], cuireadh bac ar an margadh inmheánach leictreachais mar gheall ar a chur chuige rialála agus a chreat rialachais lag, rud a d'fhág go raibh moilleanna agus córas faireachais margaidh neamhiomlán ann. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht struchtúr reatha an mhargaidh leictreachais agus ar fheidhmiú an mhargaidh ghearrthéarmaigh; acmhainneacht giniúna leictreachais agus cáilíocht na seirbhíse a chuirtear ar fáil do na costais deiridh i ngach Ballstát a fhorbairt agus oiriúnacht***

***chreat dlíthiúil agus maoinithe reatha an Aontais maidir le heangacha dáileacháin chun cuspóirí an Aontais maidir leis an margadh fuinnimh in-athnuaite agus inmheánach a bhaint amach. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh freisin ar aon neamhéifeachtúlachtaí sa mhargadh inmheánach leictreachais agus breithniú a dhéanamh ar bhearta maidir le hardáin trádála Eorpacha le haghaidh margaí príomhúla agus tánaisteacha fadtéarmacha, lena n-áirítear bearta chun leachtacht agus trédhearcacht a chruthú, amhail ceanglais ar tháirgeoirí agus ar chostais íosmhéid táirgí a chonrú i gceantanna poiblí láraithe chun leachtacht a sholáthar.***

(13) Baineann tábhacht ar leith le margaí ionlae chun foinsí in-athnuaite inathraitheacha fuinnimh a chomhtháthú sa chóras leictreachais ar an gcostas is lú toisc go dtugann siad an fhéidearthacht do rannpháirtithe sa mhargadh ganntanais nó barrachas leictreachais a thrádáil níos gaire don aga seachadta. Ós rud é nach féidir le gineadóirí an fhuinnimh in-athnuaite inathraithigh ach meastachán cruinn a dhéanamh ar a dtáirgeadh gar don aga seachadta, tá sé ríthábhachtach dóibh líon uasta deiseanna trádála a bheith acu trí rochtain ar mhargadh leachtach chomh gar agus is féidir d’aga seachadta an leictreachais.

(14) Dá bhrí sin, i gcás na margaí ionlae, tá sé tábhachtach oiriúnú do rannpháirtíocht theicneolaíochtaí an fhuinnimh in-athnuaite inathraithigh, amhail teicneolaíochtaí gréine agus gaoithe, agus freisin do rannpháirtíocht na freagartha ▌ don éileamh agus na stórála ***fuinnimh***. Ba cheart feabhas a chur ar leachtacht na margaí ionlae trí na leabhair orduithe a chomhroinnt idir oibreoirí margaidh laistigh de chrios tairisceana, agus freisin i gcás ina socraítear na hacmhainneachtaí traschreasacha ag nialas nó tar éis am dúnta gheata an mhargaidh ionlae. ***Chun a áirithiú go roinnfear leabhair ordaithe idir OAMLanna sna creataí ama lá roimh ré agus ionlae, ba cheart do OAMLanna na horduithe go léir a chur isteach faoi bhráid na cúpláíla lá amháin roimh ré agus ionlae agus níor cheart dóibh trádáil táirgí lá roimh ré agus ionlae, ná táirgí a bhfuil saintréithe comhchosúla acu, a eagrú lasmuigh den chúpláil lá amháin roimh ré agus ionlae. Chun aghaidh a thabhairt ar an riosca bunúsach idirdhealaithe i dtrádáil táirgí lá roimh ré agus ionlae laistigh agus lasmuigh den chúpláil amháin lá roimh ré agus den chúpláil amháin ionlae, ba cheart feidhm a***

***bheith ag an oibleagáid sin maidir le OAMLanna agus maidir le gnóthais a fheidhmíonn rialú nó aon cheart díreach nó indíreach thar OAML.*** Thairis sin, ba cheart am dúnta gheata an mhargaidh ionlae a shocrú níos gaire don aga seachadta chun ***uasmhéadú*** a dhéanamh ar na deiseanna atá ag rannpháirtithe sa mhargadh i ndáil le ganntanais agus barrachas leictreachais a thrádáil agus chun rannchuidiú le foinsí in-athnuaite inathraitheacha fuinnimh a chomhtháthú sa chóras leictreachais ar bhealach níos fearr, ***ar choinníoll nach mbeidh tionchair dhiúltacha ag an mbeart sin ar shlándáil an chórais leictreachais náisiúnta, ar chost-éifeachtúlacht, ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus go n-éascaítear comhtháthú an fhuinnimh in-athnuaite leis***.

(15) Ina theannta sin, leis na margaí leictreachais gearrthéarmacha, ba cheart a áirithiú gur féidir le soláthraithe seirbhíse solúbthachta ar mionscála a bheith rannpháirteach tríd an méid íosta tairisceana a ísliú.

(16) ***Is cuspóir de chuid an Aontais é***comhtháthú éifeachtúil an leictreachais arna ghiniúint ó fhoinsí fuinnimh inathnuaite athraitheacha ***a áirithiú*** agus an gá atá le giniúint leictreachais atá bunaithe ar bhreoslaí iontaise ***a laghdú, agus tá géarghá leis sin léirithe le linn na géarchéime seo***. ***Ag tógáil ar na ceachtanna a foghlaimíodh, ba cheart do ACER measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann*** d'oibreoirí córais táirge buaicscafa ***a fháil chun laghdú a dhéanamh ar an éileamh ar leictreachas agus ar an bpraghas le linn buaicuaireanta***. ***Sa mheasúnú, ba cheart go dtabharfaí aird ar an ngá nach ndéanfadh táirgí buaicscafa feidhmiú na margaí leictreachais a shaobhadh, ná seirbhísí freagartha don éileamh a atreorú i dtreo táirgí buaicscafa. Ba cheart forbairtí sonracha náisiúnta a chur san áireamh sa mheasúnú freisin agus féachaint an bhféadfaí na táirgí sin a sholáthar faoi ghnáthchúinsí agus le linn géarchéim praghsanna leictreachais. I bhfianaise an mheasúnaithe, ba cheart don Choimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a thíolacadh chun leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2019/943 chun táirgí buaicscafa a thabhairt isteach lasmuigh de ghéarchéimeanna praghsanna leictreachais.***

(17) Chun bheith in ann páirt ghníomhach a ghlacadh sna margaí leictreachais agus chun a solúbthacht a sholáthar, déantar tomhaltóirí a fheistiú de réir a chéile le córais

méadraithe chliste. I roinnt Ballstát, áfach, tá feidhmiú céimneach na gcóras méadraithe chliste fós mall ***agus mar sin tá sé ríthábhachtach go gcuirfidh na Ballstáit feabhas ar na coinníollacha maidir le córais méadraithe chliste a shuiteáil, agus é mar chuspóir acu cumhdach iomlán a bhaint amach a luaithe is féidir***. ***Mar sin féin, ba cheart an ceart a bheith ag tomhaltóirí feiste tiomnaithe tomhais a úsáid nó a iarraidh, ionas gur féidir leo dul i ngleic lena n-ualaí solúbtha mar fhreagairt don éileamh, gan beann ar bheith feistithe cheana féin le córas méadraithe chliste. Sa bhreis ar úsáid sonraí ó chórais méadraithe chliste, sna*** cásanna sin nach bhfuil córais méadraithe chliste suiteáilte go fóill agus i gcásanna nach dtugann na córais méadraithe chliste caoi don leibhéal leordhóthanach gráinneachta sonraí, ba cheart d'oibreoirí córas tarchurtha agus dáileacháin, ***ar thoiliú an chustaiméara,*** a bheith in ann úsáid a bhaint as sonraí ó ghairis ***tomhais*** thiomnaithe le haghaidh inbhreathnaitheacht agus socrú seirbhísí solúbthachta amhail freagairt don éileamh agus stóráil fuinnimh. Trí úsáid sonraí ó ghairis ***tomhais*** thiomnaithe a chumasú le haghaidh inbhreathnaitheachta agus socraithe, ba cheart rannpháirtíocht ghníomhach na dtomhaltóirí sa mhargadh a éascú agus a bhfreagairt don éileamh a fhorbairt. Ba cheart ceanglais cháilíochta a bhaineann leis na sonraí a bheith ag gabháil le húsáid sonraí ó na gairis ***tomhais*** thiomnaithe sin.

(18) Bunaítear leis an Rialachán seo bunús dlí chun sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir le hAirteagal 6(1)(c) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcomhlíontar gach prionsabal agus oibleagáid maidir le cosaint sonraí pearsanta a leagtar síos sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, lena n-áirítear maidir le híoslaghdú sonraí. I gcás inar féidir cuspóir na Treorach seo a bhaint amach gan sonraí pearsanta a phróiseáil, ba cheart do sholáthraithe brath ar shonraí anaithnidithe agus comhiomlánaithe.

(19) Teastaíonn réamh-mhargaí éifeachtacha agus éifeachtúla ó thomhaltóirí agus ó sholáthróirí chun a neamhchosaint fhadtéarmach ar phraghsanna a chumhdach agus chun an spleáchas ar phraghsanna gearrthéarmacha a laghdú. Chun a áirithiú gur féidir le custaiméirí fuinnimh ar fud an ***Aontais*** tairbhe iomlán a bhaint as na buntáistí a bhaineann le margaí leictreachais comhtháite agus iomaíocht ar fud an Aontais, ba cheart feabhas a chur ar fheidhmiú réamh-mhargadh leictreachais an Aontais trí

***mheasúnú agus cur chun feidhme a dhéanamh ar réitigh indéanta a d'fhéadfadh a bheith ann laistigh de thréimhse réasúnta laistigh den mhargadh atá ann faoi láthair, agus é mar aidhm acu*** ilroinnt an mhargaidh atá ann cheana agus an leachtacht íseal atá ann i roinnt mhaith criosanna tairisceana a shárú. ***D'fhéadfadh ceantanna nó aibíochtaí eile níos minice a bheith i gceist leis na feabhsuithe sin, mar shampla, agus bheadh gá le measúnú cuí ina leith. Ag an am céanna, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag bunú mol fíorúil réigiúnach don réamh-mhargadh ar fheidhmiú na margaí leictreachais, lena n-áirítear ar raon feidhme geografach na mol fíorúil mar réigiúin neamhfhisiciúla a chumhdaíonn níos mó ná crios tairisceana amháin agus ar an modheolaíocht chun praghsanna tagartha na mol fíorúil réigiúnach a ríomh.***

▌

(21) Chun feabhas a chur ar na féidearthachtaí atá ag rannpháirtithe sa mhargadh i dtaca le fálú a dhéanamh, ba cheart ról an aon ardáin amháin um leithdháileadh arna bhunú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1719 ón gCoimisiún a leathnú. Ba cheart don ardán amháin um leithdháileadh ***gníomhú mar eintiteas a thairgeann leithdháileadh agus a éascaíonn*** trádáil i gcearta tarchurtha fadtéarmacha airgeadais ***thar ceann na n-oibreoirí córais tarchurtha*** idir na criosanna tairisceana éagsúla agus***, i gcás inarb ábhartha,*** na moil fhíorúla réigiúnacha Na horduithe a chuirfidh rannpháirtithe sa mhargadh isteach le haghaidh cearta tarchurtha airgeadais, ***ba cheart*** iad a mheaitseáil le leithdháileadh comhuaineach acmhainneachta traschreasaí fadtéarmaí. Ba cheart an mheaitseáil agus an leithdháileadh sin a dhéanamh ***i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1719 ón gCoimisiún agus*** ar bhonn rialta ***agus níos minice***, chun leachtacht leordhóthanach a áirithiú agus, dá bhrí sin, chun féidearthachtaí fálaithe éifeachtúla a áirithiú le haghaidh rannpháirtithe sa mhargadh Ba cheart na cearta tarchurtha fadtéarmacha a eisiúint le haibíochtaí ***éagsúla*** (idir mí amháin chun tosaigh agus trí bliana chun tosaigh ar a laghad), chun iad a ailíniú le tréimhse thipiciúil fálaithe na rannpháirtithe sa mhargadh. Ba cheart an t-aon ardán amháin um leithdháileadh a bheith faoi réir faireacháin agus forfheidhmithe chun a áirithiú go ndéanfaidh sé a chúraimí mar is ceart.

(22) Le taraifí gréasáin, ba cheart oibreoirí córas tarchurtha agus dáileacháin a dhreasú chun seirbhísí solúbthachta a úsáid trí réitigh nuálacha a fhorbairt a thuilleadh chun an eangach atá ann cheana a bharrfheabhsú agus chun seirbhísí solúbthachta a sholáthar, go háirithe freagairt don éileamh nó stóráil. Chun na críche sin, ba cheart taraifí gréasáin a cheapadh ionas go gcuirfear san áireamh caiteachas oibríochtúil agus caiteachas caipitiúil na n-oibreoirí córas nó meascán éifeachtúil den dá rud ionas gur féidir leo an córas leictreachais a oibriú go costéifeachtach. Leis sin, rannchuideofaí a thuilleadh le foinsí in-athnuaite fuinnimh a chomhtháthú ar an gcostas is lú le haghaidh an chórais leictreachais agus chuirfí ar a gcumas do chustaiméirí deiridh a réitigh sholúbthachta a luacháil.

***(22a) Éilíonn an t-aistriú fuinnimh dlús tapa a chur le himscaradh foinsí in-athnuaite fuinnimh, ar tír mór agus amach ón gcósta, agus éileamh leictrithe lena gcuirtear cúpláil earnála chun cinn. Tá dúshláin shuntasacha ann do na heangacha mar gheall ar mhéadú pras suiteálacha den sórt sin agus na castachtaí bunúsacha a bhaineann le córas leictreachais a bhainistiú le hacmhainní athraitheacha agus dáilte. Go ginearálta, ionchorprófar san eangach tharchuir méideanna móra d'acmhainneachtaí in-athnuaite ar tír mhór agus amach ón gcósta agus tarchuirfidh sí an leictreachas chuig limistéir éilimh, déanfaidh sí na Ballstáit a idirnascadh tuilleadh agus cumasófar sreafaí ó fhoinsí in-athnuaite dáilte chuig limistéir eile éilimh. Ionchorpróidh an eangach dáileacháin an chuid is mó d'acmhainneachtaí nua in-athnuaite ar tír mhór agus éileamh leictrithe agus cliste teaghlaigh. Beidh ról lárnach ag na húdaráis rialála chun a áirithiú go gcuirfear infheistíocht leordhóthanach ar fáil d'fhorbairt, leathnú agus atreisiú riachtanach na heangaí. Ba cheart do na húdaráis rialála úsáid réamhinfheistíochtaí a chur chun cinn, lena spreagtar dlús a chur le forbairt na heangaí chun úsáid luathaithe na giniúna in-athnuaite agus an éilimh leictrithe chliste a chomhlíonadh, amhail feithiclí leictreacha, bonneagar luchtaithe agus teaschaidéil, i gcás inarb infheidhme, agus aird chúramach á tabhairt ar riachtanais an ghréasáin leictreachais a léirítear i bpleananna forbartha náisiúnta nó áitiúla le haghaidh earnálacha an fhuinnimh, an iompair leictrigh agus an téimh. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh go háirithe i gcás réimsí luathaithe foinsí in-athnuaite fuinnimh ainmnithe ina mbeidh ról lárnach ag infheistíochtaí oirchilleacha chun a áirithiú***

***go mbeidh na heangacha ina gcumasóirí seachas ina scrogaill. Ba cheart taraifí gréasáin a cheapadh chun na dreasachtaí cearta a sholáthar d'oibreoirí córais trí aitheantas tráthúil infheistíochtaí traidisiúnta i líonraí fisiceacha agus torthaí leormhaithe a chomhcheangal le léiriú solúbtha ar an gcostas oibríochtúil. Ba cheart deireadh a chur le haon chonstaic sa rialáil náisiúnta ar na hinfheistíochtaí riachtanacha agus éifeachtúla.***

(23) I gcás foinsí in-athnuaite fuinnimh amach ón gcósta, amhail fuinneamh gaoithe amach ón gcósta, fuinneamh aigéin agus fuinneamh fótavoltach ar snámh, beidh ról lárnach acu i dtaca le tógáil córais cumhachta a bheidh bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite fuinneamh den chuid is mó, agus i dtaca leis an aeráidneodracht a áirithiú faoi 2050. Mar sin féin, tá bacainní substaintiúla ann maidir leis na foinsí sin a leathadh amach ar bhonn níos leithne agus éifeachtúil, rud a chuireann cosc ar an uas-scálú ollmhór is gá chun na cuspóirí sin a bhaint amach. D'fhéadfadh bacainní comhchosúla teacht chun cinn i gcás teicneolaíochtaí le haghaidh úsáide amach ón gcósta eile amach anseo. ▌Chun riosca infheistíochta a laghdú d'fhorbróirí tionscadail amach ón gcósta***, féadfar ionstraimí amhail comhaontuithe ceannaigh cumhachta nó conarthaí dhá threo le haghaidh difríochtaí a eisiúint.*** Chun a áirithiú go mbeidh rochtain iomlán ar an margadh ag na tionscadail i gcrios tairisceana amach ón gcósta ar na margaí máguaird, ba cheart d'oibreoirí córas tarchurtha, i dtaca leis an tionscadal amach ón gcósta, rochtain ar acmhainneacht an idirnascaire hibridigh faoi seach a ráthú le haghaidh gach aonaid ama margaidh. Más rud é, maidir leis na hacmhainneachtaí tarchurtha atá ar fáil, ***arna gcomhaontú sa chomhaontú nasctha nó i ngné líonra chriticiúil***, go laghadaítear iad sa mhéid nach féidir méid iomlán na giniúna leictreachais a thabhairt chun an mhargaidh, ar méid é a bheadh an tionscadal amach ón gcósta in ann a onnmhairiú murach sin, ***agus faoi réir cinneadh comhordaithe ó na Ballstáit lena mbaineann,*** ba cheart é a chur ar a gcumas don oibreoir córas tarchurtha nó do na hoibreoirí atá freagrach as an ngá le teorainn a chur leis an acmhainneacht, amach anseo, chun cúiteamh ***páirteach*** a thabhairt don oibreoir tionscadail eischósta ***trí*** úsáid a bhaint as ***an*** ró-ioncam ó phlódú ***a thuilltear ar an idirnascaire mar gheall ar an srianadh acmhainneachta***. Níor cheart baint a bheith ag an gcúiteamh sin ach leis an acmhainneacht táirgthe atá ar fáil don mhargadh, rud a d'fhéadfadh a bheith spleách ar an aimsir agus lena n-eisiatar oibríochtaí éartha agus cothabhála an tionscadail amach

ón gcósta. ***Ní féidir a mheas go gcumhdaítear leis an gcúiteamh sin na rioscaí uile a mbeidh ar an ngineadóir amach ón gcósta aghaidh a thabhairt orthu, ach iad siúd amháin a bhaineann le cás uathúil topagrafach na dtionscadal hibrideach amach ón gcósta atá nasctha le níos mó ná margadh amháin.*** Ba cheart na mionsonraí, lena n-áirítear na coinníollacha faoina bhféadfaidh an beart dul in éag, ***chomh maith le modheolaíocht chun cúiteamh den sórt sin a ríomh,*** a shainiú i ***ngníomh*** cur chun feidhme.

(24) Sa mhargadh mórdhíola lá roimh ré, leithdháiltear leictreachas ó na gléasraí cumhachta ag a bhfuil costais imeallacha níos ísle ar dtús ach socraítear an praghas a fhaigheann gach rannpháirtí sa mhargadh leis an ngléasra deireanach is gá chun an t-éileamh a chumhdach, arb é atá ann an gléasra ag a bhfuil na costais imeallacha is airde, nuair a dhéantar na margaí a imréiteach. Sa chomhthéacs sin, léirigh an ghéarchéim fuinnimh gur féidir leis an méadú ar phraghas an gháis agus an ghuail chrua a bheith ina gcúis le méaduithe eisceachtúla marthanacha ar na praghsanna ag a ndéanann na saoráidí giniúna gáis agus gualbhreoslaithe tairiscint sa mhargadh mórdhíola lá roimh ré. Dá thoradh sin, tá praghsanna thar a bheith ard sa mhargadh lá roimh ré ar fud an Aontais, ós rud é gur minic gurb iad na saoráidí giniúna gáis agus gualbhreoslaithe na gléasraí sin a bhfuil na costais imeallacha is airde acu is gá chun freastal ar an éileamh ar leictreachas.

(25) I bhfianaise ról an phraghais sa mhargadh lá roimh ré mar thagairt don phraghas i margaí mórdhíola eile leictreachais, agus ós rud é go bhfaigheann gach rannpháirtí sa mhargadh an praghas imréitigh, tá ioncam ard taifeadta go comhsheasmhach ag na teicneolaíochtaí a bhfuil costais imeallacha i bhfad níos ísle acu.

***(25a) Ba cheart go gcosnódh an t-athchóiriú ar dhearadh an mhargaidh leictreachais gach tomhaltóir, gach teaghlach, gach fiontar beag agus meánmhéide agus gach tionscal ar thurraingí ardphraghasanna. Dá bhrí sin, ar bhonn na gceachtanna a foghlaimíodh, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh freisin ar roghanna maidir le sásra sealadach comhla faoisimh a thabhairt isteach i bhfianaise na taithí a fuarthas leis na sásraí sin ar an leibhéal idirnáisiúnta agus i bhfianaise an athraithe agus na bhforbairtí nua i margadh leictreachais an Aontais.***

(26) Chun spriocanna dícharbónaithe an Aontais a bhaint amach agus chun go mbeidh na cuspóirí a leagtar amach in REPowerEU níos neamhspleáiche ar fhuinneamh, ní mór don Aontas dlús a chur le leathadh amach na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh ar luas i bhfad níos tapúla. I bhfianaise na riachtanas infheistíochta is gá chun na spriocanna sin a bhaint amach, ba cheart don mhargadh a áirithiú go mbunófar comhartha praghais fadtéarmach.

(27) Sa chreat sin, ba cheart do na Ballstáit a ndícheall a dhéanamh chun na dálaí cearta margaidh a chruthú le haghaidh ionstraimí margadhbhunaithe fadtéarmacha, amhail comhaontuithe ceannaigh cumhachta ('PPAnna'). Is comhaontuithe ceannaigh déthaobhacha idir táirgeoirí agus ceannaitheoirí leictreachais iad PPAnna. Soláthraíonn siad cobhsaíocht fhadtéarmach praghsanna don chustaiméir agus an chinnteacht is gá don táirgeoir chun an cinneadh infheistíochta a dhéanamh. Mar sin féin, níl margaí gníomhacha PPA ach ag dornán Ballstát agus is iondúil go mbíonn ceannaitheoirí teoranta do chuideachtaí móra, go háirithe toisc go mbíonn bacainní roimh PPAnna, go háirithe an deacracht a bhaineann leis an riosca mainneachtana íocaíochta ón gceannaitheoir a chumhdach sna comhaontuithe fadtéarmacha sin. Ba cheart do na Ballstáit an gá go gcruthófaí margadh dinimiciúil PPA a chur san áireamh agus na beartais á socrú acu chun na cuspóirí dícharbónaithe fuinnimh a leagtar amach ina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide a bhaint amach. ***Bhainfeadh dothuarthacht rialála, éagobhsaíocht agus cúlghabhálacht an bonn ó chumas PPAnna rannchuidiú leis an aistriú chuig fuinneamh glan agus neamhspleáchas fuinnimh.***

(28) De réir Airteagal 15(8) de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, tá na Ballstáit le measúnú a dhéanamh ar na bacainní rialála agus riaracháin atá roimh PPAnna 'inathnuaiteáin fadtéarmacha', agus bainfidh siad bacainní gan údar leis na comhaontuithe sin agus cuirfidh siad chun cinn glacadh na gcomhaontuithe sin. Ina theannta sin, tá na Ballstáit le tuairisc a thabhairt ina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar bheartais agus ar bhearta lena n-éascaítear glacadh PPAnna 'inathnuaiteáin'. Gan dochar don oibleagáid sin maidir le tuairisciú a dhéanamh ar an gcomhthéacs rialála lena ndéantar difear do mhargadh PPA, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain ag cuideachtaí a

bhfuil bacainní iontrála orthu ar mhargadh PPA agus nach bhfuil deacrachtaí airgeadais acu i gcomhréir le hAirteagail 107 agus 108 CFAE ar ionstraimí chun laghdú a dhéanamh ar na rioscaí airgeadais a bhaineann le mainneachtain ceannaitheora a oibleagáidí íocaíochta fadtéarmacha faoi chuimsiú PPAnna. D'fhéadfadh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh scéim ráthaíochta a bhunú ar phraghsanna margaidh. ***Féadfaidh na Ballstáit ionstraimí den sórt sin a chur ar bun chun táirgí fálaithe a dhéanamh inrochtana ar an réamh-mhargadh le haghaidh custaiméirí a bhfuil bacainní iontrála rompu ar an margadh tosaigh.*** Ba cheart do na Ballstáit forálacha a chur san áireamh ionas nach n-ísleofar an leachtacht sna margaí leictreachais, amhail trí PPAnna airgeadais a úsáid. Níor cheart do na Ballstáit tacaíocht a thabhairt do PPAnna a cheannaíonn giniúint ó bhreoslaí iontaise. Cé gur cheart an cur chuige réamhshocraithe a bheith neamh-idirdhealaitheach idir tomhaltóirí, d'fhéadfadh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh na hionstraimí sin a dhíriú ar chatagóirí sonracha tomhaltóirí, agus critéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha á gcur i bhfeidhm acu. ***I gcás ina gcinnfidh Ballstát, áfach, go bhfuil margaí forbartha go leor le haghaidh PPAnna chun iomaíocht éifeachtach a cheadú, níor cheart do scéimeanna ráthaíochta poiblí tacú ach le ceannach giniúna nua in-athnuaite.*** Sa chreat sin, ***agus i bhfianaise sprioc mhéadaithe an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite agus an gá práinneach atá ann dlús suntasach a chur leis an luas atá ann faoi láthair maidir le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh,*** ba cheart do na Ballstáit an ról a d'fhéadfadh a bheith ag ionstraimí arna soláthar ar leibhéal an Aontais a chur san áireamh, mar shampla ag an mBanc Eorpach Infheistíochta ('BEI') ***nó ag saoráidí eile ar leibhéal an Aontais. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún bearta breise a dhéanamh chun an sprioc maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh a bhaint amach, lena bhféadfaí ionstraimí ar leibhéal an Aontais a áireamh, amhail ceantanna ar fud na hEorpa, go háirithe ráthaíochtaí breise le tacaíocht ón Aontas le haghaidh PPAnna agus conarthaí le haghaidh difríochtaí, chun tacú le himscaradh acmhainneachtaí breise fuinnimh inathnuaite arb ionann iad agus 2.5 % ar a laghad chun sprioc an Aontais de 45 % a bhaint amach***.

(29) Tá roinnt ionstraimí ar fáil do na Ballstáit chun tacú le forbairt mhargaí PPA agus tacaíocht phoiblí á ceapadh agus á leithdháileadh acu. Dá gceadófaí d'fhorbróirí

tionscadail fuinnimh in-athnuaite atá rannpháirteach i dtairiscint tacaíochta poiblí sciar den ghiniúint a choinneáil lena dhíol trí PPA, rannchuideofaí le margaí PPA a chothú agus a fhás. Ina theannta sin, mar chuid den mheastóireacht sin ar thairiscintí, ba cheart do na Ballstáit féachaint le critéir a chur i bhfeidhm chun rochtain ar mhargadh PPA a dhreasú do ghníomhaithe a bhfuil bacainní iontrála rompu, amhail fiontair bheaga agus mheánmhéide ('FBManna'). ***Chun*** rochtain ***ar PPAnna agus an glacadh leo a éascú, ba cheart forbairt a dhéanamh ar chonarthaí caighdeánaithe deonacha atá ceaptha chun nósanna imeachta a shimpliú agus próifíl riosca custaiméirí custaiméirí de mhéideanna éagsúla a mheaitseáil***.

***(29a)*** ***Chun eolas níos fearr a fháil ar fhorbairt margaidh atá ag dul i méid, amhail margadh PPA, tá gá le huirlisí nua. Dá bhrí sin, ba cheart bunachar sonraí ar leibhéal an Aontais a bhunú chun bailiú na faisnéise ábhartha maidir leis na PPAnna arna dtabhairt i gcrích san Aontas a éascú. Ba cheart go bhfeidhmeodh an bunachar sonraí sin mar ardán digiteach agus ba cheart é a úsáid chun faireachán ACER agus na n-údarás rialála ar fhaisnéis ábhartha maidir le PPAnna arna síniú san Aontas a éascú. Níor cheart rannpháirtithe sa mhargadh a thuairiscigh taifid ar PPAnna a bheith faoi réir oibleagáidí tuairiscithe dúbailte a bhaineann leis na conarthaí sin.***

(30) I gcás ina gcinneann na Ballstáit tacaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí nua a mhaoinítear go poiblí ('scéimeanna tacaíochta praghais dhírigh') i nginiúint leictreachais breosla neamh-iontaise ísealcharbóin chun cuspóirí dícharbónaithe an Aontais a bhaint amach, ba cheart na scéimeanna sin a struchtúrú trí bhíthin conarthaí dhá threo le haghaidh difríochta ***nó scéimeanna coibhéiseacha a bhaineann na spriocanna céanna amach*** chun, le cois na ráthaíochta ioncaim, teorainn aníos ioncaim mhargaidh na sócmhainní giniúna lena mbaineann a chur san áireamh. ***Ba cheart na scéimeanna sin a leithdháileadh trí nós imeachta deonach, iomaíoch, oscailte, trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus costéifeachtach, i gcomhréir leis na rialacha maidir le Státchabhair, lena gcoiscfear saobhadh míchuí ar fheidhmiú éifeachtúil na margaí leictreachais.*** Ar na hinfheistíochtaí nua chun leictreachas a ghiniúint, ba cheart go n-áireofaí infheistíochtaí i saoráidí nua giniúna cumhachta, infheistíochtaí ***arb é is aidhm dóibh*** saoráidí giniúna cumhachta atá ann

cheana ***a athchumhachtú***, ***nó*** saoráidí giniúna cumhachta atá ann cheana a leathnú ***más suntasach an méadú ar an acmhainneacht giniúna cumhachta. I gcás infheistíochtaí arb é is aidhm dóibh na saoráidí giniúna cumhachta atá ann cheana a leathnú, áfach, ba cheart conradh dhá threo le haghaidh difríochtaí a theorannú go docht don sciar den acmhainneacht giniúna cumhachta iomlán a léiríonn costais na hinfheistíochta nua i ndáil le costais iomlána infheistíochta na saoráide giniúna cumhachta***.

(31) Leis na conarthaí dhá threo sin le haghaidh difríochta, i gcás ioncaim táirgeoirí a eascraíonn as infheistíochtaí nua i nginiúint leictreachais a thairbhíonn de thacaíocht phoiblí, d'áiritheofaí go mbeadh siad níos neamhspleáiche ó phraghsanna luaineacha na giniúna atá bunaithe ar bhreoslaí iontaise, lena socraítear an praghas sa mhargadh lá roimh ré de ghnáth.

(32) Mar sin féin, i dtaca leis an teorainn chun scéimeanna tacaíochta praghais dhírigh a leagan amach i bhfoirm conarthaí dhá threo le haghaidh difríochta, sa mhéid go gcúngaítear léi cineálacha na scéimeanna tacaíochta praghais dhírigh is féidir leis na Ballstáit a ghlacadh a mhéid a bhaineann le foinsí in-athnuaite fuinnimh, ba cheart í a bheith teoranta do theicneolaíochtaí breosla neamh-iontaise ísealcharbóin, lena ngabhann costais oibriúcháin atá íseal agus cobhsaí, agus do theicneolaíochtaí nach soláthraíonn solúbthacht don chóras leictreachais de ghnáth, agus san am céanna gan teicneolaíochtaí atá ag céimeanna luatha dá leathadh amach ar an margadh a chur san áireamh. Is gá sin chun a áirithiú nach gcuirfear i mbaol inmharthanacht eacnamaíoch na dteicneolaíochtaí giniúna a bhfuil costais imeallacha arda ag gabháil leo agus chun dreasachtaí na dteicneolaíochtaí a choinneáil ar bun, rud a d'fhéadfadh solúbthacht a thairiscint don chóras leictreachais chun tairiscint a dhéanamh sa mhargadh leictreachais bunaithe ar na deischostais a bhaineann leo. Ina theannta sin, maidir leis an teorainn ar scéimeanna tacaíochta praghais dhírigh a leagan amach i bhfoirm conarthaí difríochta dhá threo ***nó scéimeanna coibhéiseacha lena mbaintear amach na spriocanna céanna***, níor cheart feidhm a bheith aici maidir le ***leictreachas ó na foinsí inathnuaite a liostaítear in Airteagal 19b(2) de Rialachán (AE) 2019/943 ag a bhfuil níos mó ná 1 MW d'acmhainneacht shuiteáilte, agus níos mó ná 6 MW i gcás inar pobal fuinnimh saoránach nó pobal fuinnimh in-athnuaite é an tionscadal***

***agus maidir le*** teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a bhféadfadh cineálacha eile scéimeanna tacaíochta praghais dhírigh a bheith níos fearr ina leith chun a nglacadh a dhreasú. Ba cheart an teorainn a bheith gan dochar don díolúine a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh suiteálacha ar mionscála agus tionscadail taispeána de bhun Airteagal 4(3) de (AE) 2018/2001 ▌ agus ba cheart, leis an teorainn, sainiúlachtaí na gcomhphobal fuinnimh in-athnuaite a mheas i gcomhréir le hAirteagal 22(7) den Treoir sin.

(33) I bhfianaise an ghá atá ann cinnteacht rialála a sholáthar do tháirgeoirí, níor cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid atá ar na Ballstáit scéimeanna tacaíochta praghais dhírigh a chur i bhfeidhm chun leictreachas a tháirgeadh i bhfoirm conarthaí dhá threo le haghaidh difríochta ach amháin maidir le hinfheistíochtaí nua chun leictreachas a ghiniúint ó na foinsí a shonraítear san aithris thuas ***agus i gcás ina dtabharfar na conarthaí sin i gcrích tar éis ... [bliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo]***.

(34) A bhuí le teorainn aníos ó ioncaim an mhargaidh, ba cheart do scéimeanna tacaíochta praghais dhírigh, i bhfoirm conarthaí dhá threo le haghaidh difríochta, foinse bhreise ioncam a sholáthar do na Ballstáit i dtréimhsí praghsanna arda fuinnimh. Chun maolú breise a dhéanamh ar an tionchar atá ag praghsanna arda leictreachais ar bhillí fuinnimh na dtomhaltóirí, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar na hioncaim a bhailítear ó tháirgeoirí atá faoi réir scéimeanna tacaíochta praghais dhírigh i bhfoirm conarthaí dhá threo le haghaidh difríochta a chur ar aghaidh chuig na custaiméirí deiridh leictreachais, lena n-áirítear teaghlaigh, FBManna agus tomhaltóirí tionsclaíocha ***agus béim ar leith á leagan ar chustaiméirí leochaileacha agus ar chustaiméirí a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh nó atá i mbaol na bochtaineacht fuinnimh***. ***D'fhéadfadh na Ballstáit an t-ioncam a thiomnú freisin chun costas na scéimeanna tacaíochta a chúiteamh, chun tacú le hinfheistíochtaí le haghaidh aistriú fuinnimh na hearnála leictreachais nó chun tionscail dianfhuinnimh atá i mbaol sceitheadh carbóin a chumhdach má léiríonn siad laghduithe suntasacha ar astaíochtaí trína n-iarrachtaí dícharbónúcháin chun aeráidneodracht a bhaint amach. I gcás den sórt sin, ba cheart a iarraidh ar na tionscail dianfhuinnimh sin plean claochlaithe a chur san áireamh ina leagfar***

***amach príomhghnéithe ar a gconair mura bhfuil ceann i bhfeidhm acu cheana féin. Ba cheart an t-ioncam a dháileadh i gcomhréir le modheolaíocht chothrom, thrédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach.*** Ba cheart athdháileadh na n-ioncam a dhéanamh ar bhealach lena n-áirithítear go bhfuil tomhaltóirí fós neamhchosanta ar an gcomhartha praghais go méid áirithe, ionas go laghdóidh siad a dtomhaltas nuair a bhíonn na praghsanna ard, nó go n-aistreoidh siad é go tréimhsí praghsanna níos ísle (ar tréimhsí iad de ghnáth ina bhfuil sciar níos airde de tháirgeadh foinsí in-athnuaite fuinnimh). Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach ndéanfar difear don chothroime iomaíochta ná don iomaíocht idir na soláthróirí éagsúla le hathdháileadh na n-ioncam ar na tomhaltóirí deiridh leictreachais.

(35) Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach ndéanfar dochar leis na scéimeanna tacaíochta praghais dhírigh, gan beann ar a bhfoirm, d'fheidhmiú éifeachtúil, iomaíoch agus leachtach na margaí leictreachais, ***lena gcoinnítear*** dreasachtaí na dtáirgeoirí freagairt do chomharthaí margaidh, lena n-áirítear deireadh a chur le giniúint nuair a bhíonn praghsanna leictreachais faoi bhun a gcostas oibriúcháin, agus dreasachtaí na gcustaiméirí deiridh chun tomhaltas a laghdú nuair a bhíonn praghsanna leictreachais ard. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach mbeidh scéimeanna tacaíochta ina mbacainn ar fhorbairt conarthaí tráchtála amhail PPAnna. ***Ba cheart na conarthaí difríochta dhá threo critéir suímh a chur san áireamh freisin ina ndearadh; ba cheart iad a dhearadh sa chaoi nach ndéanfar an tacaíocht a dheonaítear do na tionscadail fuinnimh a athbhreithniú ar bhealach a mbeidh drochthionchar aige ar na cearta a thugtar faoi ná a bhainfidh an bonn ó inmharthanacht eacnamaíoch tionscadal a bhaineann tairbhe as tacaíocht cheana féin; trédhearcacht sna dálaí a áirithiú agus na dreasachtaí a choinneáil don tsaoráid ghiniúna oibriú agus páirt éifeachtúil a ghlacadh sna margaí leictreachais; níor cheart go bhfaighidís tacaíocht le haghaidh táirgeachta in aon tréimhse ina bhfuil margadhluach na táirgeachta sin diúltach. ba cheart an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith acu ar leachtacht na réamh-mhargaí a íoslaghdú, agus ba cheart clásail phionóis is infheidhme i gcás fhoirceannadh luath an chonartha a chur san áireamh, agus na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 4(2) agus 4(3), an chéad fhomhír agus an tríú fomhír, de Threoir (AE) 2018/2001 á gcomhlíonadh.***

(36) Dá bhrí sin, tá róil chomhlántacha ag conarthaí dhá threo le haghaidh difríochta agus ag comhaontuithe ceannaigh cumhachta maidir leis an aistriú fuinnimh a chur chun cinn agus maidir lena áirithiú go mbaineann tomhaltóirí tairbhe as foinsí in-athnuaite fuinnimh agus fuinneamh ísealcharbóin. Faoi réir na gceanglas a leagtar amach sa Rialachán seo, ba cheart go mbeadh sé de shaoirse ag na Ballstáit a chinneadh cé na hionstraimí a úsáideann siad chun a gcuspóirí dícharbónaithe a bhaint amach. Trí PPAnna, rannchuidíonn infheisteoirí príobháideacha le leathadh amach breise an fhuinnimh in-athnuaite agus ísealcharbóin agus fós praghsanna leictreachais ísle agus cobhsaí á ghlasáil san fhadtéarma. Ar an gcaoi chéanna, trí chonarthaí dhá threo le haghaidh difríochta, baineann eintitis phoiblí an cuspóir céanna amach thar ceann tomhaltóirí. Tá an dá ionstraim riachtanach chun spriocanna dícharbónaithe an Aontais a bhaint amach trí leathadh amach an fhuinnimh in-athnuaite agus ísealcharbóin, agus fós tairbhí na giniúna leictreachais ísealchostais do thomhaltóirí a thabhairt chun cinn.

(37) Fágann leathadh amach luathaithe na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh gur gá réitigh sholúbthachta a bheith ar fáil mó sa mhó chun a áirithiú go ndéanfar iad a chomhtháthú san eangach agus chun go mbeidh an córas leictreachais agus an eangach in ann oiriúnú d’inathraitheacht na giniúna leictreachais agus an tomhaltais leictreachais thar thréimhsí ama éagsúla. Ba cheart do na húdaráis rialála measúnú tréimhsiúil a dhéanamh ar an ngá a bheidh le solúbthacht ***ar an leibhéal naisiúnta, lena n-áirítear riachtanais solúbthachta***, i gcóras leictreachais glan-nialasach a bheidh ann amach anseo bunaithe ar ionchur na n-oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin***, tar éis dóibh comhairliúchán poiblí a dhéanamh***. ***Ba cheart do ACER measúnú tréimhsiúil a dhéanamh ar riachtanais solúbthachta ar leibhéal an Aontais agus tuarascáil a tharraingt suas ar na riachtanais sin.*** Sa mheasúnú ar riachtanais solúbthachta an chórais leictreachais, ba cheart aird a thabhairt ar na hinfheistíochtaí uile atá ann cheana agus na hinfheistíochtaí uile atá beartaithe (lena n-áirítear sócmhainní atá ann cheana nach bhfuil nasctha fós leis an eangach) maidir le foinsí solúbthachta amhail giniúint sholúbtha leictreachais, idirnascairí, freagairt ▌ don éileamh, stóráil fuinnimh nó táirgeadh breoslaí in-athnuaite, ós rud é gur gá an córas fuinnimh a dhícharbónú. Ar an mbonn sin, ba cheart do na Ballstáit ***cuspóirí*** inchainníochtaithe náisiúnta ***táscacha ar leith*** a shainiú don fhreagairt ▌ don ▌ éileamh agus don stóráil ***fuinnimh*** ar cheart iad a léiriú freisin ina bpleananna comhtháite

náisiúnta fuinnimh agus aeráide. ***I bhfianaise na bpleananna sin, ba cheart go ndéanfadh an Coimisiún measúnú ar an gcomhsheasmhacht idir spriocanna náisiúnta na mBallstát agus go dtarraingeodh sé suas straitéis de chuid an Aontais maidir leis an bhfreagairt don éileamh agus maidir leis an stóráil fuinnimh a bheadh comhsheasmhach le spriocanna an Aontais i leith an fhuinnimh agus i leith na haeráide don bhliain 20230.***

***(37a) Ní bhainfidh an úsáid is mó is gá de ghiniúint fuinnimh in-athnuaite inathraithigh barr a cumais amach ach amháin trí stóráil fuinnimh bhreise a úsáid. Beidh níos mó solúbthachta, cobhsaíochta agus iontaofachta de dhíth ar an gcóras fuinnimh a bheidh ann amach anseo chun cuspóirí Rialachán (AE) 2021/1119 agus cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach. Is féidir ról ríthábhachtach a bheith ag an stóráil fuinnimh sa chóras fuinnimh atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. Féadann sé cabhrú chun an geilleagar a dhícharbónú agus éifeachtúlacht agus slándáil an tsoláthair fuinnimh a mhéadú trí sholúbthacht, cobhsaíocht agus iontaofacht a sholáthar. Is féidir an stóráil fuinnimh freisin praghsanna leictreachais a ísliú le linn buaic-amanna, luaineachtaí praghsanna leictreachais a laghdú agus tomhaltóirí a chumhachtú chun a dtomhaltas fuinnimh a chur in oiriúint do phraghsanna agus dá riachtanais.***

(38) Chun an cuspóir náisiúnta maidir le solúbthacht neamh-iontaise, amhail freagairt ▌ don éileamh agus riachtanais infheistíochta stórála ***fuinnimh***, a bhaint amach, is féidir leis na Ballstáit sásraí acmhainneachta a cheapadh nó a athcheapadh chun sásra acmhainneachta glas agus solúbtha a chruthú. Na Ballstáit a chuireann sásra acmhainneachta i bhfeidhm i gcomhréir leis na rialacha atá ann cheana, ba cheart dóibh ***breithniú a dhéanamh i dtaobh*** rannpháirtíocht na solúbthachta neamh-iontaise, amhail freagairt ▌ don éileamh agus stóráil ***fuinnimh***, a chur chun cinn trí chritéir nó gnéithe breise a thabhairt isteach sa cheapadh.

(39) Chun tacú le cuspóirí maidir le cosaint an chomhshaoil, ba cheart an teorainn astaíochtaí $CO_2$, a leagtar amach in Airteagal 22(4) de Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mheas mar uasteorainn. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh na Ballstáit caighdeáin feidhmíochta teicniúla agus teorainneacha astaíochtaí $CO_2$ a leagan síos lena gcuirtear srian ar rannpháirtíocht i sásraí

acmhainneachta chuig teicneolaíochtaí solúbtha saor ó iontaise i gcomhréir iomlán leis na Treoirlínte maidir le Státchabhair le haghaidh na haeráide, chosaint an chomhshaoil agus an fhuinnimh[11] lena spreagtar na Ballstáit le critéir ghlasa a thabhairt isteach i sásraí acmhainneachta.

(40) Sa bhreis air sin, i gcás nach gcuireann na Ballstáit sásra acmhainneachta i bhfeidhm nó i gcás nach leor na critéir ná na gnéithe breise i gceapadh a sásra acmhainneachta chun an cuspóir náisiúnta maidir leis an bhfreagairt don éileamh agus maidir le riachtanais infheistíochta stórála ***fuinnimh*** a bhaint amach, d'fhéadfaidís scéimeanna tacaíochta solúbthachta a chur i bhfeidhm, scéimeanna arb é atá iontu íocaíochtaí as an acmhainneacht solúbthachta neamh-iontaise, amhail freagairt ▌ don éileamh agus stóráil ***fuinnimh***, atá ar fáil.

***(40a) Léirigh an ghéarchéim fuinnimh go bhfuil gá le giniúint chúltaca sholúbtha, gá atá níos géire agus sciar méadaitheach d'fhoinsí in-athnuaite fuinnimh ann sa mheascán leictreachais nó i gcás leibhéal na n-idirnasc i mBallstát gan a bheith forbartha a dhóthain. Dá bhrí sin, chun comhtháthú sciar méadaitheach na giniúna in-athnuaite sa chóras leictreachais a éascú, níor cheart sásraí acmhainneachta a mheas mar rogha dheiridh i gcás ina gcinnfear é sin tar éis measúnú a dhéanamh ar leormhaitheas na n-acmhainní.***

(41) Is minic a bhíonn moill ar nascadh suiteálacha nua giniúna agus éilimh, go háirithe gléasraí fuinnimh in-athnuaite, i nósanna imeachta maidir le nascadh le heangacha. Ar cheann de na cúiseanna leis na moilleanna sin, tá an easpa acmhainneachta eangaí atá ar fáil ag an suíomh a roghnaíonn an t-infheisteoir, rud a thugann le tuiscint go bhfuil gá le síntí nó treisithe eangaí chun na suiteálacha a nascadh leis an gcóras ar bhealach sábháilte. Le ceanglas nua ar oibreoirí córas leictreachais, ar an leibhéal tarchurtha agus ar an leibhéal dáileacháin araon, faisnéis maidir le hacmhainneacht na heangaí atá ar fáil ina limistéir oibriúcháin a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta, rannchuideofaí le cinnteoireacht na n-infheisteoirí ar bhonn na faisnéise maidir le hacmhainneacht na heangaí a bheith ar fáil laistigh den chóras agus, dá bhrí sin, leis an luathú is gá maidir le leathadh amach an fhuinnimh in-athnuaite.

---

[11] Teachtaireacht ón gCoimisiún – Treoirlínte maidir le Státchabhair le haghaidh na haeráide, chosaint an chomhshaoil agus an fhuinnimh, 2022 (IO C 80, 18.2.2022, lch. 1).

(42) Thairis sin, chun dul i ngleic le fadhb na n-agaí fada freagra ar le iarrataí ar nascadh leis an eangach, ba cheart d'oibreoirí córas tarchurtha agus dáileacháin faisnéis shoiléir thrédhearcach a chur ar fáil d'úsáideoirí córas maidir le stádas agus láimhseáil a n-iarrataí ar nascadh. Ba cheart d'oibreoirí córas tarchurtha agus dáileacháin féachaint leis an bhfaisnéis sin a sholáthar laistigh de thréimhse trí mhí ón iarraidh a chur isteach. ***Ba cheart d'oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin comhoibriú le chéile chun faisnéis shoiléir agus thrédhearcach a sholáthar maidir le leibhéal na hacmhainneachta féintomhaltais arna suiteáil.***

(43) Le linn na géarchéime fuinnimh, bhí tomhaltóirí neamhchosanta ar phraghsanna mórdhíola fuinnimh a bhí an-luaineach agus ní raibh ach deiseanna teoranta acu páirt a ghlacadh sa mhargadh fuinnimh. Dá réir sin, bhí deacrachtaí ***airgeadais*** ag roinnt mhaith teaghlach ***agus ní raibh siad in ann a mbillí a íoc***. Is measa an scéal seo i gcás na dtomhaltóirí leochaileacha agus na ndaoine atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh[12], ach tá teaghlaigh mheánioncaim neamhchosanta ar na deacrachtaí ***airgeadais*** sin freisin. ***Bíonn tionchar diúltach freisin ag praghsanna arda fuinnimh ar shláinte, dea-bhail, cuimsiú sóisialta agus cáilíocht saoil tomhaltóirí. Nuair a bhíonn praghas an fhuinnimh ard, bíonn drogall ar dhaoine a dtithe a théamh nó a fhuarú go leormhaith, agus bíonn baol níos mó ann don tsláinte, amhail an baol a bhaineann le fadhbanna cairdiacha agus riospráide, nuair a bhítear ag maireachtáil i ndálaí den sórt sin.*** Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, cearta agus cosaintí tomhaltóirí a thabhairt cothrom le dáta, rud a ligfidh do thomhaltóirí tairbhiú den aistriú fuinnimh, a mbillí leictreachais a dhíchúpláil ó ghluaiseachtaí praghsanna gearrthéarmacha ar mhargaí fuinnimh agus an riosca idir soláthróirí agus tomhaltóirí a athchothromú.

(44) Ba cheart rochtain a bheith ag tomhaltóirí ar raon leathan tairiscintí ionas gur féidir leo conradh a roghnú de réir a riachtanas. Tá a dtairiscintí laghdaithe ag soláthróirí, áfach, tá conarthaí praghais sheasta gann, agus tá an rogha tairiscintí teoranta. Ba cheart deis a bheith ag tomhaltóirí i gcónaí conradh ***soláthair leictreachais*** praghais sheasta agus téarma sheasta inacmhainne a roghnú ***chun a áirithiú go mbeidh praghas seasta ann i***

[12] Is ann do ghrúpaí áirithe atá i mbaol níos mó go ndéanfaidh an bhochtaineacht fuinnimh difear dóibh nó atá níos so-ghabhálaí i leith dhrochthionchair na bochtaineachta fuinnimh, amhail mná, daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta, leanaí, agus daoine a bhfuil cúlra mionlaigh ciníoch nó eitneach acu.

***rith thréimhse an chonartha*** agus níor cheart do sholáthróirí téarmaí agus coinníollacha conartha a mhodhnú go haontaobhach ***ná é a fhoirceannadh*** sula rachaidh an conradh sin in éag.

(45) I gcás nach n-áirithíonn ***soláthróirí*** go bhfuil a bpunann leictreachais fálaithe go leordhóthanach, d'fhéadfaidís a bheith i mbaol airgeadais de dheasca athruithe ar phraghsanna mórdhíola leictreachais agus d'fhéadfadh sé go gclisfidís dá dtoradh, agus costais á gcur ar aghaidh chuig tomhaltóirí agus úsáideoirí gréasáin eile. Dá bhrí sin, ba cheart a áirithiú go ndéanann ***na Ballstáit tástalacha struis rialta chun a mheasúnú cibé*** a bhíonn soláthróirí fálaithe go hiomchuí agus conarthaí praghais sheasta á dtairiscint acu. ***I gcás nach leor na deiseanna fálaithe,*** ba cheart straitéis fálaithe iomchuí ***a chur i bhfeidhm agus*** ba cheart go gcuirfí san áireamh inti rochtain na soláthróirí ar a nginiúint féin agus ar a gcaipitliú féin mar aon lena neamhchosaint ar athruithe ar phraghsanna margaidh mórdhíola***, méid an tsoláthróra agus struchtúr an mhargaidh***.

(46) Ba cheart tomhaltóirí a bheith in ann an soláthróir a thairgeann an praghas agus an tseirbhís is fearr a oireann dá riachtanais féin a roghnú. A bhuí leis an dul chun cinn a rinneadh i dteicneolaíocht méadraithe agus fomhéadraithe, agus i dteicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide freisin, is féidir anois, go teicniúil, iliomad soláthróirí a bheith ann le haghaidh áitreabh aonair. Más mian leo ▌ ***déanamh amhlaidh***, ba cheart custaiméirí a bheith in ann na deiseanna sin a úsáid chun soláthróir ar leith a roghnú***, go háirithe*** i gcás leictreachas chuig fearais chumhachta amhail teaschaidéil nó feithiclí leictreacha a bhfuil tomhaltas an-ard acu nó a bhfuil sé de chumas acu a dtomhaltas leictreachais a aistriú go huathoibríoch mar fhreagairt ar chomharthaí praghais. ***Chuige sin, ba cheart a lamháil do chustaiméirí níos mó ná pointe méadraithe agus billeála amháin a bheith cumhdaithe ag an bpointe nasctha aonair dá n-áitreabh. Féadfaidh roinnt córais méadraithe chliste níos mó ná pointe méadraithe amháin a chumhdach go díreach agus, dá bhrí sin, a chur ar chumas custaiméirí níos mó ná conradh soláthair leictreachais amháin a bheith acu ag an am céanna.*** Thairis sin, le gairis ***tomhais*** thiomnaithe mearfhreagartha atá ceangailte d'fhearais nó atá leabaithe iontu, fearais ina bhfuil ualaí solúbtha inrialaithe, is féidir le custaiméirí deiridh páirt a ghlacadh i scéimeanna eile um fhreagairt don éileamh atá

bunaithe ar dhreasachtaí lena soláthraítear seirbhísí solúbthachta ar an margadh leictreachais agus d'oibreoirí córas tarchurtha agus dáileacháin. Ar an iomlán, ba cheart go rannchuideodh na socruithe sin leis an méadú ar ghlacadh na freagartha don éileamh agus le cumhachtú tomhaltóirí ionas go mbeidh tuilleadh smachta acu ar a n-úsáid fuinnimh agus ar a mbillí, agus solúbthacht bhreise á soláthar don chóras leictreachais chun déileáil le luaineachtaí éilimh agus soláthair.

(47) I ngeall ar an méadú atá ag teacht ar chastacht na dtairiscintí fuinnimh agus na gcleachtas éagsúil margaíochta, is minic a bhíonn deacrachtaí ag tomhaltóirí tuiscint iomlán a bheith acu ar an rud a gcláraíonn siad ina leith. Go háirithe, tá easpa soiléireachta ann maidir le conas a shocraítear an praghas, maidir leis na coinníollacha chun an conradh a athnuachan, maidir leis na hiarmhairtí a bhaineann le conradh a fhoirceannadh nó maidir leis na cúiseanna le coinníollacha athraitheacha ag an soláthróir. Dá bhrí sin, ba cheart do sholáthraithe nó do rannpháirtithe sa mhargadh a bhíonn ag gabháil don chomhbhailiú an fhaisnéis ríthábhachtach maidir le tairiscintí fuinnimh a sholáthar do thomhaltóirí ar bhealach atá gearr agus sothuigthe sula síneofar an conradh.

(48) Chun leanúnachas an tsoláthair a áirithiú do thomhaltóirí i gcás ina gcliseann an soláthróir, ***i gçás nach ndearna na Ballstáit soláthróir na dála deiridh a cheapadh cheana,*** ba cheart oibleagáid a bheith orthu soláthróirí na dála deiridh, a bhféadfaí caitheamh leo mar sholáthróir na seirbhíse uilíche, a cheapadh. D'fhéadfadh an soláthróir sin a bheith ina rannóg díolacháin i ngnóthas atá comhtháite go hingearach, a dhéanann feidhmeanna dáileacháin freisin, ar choinníoll go gcomhlíonann sé ceanglais Airteagal 35 de Threoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díchuachadh. Ní thugtar le tuiscint leis sin, áfach, go bhfuil oibleagáid ar na Ballstáit soláthar a dhéanamh ar phraghas íosta socraithe áirithe.

(49) Le comhroinnt fuinnimh, is féidir athléimneacht a chruthú in aghaidh éifeachtaí phraghsanna arda luaineacha an mhargaidh mórdhíola ar bhillí fuinnimh na dtomhaltóirí, cumhachtaítear do ghrúpa níos leithne tomhaltóirí nach bhfuil an rogha eile acu a bheith ina gcustaiméir gníomhach mar gheall ar shrianta airgeadais nó spásúla, amhail custaiméirí atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh agus custaiméirí leochaileacha, agus mar thoradh air sin tagann méadú ar ghlacadh an fhuinnimh in-

athnuaite trí infheistíochtaí caipitil phríobháidigh bhreise a shlógadh agus trí chonairí luacha saothair a éagsúlú. Le comhtháthú na gcomharthaí praghais agus na saoráidí stórála iomchuí, is féidir le comhroinnt leictreachais cuidiú leis an dúshraith a leagan síos chun cuidiú le leas a bhaint as acmhainneacht solúbthachta na dtomhaltóirí beaga.

(50) Custaiméirí gníomhacha a bhfuil saoráidí stórála nó giniúna faoina n-úinéireacht nó a bhfuil saoráidí stórála nó giniúna acu ar léas nó ar cíos, ba cheart an ceart a bheith acu chun farasbarr táirgeachta a chomhroinnt agus tomhaltóirí eile a chumhachtú chun bheith gníomhach, nó chun an fuinneamh in-athnuaite arna ghiniúint nó arna stóráil ag saoráidí atá ar léas, ar cíos nó faoi úinéireacht chomhpháirteach a chomhroinnt, go díreach nó trí éascaitheoir tríú páirtí ***ar choinníoll nach mó ná acmhainn 6 MW an tsaoráid ghiniúna fuinnimh in-athnuaite atá faoi úinéireacht an tríú páirtí***. Tá socrú comhroinnte fuinnimh bunaithe ar chomhaontú conarthach príobháideach idir custaiméirí gníomhacha nó eagraítear é trí eintiteas dlíthiúil. 'Eintiteas dlíthiúil' a ionchorpraíonn na critéir maidir le comhphobal fuinnimh inathnuaite mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2018/2001 ▌ nó pobal fuinnimh saoránach mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2019/944 ▌, is féidir leis leictreachas a ghintear ó shaoráidí atá faoina n-úinéireacht iomlán a chomhroinnt lena gcomhaltaí. Leis an gcreat cosanta agus cumhachtaithe le haghaidh comhroinnt fuinnimh, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar thomhaltóirí atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh agus ar thomhaltóirí leochaileacha.

(51) Le comhroinnt fuinnimh, cuirtear i bhfeidhm tomhaltas comhchoiteann an leictreachais fhéinghinte nó stóráilte arna instealladh isteach san eangach ag níos mó ná custaiméir gníomhach amháin a bhíonn ag gníomhú go comhpháirteach. Ba cheart do na Ballstáit an bonneagar iomchuí teicneolaíochta faisnéise a chur i bhfeidhm chun gur féidir meaitseáil riaracháin a dhéanamh laistigh de thréimhse áirithe tomhaltais le fuinneamh in-athnuaite féinghinte nó stóráilte chun críoch chomhpháirt fuinnimh an bhille fuinnimh a ríomh. Ba cheart aschur na saoráidí sin a dháileadh i measc lódphróifílí comhiomlánaithe na dtomhaltóirí bunaithe ar mhodhanna ríofa statacha, athraitheacha nó dinimiciúla, modhanna ar féidir leis na custaiméirí gníomhacha iad a réamhshainiú nó a chomhaontú. ***Ba cheart custaiméirí gníomhacha a ghlacann páirt i gcomhroinnt fuinnimh a bheith freagrach ó thaobh airgeadais de as na***

***míchothromaíochtaí arb iadsan is cúis leo sa chóras leictreachais, cibé acu go díreach nó trí pháirtí tarmligthe de bhun Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2019/943. Ba cheart feidhm a bheith ag cearta agus oibleagáidí uile na dtomhaltóirí a leagtar síos i dTreoir (AE) 2019/944 maidir le custaiméirí deiridh atá rannpháirteach i scéimeanna comhroinnte fuinnimh. Níor cheart, áfach, a cheangal ar theaghlaigh ag a bhfuil toilleadh suiteáilte suas le 10.8 kW i gcás teaghlaigh aonair agus suas le 100 kW i gcás bloic il-árasáin oibleagáidí an tsoláthróra a chomhlíonadh.***

(52) Ba cheart cosaint leormhaith a thabhairt do chustaiméirí leochaileacha ó dhíscoir leictreachais agus, ***thairis sin***, níor cheart go mbeadh iallach orthu dícheangal a dhéanamh. ***Dá bhrí sin, ba cheart go ndéanfadh na Ballstáit díscoir leictreachais custaiméirí teaghlaigh leochaileacha agus custaiméirí atá i ngreim ag an mbochtaineacht fuinnimh, nó atá i mbaol na bochtaineachta fuinnimh, a chosc, agus fós a áirithiú go gcoiscfear díscoir le linn díospóidí breithiúnacha agus lasmuigh den chúirt leanúnacha idir soláthróir agus custaimeirí go ceann tréimhse ocht seachtaine. Ba cheart do na Ballstáit na cearta sin a chomhlánú trí bhearta a ghlacadh do shéasúr an gheimhridh agus do shéasúr an tsamhraidh, chun a chur ar chumas custaiméirí teaghlaigh a dtomhaltas a bhainistiú agus billí réitithe arda a sheachaint.*** Is fíor-riachtanach i gcónaí ról na soláthróirí agus na n-údarás náisiúnta chun bearta iomchuí a shainaithint, sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma, ar cheart iad a chur ar fáil do chustaiméirí leochaileacha chun a n-úsáid fuinnimh agus a gcostais a bhainistiú, lena n-áirítear trí dhlúthchomhar le córais slándála sóisialta.

(53) I bprionsabal, is éard atá sna hidirghabhálacha poiblí i socrú praghsanna maidir le soláthar leictreachais ná beart saofa margaidh. Dá bhrí sin, ní féidir na hidirghabhálacha sin a dhéanamh ach amháin mar oibleagáidí seirbhíse poiblí agus tá siad faoi réir coinníollacha sonracha. Faoin Treoir seo, is féidir praghsanna rialáilte a bheith ann do theaghlaigh atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh agus do theaghlaigh leochaileacha, lena n-áirítear faoi bhun na gcostas, agus, mar bheart aistrithe, do theaghlaigh agus do mhicrifhiontair. Le linn géarchéime, i gcás ina dtagann méadú mór ar phraghsanna mórdhíola agus miondíola leictreachais, agus i gcás ina bhfuil tionchar diúltach aige sin ar an ngeilleagar i gcoitinne, ba cheart cead a thabhairt do na Ballstáit cur i bhfeidhm na bpraghsanna rialáilte a leathnú ar bhonn sealadach chun

FBManna a chumhdach freisin. I gcás teaghlach agus FBManna araon, ba cheart cead sealadach a bheith ag na Ballstáit ***na praghsanna fuinnimh a laghdú agus*** praghsanna rialáilte a shocrú faoi bhun na gcostas fad nach gcruthófar leis sin saobhadh idir soláthróirí agus go gcúiteofar soláthróirí as na costais a bhaineann le soláthar a dhéanamh faoi bhun an chostais. Is gá a áirithiú, áfach, go an bhfuil an rialáil praghsanna sin spriocdhírithe agus nach gcruthaítear dreasachtaí léi chun tomhaltas a mhéadú. Dá bhrí sin, ba cheart an rialáil praghsanna sin a theorannú do 80 % de thomhaltas airmheánach teaghlaigh i gcás teaghlach, do ***100 % i gcás custaiméirí teaghlaigh leochaileacha*** agus do 70 % de thomhaltas na bliana roimhe sin i gcás FBManna. Ba cheart don Choimisiún cinneadh a dhéanamh maidir le cén uair is ann do ghéarchéim den sórt sin maidir le praghsanna leictreachais agus, dá réir sin, cén uair a bheidh an fhéidearthacht sin infheidhme. Ba cheart don Choimisiún bailíocht an chinnidh sin a shonrú freisin, ar lena linn a bheidh feidhm ag an síneadh sealadach ar phraghsanna rialáilte, síneadh a d'fhéadfadh a bheith suas le bliain amháin. Sa mhéid gurb éard atá in aon cheann de na bearta atá beartaithe leis an Rialachán seo Státchabhair, tá na forálacha a bhaineann leis na bearta sin gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 CFAE. ***In aon chás, le dearbhú gur ann do ghéarchéim praghsanna leictreachais réigiúnach nó uile-Aontais, ba cheart go n-áiritheofaí cothrom iomaíochta ar fud na mBallstát uile a ndéanann an cinneadh difear dóibh ionas nach ndéanfar an margadh inmheánach a shaobhadh go míchuí.***

(54) Tá na bearta atá beartaithe leis an Rialachán seo gan dochar freisin do chur i bhfeidhm Threoir 2014/65/AE, Rialachán (AE) 2016/1011 agus Rialachán (AE) 648/2012.

(55) Ba cheart Rialachán (AE) 2019/942 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a leasú dá réir sin.

(56) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach agus gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal

na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/943 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

***(-a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):***

***'(a) bunús a leagan síos chun spriocanna an Aontais Fuinnimh agus an cuspóir go mbeadh aeráidneodracht ann faoi 2050 ar a dhéanaí a ghnóthú go héifeachtúil, go háirithe an creat aeráide agus fuinnimh do 2030, trína fhágáil gur féidir comharthaí margaidh a chur ar fáil chun go mbeidh breis éifeachtúlachta ann, sciar níos airde d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, go méadófar slándáil an tsoláthair, an tsolúbthacht, an inbhuanaitheacht, an dícharbónú, agus an nuálaíocht;***

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

(b) prionsabail bhunúsacha a leagan síos do mhargaí leictreachais comhtháite a fheidhmíonn go maith, lena gcuirfear ar chumas gach soláthraí acmhainní agus gach custaiméara leictreachais rochtain neamh-idirdhealaitheach ar an margadh a bheith acu, lena gcumasófar forbairt réamh-mhargaí leictreachais chun a chur ar chumas soláthróirí agus tomhaltóirí iad féin a fhálú nó iad féin a chosaint ar an riosca go mbeadh luaineacht ann amach anseo i bpraghsanna leictreachais, chun tomhaltóirí a chumhachtú ***agus a chosaint***, ***chun a áirithiú go mbeidh cothrom iomaíochta ann i gcás suiteálacha fuinnimh in-athnuaite arna ndáileadh atá faoi úinéireacht na saoránach agus na bpobal fuinnimh,*** chun iomaíochas ar an margadh domhanda a áirithiú, chun ***slándáil an tsoláthair agus*** solúbthacht a fheabhsú trí fhreagairt don éileamh, stóráil

fuinnimh***, comhroinnt fuinnimh*** agus réitigh sholúbthachta neamh-iontaise eile, chun éifeachtúlacht fuinnimh a áirithiú, chun comhbhailiú éilimh agus soláthair dháilte a éascú, agus chun comhtháthú margaidh agus earnálach agus luach saothair margadhbhunaithe as leictreachas a ghintear ó fhoinsí in-athnuaite a chumasú;

***(ba) a mheas go bhfuil an earnáil leictreachais ina gné lárnach de phleanáil an chórais fuinnimh chomhtháite agus d'oibriú an chórais fuinnimh ina iomláine, thar iompróirí fuinnimh iomadúla, d'fhonn seirbhísí fuinnimh inacmhainne, iontaofa agus tíosach ar acmhainní a sholáthar, ar an gcostas is ísle is féidir don tsochaí;***'***;***

(b) cuirtear na ***pointí*** seo a leanas isteach:

'(e) tacú le hinfheistíochtaí fadtéarmacha i nginiúint fuinnimh in-athnuaite, ***solúbthacht, lena n-áirítear stóráil fuinnimh,*** agus cur ar chumas tomhaltóirí a mbillí fuinnimh a dhéanamh ***inacmhainne agus*** níos neamhspleáiche ar luaineachtaí i bpraghsanna gearrthéarmacha ar an margadh leictreachais, go háirithe praghsanna breoslaí iontaise sa mheántéarma agus san fhadtéarma***;***

***(ea) creat a leagan síos chun bearta a ghlacadh d'fhonn aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim na bpraghsanna leictreachais;***

***(eb) a áirithiú go ndéanfar infheistíochtaí leordhóthanacha san acmhainneacht eangaí agus san acmhainneacht stórála chun dul i ngleic leis an dúshláin atá ann mar gheall ar an sciar méadaitheach de ghiniúint leictreachais eadrannach agus mar gheall ar an méadú foriomlán in úsáid an leictreachais.';***

(2) In Airteagal 2, cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

'(72) ciallaíonn 'buaicuair' uair ***den lá, bunaithe ar réamhaisnéisí oibreoirí córas tarchurtha agus, i gcás inarb infheidhme, ar réamhaisnéisí oibreoirí ainmnithe sa mhargadh leictreachais,*** ar lena linn a bhíonn an tomhaltas leictreachais ar an leibhéal is airde in éineacht le leibhéal íseal leictreachais arna ghiniúint ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, agus malartuithe traschreasacha

á gcur san áireamh;

(73) ciallaíonn 'buaicscamhadh' cumas rannpháirtithe sa mhargadh an tomhaltas leictreachais ***ón eangach*** ag buaicuaireanta a laghdú arna chinneadh ag an ▌ oibreoir córais tarchurtha;

(74) ciallaíonn 'táirge buaicscafa' táirge margadhbhunaithe trínar féidir le rannpháirtithe sa mhargadh buaicscamhadh a sholáthar do ▌ na hoibreoirí córais;

▌

(76) ciallaíonn 'conradh dhá threo le haghaidh difríochta' conradh a shínítear idir oibreoir saoráide giniúna cumhachta agus contrapháirtí, eintiteas poiblí de ghnáth, a sholáthraíonn ▌ cosaint íosta luacha saothair agus teorainn ar luach saothair breise ▌ ;

(77) ciallaíonn 'comhaontú ceannaigh cumhachta' nó 'PPA' conradh faoina gcomhaontaíonn duine nádúrtha nó duine dlítheanach leictreachas a cheannach ó tháirgeoir leictreachais ▌ ;

(78) ciallaíonn 'ioncam ón margadh' ioncam réadaithe ***a*** fhaigheann táirgeoir leictreachais mar mhalairt ar leictreachas a dhíol agus a sheachadadh ***nó as soláthar seirbhísí eile a bhaineann leis an gcóras fuinnimh*** san Aontas, gan beann ar an bhfoirm chonarthach ina dtarlaíonn malartú den sórt sin, ***lena n-áirítear comhaontuithe ceannaigh cumhachta agus oibríochtaí fálaithe eile i gcoinne luaineachtaí sa mhargadh mórdhíola leictreachais,*** agus gan aon tacaíocht arna deonú ag na Ballstáit a áireamh;

***(78a) ciallaíonn 'socraíocht' íocaíocht a dhéantar agus a fhaightear idir contrapháirtithe, in aghaidh leictreachas a sheachadadh agus a fháil i gcás inarb infheidhme, i gcomhlíonadh oibleagáidí faoi seach na gcontrapháirtithe de bhun idirbheart imréitigh amháin nó níos mó;***

(79) ciallaíonn 'gaireas ***tomhais*** tiomnaithe' gaireas ***atá nasctha le*** sócmhainn, atá ceangailte di, nó atá leabaithe inti, ***lena soláthraítear*** cainníochtú ar sheirbhísí freagartha don éileamh nó seirbhísí solúbthachta ar an margadh leictreachais nó d'oibreoirí córas tarchurtha agus dáileacháin ***agus lenar féidir méid na***

***seirbhísí freagartha don éileamh agus solúbthachta arna soláthar a thomhas***;

***(79a) ciallaíonn 'córas rialaithe cumhachta' nó 'PCS' córas nó gaireas lena ndéantar na sruthanna malartacha foistine, nó na sruthanna díreacha, a theorannú go leictreonach nó a rialu go leictreonach do theorainn nó leibhéal in-ríomhchláraithe;***

***(79b) ciallaíonn 'comhaontú nasctha solúbtha' tacar rialacha agus ceanglas réamhchinntithe le haghaidh acmhainneacht leictreach a idirnascadh go gasta leis an eangach, lena n-áirítear comhaontú chun allmhairiú agus onnmhairiú leictreachais ón ngréasán tarchurtha agus dáileacháin, agus chuige, a theorannú agus a rialú;***

(80) ciallaíonn 'solúbthacht' an cumas atá ag córas leictreachais oiriúnú d'inathraitheacht na bpatrún giniúna agus tomhaltais agus infhaighteacht na heangaí, thar chreataí ama margaidh ábhartha***;***

***(80a) ciallaíonn 'oibreoir margaidh ionlae' aon OAM, aon mhalartán cumhachta nó aon eintitis eile a bhailíonn tairiscintí agus ofrálacha ar thairgí ionlae, nó táirgí lena ngabhann na saintréithe céanna, dáiríre, is a ghabhann le tairgí ionlae, ó rannpháirtithe sa mhargadh roimh am dúnta an gheata thraschreasaigh ionlae, nó ina dhiaidh;***

***(80b) ciallaíonn 'creat ama margaidh ionlae' creat ama an mhargaidh leictreachais ó am oscailte an gheata cúplála amháin ionlae go dtí an tráth is déanaí a cheadaítear trádáil ionlae i gcrios tairisceana ar leith lena n-áirítear tráthanna i ndiaidh am dúnta an gheata thraschreasaigh ionlae;***

***(80c) ciallaíonn 'creat ama margaidh lá roimh ré' creat ama an mhargaidh leictreachais ó am oscailte an gheata cúplála lá roimh ré aonair go dtí an tráth a fhoilsítear torthai na cúplála amháin lá roimh ré;***'***;***

(3) Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Déanfaidh oibreoirí córais tarchurtha agus OAMLanna ▌ bainistiú na

margaí comhtháite lá roimh ré agus ionlae a eagrú go comhpháirteach i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/1222. Comhoibreoidh na hoibreoirí córais tarchurtha agus OAMLanna le chéile ar leibhéal an Aontais nó, i gcás inarb iomchuí, ar an leibhéal réigiúnach chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht thrádáil leictreachais lá roimh ré agus ionlae an Aontais a uasmhéadú. Beidh an oibleagáid dul i mbun comhair gan dochar do dhlí iomaíochta an Aontais a chur i bhfeidhm. Sna feidhmeanna atá acu a bhaineann le trádáil leictreachais, beidh oibreoirí córais tarchurtha agus OAMLanna faoi réir formhaoirseacht rialála ag na húdaráis rialála de bhun Airteagal 59 de Threoir (AE) 2019/944 agus ag ACER de bhun Airteagail 4 agus 8 de Rialachán (AE) 2019/942 ***agus na hoibleagáidí trédhearcachta agus an mhaoirseacht éifeachtach i gcoinne cúbláil margaidh a leagtar síos i Rialachán ... [REMIT II]***.’***;***

(b) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) déanfaidh siad uasmhéadú ar na deiseanna atá ag na rannpháirtithe uile sa mhargadh a bheith rannpháirteach i dtrádáil thraschreasach agus i dtrádáil laistigh den chrios ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus chomh gar agus is féidir don fhíor-am thar na criosanna tairisceana uile agus laistigh díobh;’;

(ii) the following point (ca) is inserted:

‘(ca) eagrófar iad ar bhealach lena n-áiritheofar comhroinnt leachtachta idir na OAMLanna go léir, don trádáil thraschreasach agus don trádáil laistigh den chrios;’ ***go háirithe, déanfaidh na OAMLanna na horduithe uile ar thairgí lá roimh ré agus ionlae a chur faoi bhráid na cúplála amháin lá roimh ré agus ionlae go dtí an tráth is déanaí a cheadaítear trádáil lá roimh ré nó ionlae i gcrios tairisceana ar leith. ní eagróidh na OAMLanna trádáil táirgí lá roimh ré agus ionlae, ná trádáil tairgí lena ngabhann saintréithe comhchosúla, lasmuigh den chúpláil amháin lá roimh ré agus ionlae. Beidh feidhm ag an oibleagáid sin maidir le OAMLanna agus maidir le gnóthais a rialaíonn OAM, nó a***

***fheidhmíonn ceart ina leith, go díreach nó go hindíreach;***’***;***

***(iia)*** ***cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):***

***‘(f)*** ***beidh siad trédhearcach agus, i gcás inarb infheidhme, soláthróidh siad faisnéis trí bhíthin aonaid giniúna agus, ag an am céanna, cosnóidh siad rúndacht faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de agus áiritheoidh siad go ndéanfar trádáil ar bhealach anaithnid;’;***

(4) cuirtear isteach na hAirteagail 7a agus 7b seo a leanas:

‘Airteagal 7a

Táirge buaicscafa

1. ***Faoi Nollaig 2024, déanfaidh ACER, tar éis dó dul i gcomhairle le ENTSO don Leictreachas, agus eintiteas AE do OCDanna, measúnú ar an bhféidearthacht go*** soláthródh oibreoirí córais táirgí buaicscafa a sholáthar chun laghdú a dhéanamh ar an éileamh ar leictreachas ***agus ar phraghas*** le linn buaicuaireanta. ***Sa mheasúnú sin, tabharfar aird ar an ngá nach ndéanfadh táirgí buaicscafa feidhmiú na margaí leictreachais a shaobhadh, ná seirbhísí freagartha don éileamh a atreorú i dtreo táirgí buaicscafa. Sa mheasúnú sin freisin, déanfar forbairtí náisiúnta sonracha a chur san áireamh agus déanfar measúnú ar an bhféidearthacht táirgí buaicscafa a sholáthar i nngnáthchúinsí ar thaobh amháin agus le linn géarchéim praghsanna leictreachais arna dearbhú i gcomhréir le hAirteagal 66a de Threoir ... [Treoir athbhreithnithe EMD] ar an taobh eile. Tíolacfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach chun an Rialachán seo a leasú chun táirgí buaicscafa a thabhairt isteach lasmuigh de ghéarchéimeanna praghsanna leictreachais.***

2. ***I gcás inar ghlac an Coimisiún cinneadh lena ndearbhaítear gur ann do ghéarchéim praghsanna leictreachais de bhun Airteagal 66a de Threoir ... [Treoir athbhreithnithe EMD] agus ag féachaint do thorthaí mheasúnú na Gníomhaireachta amhail dá dtagraítear i mír 1, nó do thorthaí measúnuithe atá ann cheana go dtí go ndéanfar an measúnú sin,*** féadfaidh oibreoirí córais***, le linn thréimhse cur feidhme an chinnidh sin, táirgí***

***buaicscafa a sholáthar chun laghdú a dhéanamh ar an éileamh ar leictreachas agus ar an bpraghas le linn buaicuaireanta.***

***I gcás ina bhféachfaidh na hoibreoirí córais*** le táirge buaicscafa a sholáthar, déanfaidh ***siad*** togra a chur faoi bhráid údarás rialála an Bhallstáit lena mbaineann ina leagfar amach an toisiú agus na coinníollacha maidir leis an táirge buaicscafa a sholáthar ***agus a ghníomhachtú***. Comhlíonfaidh togra an oibreora córais ***ábhartha*** na ceanglais seo a leanas:

(a) beidh toisiú an táirge buaicscafa bunaithe ar anailís ar an ngá atá le seirbhís bhreise chun slándáil an tsoláthair a áirithiú. Cuirfear san áireamh san anailís ***tionchar an táirge buaicscafa ar an margadh, na costais agus na tairbhí a mheastar a bheidh ag gabháil leis agus*** caighdeán iontaofachta nó critéir oibiachtúla agus thrédhearcacha i leith chobhsaíocht na heangaí arna bhformheas ag an údarás rialála. Cuirfear san áireamh sa toisiú réamhaisnéis an éilimh, réamhaisnéis an leictreachais a ghintear ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh agus an réamhaisnéis ar fhoinsí solúbthachta eile sa chóras***, amhail stóráil fuinnimh***. Beidh toisiú an táirge buaicscafa ***trédhearcach, déanfar é tar éis dul i gcomhairle le rannpháirtithe sa mhargadh agus*** beidh sé teoranta chun a áirithiú ***nach sáróidh na costais réamh-mheasta*** tairbhí ionchasacha an táirge ***ná nach méadóidh siad astaíochtaí gás ceaptha teasa an chórais fuinnimh tráth a ghníomhachtaithe***;

(b) beidh soláthar táirge buaicscafa bunaithe ar chritéir oibiachtúla, thrédhearcacha, ***margadhbhunaithe,*** neamh-idirdhealaitheacha agus beidh sé teoranta don fhreagairt don éileamh; ***ní eiseofar leis sócmhainní rannpháirteacha margaí eile a rochtain;***

(c) soláthrófar an táirge buaicscafa trí úsáid a bhaint as próiseas tairisceana iomaíoch, ***a fhéadfaidh a bheith leanúnach,*** agus beidh an roghnú bunaithe ar an gcostas is ísle chun critéir theicniúla agus chomhshaoil réamhshainithe a chomhlíonadh, ***agus lamhálfar leis rannpháirtíocht éifeachtach tomhaltóirí beaga, go díreach nó trí chomhiomlánú***;

***(ca) beidh an méid íosta tairisceana cothrom le 100 kW, lena n-áirítear trí***

***chomhiomlánú;***

(d) ní dhéanfar conarthaí le haghaidh táirge buaicscafa a thabhairt i gcrích níos mó ná ***seachtain roimh*** a ghníomhachtú ▌;

(e) ní laghdóidh gníomhachtú an táirge buaicscafa acmhainneachtaí traschreasacha;

(f) déanfar an táirge buaicscafa a ghníomhachtú tar éis dhúnadh an mhargaidh lá roimh ré agus roimh thús an mhargaidh cothromúcháin;

(g) ní thabharfar le tuiscint leis an táirge buaicscafa go gcuirfear tús leis an nginiúint atá suite taobh thiar den phointe méadraithe.

3. Déanfar an laghdú iarbhír ar thomhaltas mar thoradh ar ghníomhachtú táirge buaicscafa a thomhas in aghaidh bonnlíne, lena léireofar an tomhaltas leictreachais ionchasach gan an táirge buaicscafa a ghníomhachtú. ***I gcás*** ina gcinnfidh ***oibreoir córais táirge buaicscafa a sholáthar i gcomhréir le mír 2, an dara fomhír den Airteagal seo,*** forbróidh ***sé*** modheolaíocht bhonnlíne i gcomhairle le rannpháirtithe sa mhargadh ***agus de réir Airteagal 23 de Threoir (AE) 2019/944 agus de réir na nósanna imeachta a leagtar amach sa chód gréasáin a glacadh de bhun Airteagal 59*** agus cuirfidh se faoi bhráid an údaráis rialála ***lena formheas***. ***I gcás nach gcomhlíonfaidh an togra dá dtagraítear i mír 2, an dara fomhír den Airteagal seo, na ceanglais a leagtar síos san fhomhír sin, iarrfaidh an t-údarás rialála ar an oibreoir córais an togra a leasú.***

▌

Airteagal 7b

Gaireas ***tomhais*** tiomnaithe

1. ***Gan dochar d'Airteagal 19 de Threoir (AE) 2019/944,*** lamhálfaidh na Ballstáit do ***chustaiméirí agus do rannpháirtithe sa mhargadh, lena n-áirítear comhbhailitheoirí neamhspleácha, le toiliú sainráite ó na húinéirí agus na húsáideoirí,*** oibreoirí córas tarchurtha agus oibreoirí córas dáileacháin ***rochtain a bheith acu*** ar shonraí ó ghairis ***tomhais*** thiomnaithe agus úsáid a bhaint as na sonraí sin le haghaidh na seirbhísí iinbhraiteachta***,***

socraíochta, ▌ solúbthachta ***agus comhroinnte fuinnimh***, lena n-áirítear ó chórais ***freagartha don éileamh agus*** córais stórála fuinnimh ***i gcomhréir le dlí infheidhme an Aontais maidir le cosaint sonraí agus príobháideacha, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679***. ***Féadfar sonraí den sórt sin a úsáid chun críocha taighde, ar choinníoll go mbeidh siad comhiomlánaithe agus anaithnide.***

2. Leagfaidh na Ballstáit síos ceanglais ***chomhchuibhithe*** maidir le próiseas bailíochtaithe sonraí gairis ***tomhais*** thiomnaithe chun cáilíocht ***agus comhsheasmhacht*** na sonraí faoi seach***, agus freisin idir-inoibritheacht gaireas tomhais tiomnaithe nua arna suiteáil tar éis an ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], a sheiceáil agus a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 23 de Threoir (AE) 2019/944 agus na nósanna imeachta a leagtar amach sa chód gréasáin arna ghlacadh de bhun Airteagal 59(1), pointe (e), den Rialachán seo agus dlí ábhartha an Aontais maidir le hionstraimí tomhais á cur i gcuntas***.

***2a. I gcás ina mbeartaítear idirghabhálacha solúbthachta a dhéanamh trí ghairis tomhais thiomnaithe den sórt sin a úsáid, cuirfear oibreoirí córais ar an eolas faoi sin chun cobhsaíocht an chórais fuinnimh a áirithiú.***';

(5) Leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'Ceadóidh OAMLanna do na rannpháirtithe sa mhargadh fuinneamh a thrádáil chomh gar don fhíor-am agus is féidir agus ar a laghad go dtí am dúnta an gheata thraschreasaigh ionlae. ***Ón*** 1 Eanáir ***2026***, ***ní*** bheidh am dúnta an gheata traschreasaigh ionlae ***níos luaithe ná*** 30 nóiméad roimh an bhfíor-am***, ar choinníoll nach dtiocfaidh méadú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa mar thoradh ar an mbeart sin***. ***Féadfaidh na húdarais rialála, arna iarraidh sin don oibreoir córais tarchurtha ábhartha, maolú ar an gceanglas sin a dheonú, go dtí an 1 Eanáir 2029. Áireofar an méid seo a leanas san iarraidh:***

***(a) measúnú tionchair, arna ullmhú i gcomhar le OAMLanna, ina ndéanfar aiseolas ó rannpháirtithe sa mhargadh a chur san áireamh, i***

*gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2015/1222, lena léireofar tionchar diúltach an bhirt sin ar shlándáil an chórais leictreachais náisiúnta, ar chostéifeachtúlacht, ar chomhtháthú fuinnimh in-athnuaite agus ar astaíochtaí gás ceaptha. agus*

*(b) plean gníomhaíochta a mbeidh sé d'aidhm aige am dúnta an gheata thraschreasaigh ionlae a ghiorrú go 30 nóiméad faoin 1 Eanáir 2029.*

*Féadfaidh na húdaráis rialála, arna iarraidh sin don oibreoir córais tarchurtha ábhartha, maolú breise ar an gceanglas dá dtagraítear sa chéad fhomhír a dheonú go ceann dhá bhliain ar a mhéad ag tosú ó dhul in éag na tréimhse dá dtagraítear sa dara fomhír. Déanfaidh an iarraidh ón oibreoir córais tarchurtha a chur faoi bhráid údarás rialála an oibreora córais tarchurtha iarrthaigh, ENTSO don Leictreachas agus ACER faoin 1 Eanáir 2029 agus áireofar an méid seo a leanas inti:*

*(a) measúnú tionchair nua lena dtabharfar bonn cirt leis an ngá atá le maolú breise, bunaithe ar rioscaí do shlándáil an chórais fuinnimh náisiúnta, don chostéifeachtúlacht, do chomhtháthú fuinnimh in-athnuaite agus do astaíochtaí gás ceaptha, agus aiseolas ó rannpháirtithe sa mhargadh agus ó OAMLanna á chur san áireamh; agus*

*(b) plean gníomhaíochta athbhreithnithe chun am dúnta an gheata thraschreasaigh ionlae a ghiorrú go 30 nóiméad laistigh de dhá bhliain tar éis dhul in éag na chéad tréimhse maolaithe.*

*Eiseoidh ACER tuairim ar thionchar trasteorann na maoluithe dá dtagraítear sa dra fomhír agus sa tríú fomhír laistigh de shé mhí ó iarraidh ar mhaoluithe den sórt sin a fháil. Cuirfidh an t-údarás rialála lena mbaineann an tuairim sin san áireamh sula ndéanfaidh sé cinneadh maidir le hiarraidh ar mhaolú.*

*Faoin 1 Nollaig 2027, déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle le OAMLanna, le ENTSO don Leictreachas, le ACER agus leis na geallshealbhóirí ábhartha, tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na*

***hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar measúnú ar a indéanta a bheadh sé am dúnta an gheata thraschreasaigh ionlae a laghdú tuilleadh, agus ar réitigh phraiticiúla chun na críche sin, chun go bhféadfadh rannpháirtithe sa mhargadh fuinneamh a thrádáil chomh gar don fhíor-am agus is féidir. Sa tuarascáil, déanfar an tionchar ar shlándáil an chórais fuinnimh náisiúnta, an chostéifeachtúlacht, an tairbhe do chomhtháthú fuinnimh in-athnuaite agus do laghdú astaíochtaí gás ceaptha a mheas.***’***;***

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘Soláthróidh OAMLanna táirgí lena dtrádáil i margaí lá roimh ré agus ionlae atá beag go leor ó thaobh méide, lena ngabhann méideanna íosta tairisceana de 100kW nó níos lú, chun go mbeidh freagairt don ▌ éileamh, stóráil fuinnimh agus táirgeadh in-athnuaite ar scála beag rannpháirteach go héifeachtach, lena n-áirítear rannpháirtíocht dhíreach ó na custaiméirí***, lena n-áirítear trí chomhiomlánú***.’***;***

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

‘Airteagal 9

Réamh-mhargaí

***-1. Faoin ... [sé mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], eiseoidh oibreoirí córais tarchurtha cearta tarchurtha fadtéarmacha nó beidh bearta coibhéiseacha i bhfeidhm acu chun go bhféadfaidh rannpháirtithe sa mhargadh, lena n-áirítear úinéirí saoráidí giniúna cumhachta a úsáideann fuinneamh in-athnuaite, rioscaí praghais a fhálú thar theorainneacha idir dhá chrios tairisceana. Leithdháilfear cearta tarchurtha fadtéarmacha, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1719, ar bhonn rialta, ar bhealach trédhearcach, margadhbhunaithe agus neamh-idirdhealaitheach, le réimse aibíochtaí suas le trí bliana roimh ré ar a laghad. tacóidh minicíocht leithdháilte na hacmhainneachta traschreasaí fadtéarmaí le feidhmiú éifeachtúil an réamh-mhargaidh; Forbróidh na hoibreoirí córais tarchurtha cur chuige a mbeidh sé d’aidhm aige méid na n-acmhainneachtaí traschreasacha i réamh-mhargaí agus an leachtacht a mhéadú.***

***-1a.*** ***Faoin ... [12 mhí theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle le ENTSO don Leictreachas agus le geallsealbhóirí ábhartha sa mhargadh, measúnú ar a indéanta a bheadh sé réitigh phraiticiúla a chur chun feidhme lena dtabhrfaí aghaidh ar riachtanais fálaithe páritithe sa mhargadh. Sa mheasúnú sin, measfar ar a laghad an méid seo a leanas:***

***(a)*** ***minicíocht na gceantanna i gcomhair cearta tarchurtha fadtéarmacha;***

***(b)*** ***aibíochtaí tárige leormhaithe i gcomhair cearta tarchurtha arna bhfadú go ceann trí bliana ar a laghad;***

***(c)*** ***forbairt margaidh thánaistigh;***

***(d)*** ***glacadh táirgí amhail oibleagáidí maidir le cearta tarchuir airgeadais;***

***(e)*** ***feabhas a chur ar dheimhneacht infheisteoirí agus ar cobhsaíocht praghsanna na dtomhaltóirí;***

***(f)*** ***próiseas maidir le gnóthú costas iomlán chun dul i ngleic le haon rioscaí agus caillteanais airgeadais arna n-eascairt as na bearta breise sin arna áirithiú ag an údarás rialála;***

***(g)*** ***an amlíne don chur chun feidhme.***

1. Faoin ***... [18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], déanfaidh an Coimisiún***, tar éis dó ***dul i gcomhairle le ACER, ENTSO don Leictreachas agus*** ESMA, ***lena n-áirítear geallsealbhóirí ábhartha eile,*** measúnú ar an tiionchar a bheadh ann ***ar fheidhmiú na margaí leictreachais*** dá mbunófaí moil fhíorúla réigiúnacha don réamh-mhargadh ***a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle agus, i gcás inarb iomchuí, déanfaidh sé athbhreithniú ar Rialachán (AE) 2016/1719 ón gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 59(1)***. Díreofar sa ***mheasúnú tionchair***, ***inter alia, ar an méid seo a leanas***:

***(-a)*** ***a chinneadh cén tionchar a bheadh ag moil fhíorúla réigiúnacha ar an réamh-mhargadh, ar oibreoirí córais tarchurtha, ar rannpháirtithe sa mhargadh agus ar thomhaltóirí deiridh ar a laghad agus freisin cé***

***na tairbhí agus na míbhuntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag roinnt le moil fhíorúla réigiúnacha i gcomparáid leis an múnla traschreasach atá ann cheana;***

(a) raon feidhme geografach ***leormhaith*** na mol fíorúil ***réigiúnach*** a shainiú ▌, lena n-áirítear na criosanna tairisceana arb é atá iontu ná na moil sin ***agus cásanna sonracha de chriosanna tairisceana a bheith ina gcuid de dhá mhol fhíorúla nó níos mó***, agus é d'aidhm leis sin an comhghaol praghsanna idir na praghsanna tagartha agus praghsanna na gcriosanna tairisceana ar moil fhíorúla ***réigiúnacha*** iad a uasmhéadú;

***(aa) aird chuí a thabhairt ar leibhéal idirnascachta leictreachais na mBallstát, go háirithe leibhéal idirnascachta leictreachais na mBallstát sin atá faoi bhun na spriocanna idirnaisc do 2020 agus 2030 a leagtar síos in Airteagal 4, pointe (d)(1), de Rialachán (AE) 2018/1999;***

(b) ***meastóireacht a dhéanamh ar*** mhodheolaíocht chun na praghsanna tagartha do na moil fhíorúla ***réigiúnacha*** don réamh-mhargadh a ríomh, chun na comhghaolta idir an praghas tagartha agus praghsanna na gcriosanna tairisceana ar mol fíorúil ***réigiúnach*** ▌ iad a uasmhéadú bunaithe ar chritéir oibiachtúla réamhshainithe;

(c) sainmhíniú ar chearta tarchurtha airgeadais fadtéarmacha ó chriosanna tairisceana chuig na moil fhíorúla ***réigiúnacha*** mar oibleagáidí airgeadais ***a áireamh chun go bhféadfaidh rannpháirtithe sa mhargadh a neamhchosaint ar raonta difríochta praghsanna dearfacha agus diúltacha a fhalú, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le méideanna agus aibíochtaí, agus an gá go dtairgfí trádáil ceart tarchurtha airgeadais fadtéarmach idir gach crios tairisceana agus an mol fíorúil réigiúnach***;

(d) ***conas*** an leas is mó is féidir a bhaint as na deiseanna trádála atá ann i dtaca le táirgí fálaithe a thagraíonn do mhoil fhíorúla ***réigiúnacha*** ▌ agus freisin i dtaca le cearta tarchurtha fadtéarmacha ó chriosanna tairisceana chuig moil fhíorúla ***réigiúnacha;***

***(da) a shonrú conas a thairgfidh an t-ardán aonair um leithdháileadh dá dtagraítear i mír 3 leithdháileadh agus conas a éascóidh sé trádáil ceart tarchurtha fadtéarmach;***

***(db) lena n-áirítear próiseas táscach cur chun feidhme.***

3. Beidh an t-ardán aonair um leithdháileadh arna bhunú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1719 ***ina eintiteas a thairgeann leithdháileadh agus a éascaíonn trádáil ceart tarchurtha fadtéarmach thar ceann na n-oibreoirí córais tarchurtha.*** Beidh foirm dhlíthiúil ***aige*** amhail dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

4. Leis an ardán aonair um leithdháileadh, déanfar an méid seo a leanas:

(a) trádáil ceart tarchurtha fadtéarmach a thairiscint idir gach crios tairisceana agus***, i gcás inarb ábhartha,*** idir gach mol fíorúil ***réigiúnach***; i gcás nach cuid de mhol fíorúil é crios tairisceana, féadfaidh sé cearta tarchurtha fadtéarmacha airgeadais a eisiúint chuig mol fíorúil nó chuig criosanna tairisceana eile atá ina gcuid den réigiún ríofa acmhainneachta céanna;

(b) acmhainneacht thraschreasach fhadtéarmach a leithdháileadh ar bhonn rialta agus ar bhealach trédhearcach, margadhbhunaithe agus neamh-idirdhealaitheach; tacóidh minicíocht leithdháilte na hacmhainneachta traschreasaí fadtéarmaí le feidhmiú éifeachtúil an réamh-mhargaidh;

(c) trádáil a thairiscint i gcearta tarchurtha airgeadais lena mbeidh sealbhóirí na gceart tarchurtha airgeadais sin in ann neamhchosaint ar raonta difríochta praghsanna dearfacha agus diúltacha a bhaint, raonta difríochta a mbeidh aibíochtaí rialta suas le trí bliana amach romhainn ar a laghad acu.

5. Más rud é***, ar bhonn an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo***, a mheasann údarás rialála nach bhfuil deiseanna fálaithe leordhóthanacha ar fáil do rannpháirtithe sa mhargadh, agus tar éis dó dul i gcomhairle le

húdaráis inniúla ábhartha an mhargaidh airgeadais i gcás ina mbaineann na réamh-mhargaí le hionstraimí airgeadais mar a shainmhínítear ***in*** Airteagal 4(1)***, pointe*** (15), ***de Threoir (AE) 2014/65, féadfaidh údaráis rialála*** a cheangal ar mhalartuithe cumhachta nó ar oibreoirí córas tarchurtha bearta breise a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí cruthaithe margaidh, chun feabhas a chur ar leachtacht an réamh-mhargaidh. Faoi réir chomhlíonadh dhlí iomaíochta an Aontais agus Threoir (AE) 2014/65 agus Rialacháin (AE) ***Uimh.*** 648/2012 agus 600/2014, beidh saoirse ag oibreoirí margaidh táirgí fálaithe todhchaíochta a fhorbairt, lena n-áirítear táirgí fálaithe todhchaíochta fadtéarmacha, chun deiseanna iomchuí a sholáthar do rannpháirtithe sa mhargadh, lena n-áirítear úinéirí saoráidí giniúna cumhachta ina n-úsáidtear foinsí fuinnimh in-athnuaite, chun rioscaí airgeadais a eascraíonn as luaineachtaí ar phraghsanna a fhálú. Ní éileoidh na Ballstáit gníomhaíochtaí fálaithe den sórt sin a bheith teoranta do thrádálacha laistigh de Bhallstát nó laistigh de chrios tairisceana.***';***

(7) Leasaítear Airteagal 18 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Leis na modheolaíochtaí taraife, léireofar costais sheasta oibreoirí córais tarchurtha agus oibreoirí córais dáileacháin***,*** breithneofar caiteachas caipitil agus oibríochtúil araon***, nó meascán éifeachtúil den dá cheann,*** chun go mbeidh dreasachtaí iomchuí ann d'oibreoirí córais tarchurtha agus oibreoirí córais dáileacháin sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma, lena n-áirítear infheistíochtaí oirchilleacha, chun ***infheistiú in atreisiú an bhonneagair gréasáin chun an t-aistriú fuinnimh a éascú agus chun infheistiú sna gnéithe fisiceacha agus líonra dhigitigh breise is gá chun na cuspóirí a leagtar amach sna pleananna fuinnimh agus aeráide náisiúnta, agus, ag an am céanna, chun*** éifeachtúlachtaí a mhéadú, lena n-áirítear éifeachtúlacht fuinnimh, chun comhtháthú margaidh, ***acmhainneacht táirgeachta fuinnimh in-athnuaite*** agus slándáil an tsoláthair a chothú, chun tacú le húsáid seirbhísí solúbthachta, ***chun a chumasú gur féidir úsáid a bhaint as socruithe naisc solúbtha,***

infheistíochtaí éifeachtúla ***agus tráthúla,*** lena n-áirítear réitigh chun an eangach atá ann cheana a bharrfheabhsú ***agus chun forbairt eangaí cliste a áirithiú*** agus chun gníomhaíochtaí ***stórála fuinnimh,*** freagartha don éileamh agus taighde gaolmhara a éascú***, chun an tionchar ar an gcomhshaol a laghdú, chun glacadh a chur chun cinn***, agus chun nuálaíocht a éascú ar mhaithe le tomhaltóirí i réimsí amhail digitiú, seirbhísí solúbthachta agus idirnascadh***, go háirithe chun forbairt a dhéanamh ar an mbonneagar is gá chun an sprioc idirnasctha leictreachais íosta de 15 % do 2030 a leagtar síos in Airteagal 4, pointe (d)(1), de Rialachán (AE) 2018/1999 a bhaint amach.***

***Forbróidh na húdaráis rialála, i gcomhar le hoibreoirí córais tarchurtha agus oibreoirí córais dáileacháin, lena n-áirítear geallsealbhóirí ábhartha eile, creat chun a mheasúnú cibé acu a dhéanann oibreoirí córais tarchurtha agus oibreoirí córais dáileacháin gach cineál infheistíochta oircheallaí, amhail infheistíochtaí le haghaidh eangacha a fhorbairt atá nasctha le dlúslimistéir in-athnuaiteán, úsáid bonneagair luchtaithe feithiclí leictreacha nó teaschaidéal, agus modheolaíocht anailíse costais is tairbhe leormhaith chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na n-infheistíochtaí sin, a mheas go leormhaith ina bpleanann forbartha gréasáin.’***;

***(aa)*** ***cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:***

***‘3. I gcás inarb iomchuí, le leibhéal na dtaraifí a chuirfear i bhfeidhm maidir le tairgeoirí nó maidir le custaiméirí deiridh, nó iad araon, soláthrófar comharthaí infheistíochta suímh, amhail dreasachtaí tríd an struchtúr taraife, chun costais an athsheolta agus na costais a ghabhann le hatreisiú na heangaí cumhachta a laghdú, ar leibhéal an Aontais, agus cuirfear san áireamh leis méid na gcaillteanas líonra agus an phlódaithe líonra atá ann, agus costais infheistíochta don bhonneagar.’;***

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

‘8. Leis na modheolaíochtaí taraifí tarchurtha agus dáileacháin, cuirfear dreasachtaí ar fáil d’oibreoirí córas tarchurtha agus dáileacháin chun a ngréasáin a oibriú agus a fhorbairt ar an mbealach is costéifeachtúla, lena n-áirítear trí sheirbhísí a sholáthar. Chun na críche sin, aithneoidh údaráis rialála mar chostais incháilithe, ***lena n-áirítear na costais a bhaineann le hinfheistíochtaí oirchilleacha,*** agus cuirfidh siad san áireamh na costais sin sna taraifí tarchurtha agus dáileacháin agus***, i gcás inarb infheidhme,*** tabharfaidh siad isteach spriocanna feidhmíochta chun dreasachtaí a thabhairt d’oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin chun ***éifeachtúlacht fhoriomlán an chórais, cáilíocht agus slándáil soláthair*** a mhéadú sna gréasáin atá acu, lena n-áirítear trí éifeachtúlacht fuinnimh ***trí bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (18), de Rialachán (AE) 2018/1999***, úsáid seirbhísí solúbthachta ***agus freagartha don éileamh*** agus forbairt eangach cliste agus córas méadraithe chliste ***i gcomhréir le gnéithe an chórais fuinnimh atá i gceist agus na gcuspóirí aeráide***.

***8a. Tairgfidh oibreoirí córas tarchurtha agus dáileacháin an fhéidearthacht comhaontuithe solúbtha nasctha a bhunú sna réimsí sin ina bhfuil acmhainn líonra teoranta nó nach bhfuil acmhainn líonra ar fáil iontu le haghaidh naisc nua, a fhoilseofar i gcomhréir le hAirteagal 50(4a), an chéad fhomhír, den Rialachán seo agus Airteagal 31(3) de Threoir (AE) 2019/944. Sonrófar an méid seo a leanas sna comhaontuithe solúbtha nasctha sin:***

***(a) allmhairiú agus onnmhairiú docht uasta leictreachais ón eangach agus chuig an eangach, chomh maith leis an gcumas solúbtha breise allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin is féidir a nascadh agus a dhifreáil le bloic ama i rith na bliana;***

***(b) na muirir ghréasáin is infheidhme maidir leis na hacmhainneachtaí allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin dochta agus solúbtha araon;***

*(c)* *dóchúlachtaí an chiorraithe má sháraítear an uasacmhainn dhocht;*

*(d)* *fad comhaontaithe an chomhaontaithe um nascadh solúbtha agus an dáta a comhaontaíodh chun nasc a dheonú leis an acmhainn dhocht iomlán a iarradh.*

***Iarrfar ar an úsáideoir córais a iarrann nasc solúbtha eangaí córas rialaithe cumhachta a shuiteáil arna dheimhniú ag comhlacht náisiúnta um chaighdeánú.***

***Áiritheoidh na húdaráis rialála nach n-úsáidfear comhaontuithe solúbtha nasctha mar rogha bhuan agus, dá bhrí sin, nach gcuirfidh siad moill ar athneartú formheasta ar an líonra sna réimsí sainaitheanta.';***

(c) i mír 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

'(f) modhanna chun trédhearcacht a áirithiú i dtaca le socrú agus struchtúr taraifí, lena n-áirítear infheistíochtaí oircheallacha ***arna gcinneadh i ndlúthchomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear geallsealbhóirí in earnáil an iompair agus an téimh agus an fhuaraithe, i gcomhréir leis na cuspóirí ábhartha fuinnimh de chuid an Aontais agus náisiúnta, agus na réimsí luathaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (9a), de Threoir (AE) 2018/2001 a chur san áireamh;***

(d) i mír 9, cuirtear an pointe (i) seo a leanas isteach:

'(i) dreasachtaí le haghaidh infheistíochtaí éifeachtúla i líonraí, lena n-áirítear maidir le hacmhainní ***solúbtha*** agus comhaontuithe solúbtha nasctha.';

(8) in Airteagal 19, leasaítear mír 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

**'**(b) acmhainneachtaí traschreasacha ***a uasmhéadú agus*** a mhéadú trí bharrfheabhsú úsáid idirnascairí atá ann cheana trí bhíthin gníomhaíochtaí ceartaitheacha comhordaithe, i gcás inarb infheidhme, nó costais a chumhdach arna n-eascairt as infheistíochtaí líonraí atá ábhartha

chun plódú idirnascairí a laghdú; nó***’;***

(b) cuirtear pointe (c) a leanas leis:

‘(c) ***mar chuid den phróiseas ceadaithe agus tar éis cinneadh comhordaithe arna dhéanamh ag na Ballstáit lena mbaineann, maidir le limistéir tairisceana*** amach ón gcósta ***a chur chun feidhme agus maidir le dearadh an tsásra tacaíochta, rannchuidiú le páirtchúiteamh do ghineadóirí in-athnuaite amach ón gcósta*** i gcrios tairisceana amach ón gcósta ***i gcás nach bhfuil*** dóthain acmhainneachta ar fáil ar an idirnascaire ***mar a comhaontaíodh sa chomhaontú nasctha*** nó ***in*** eilimintí líonra criticiúla a dhéanann difear d’acmhainneacht an idirnascaire, ***de bhun rialacha ríofa acmhainneachta a leagtar síos in Airteagal 16 (3), (8) agus (9), as a dtiocfaidh caillteanas comhuaineach ioncaim an ghineadóra in-athnuaite amach ón gcósta agus farasbarr ioncaim ar an idirnascaire, ar choinníoll nach comhthiománaí d’fhoirmiú praghsanna aon tomhaltas sa chrios tairisceana; ní úsáidfear ach an t-ioncam idirnascaire breise chun gineadóirí in-athnuaite amach ón gcósta a chúiteamh. Ar bhonn bliantúil, ní rachaidh cúiteamh iomlán na ngineadóirí uile sa chrios tairisceana lena mbaineann thar an ioncam ó phlódú a ghintear ar idirnascairí idir an limistéar tairisceana amach ón gcósta agus na criosanna tairisceana comharsanacha lena mbaineann le linn na dtréimhsí sonracha socraíochta margaidh i gcás ina bhfuil feidhm ag an gcúiteamh sin.***

***Faoin 31 Nollaig 2024, leasóidh an Coimisiún Rialachán (AE) 2015/1222 i gcomhréir le hAirteagal 59 den Rialachán seo a mhéid a bhaineann le mionsonraí cur chun feidhme an chúitimh pháirtigh, ina leagtar amach modheolaíocht chun an cúiteamh páirteach a ríomh agus lena n-áirítear na coinníollacha faoina bhféadfaidh an beart dul in éag.***’;

(9) Cuirtear isteach an Chaibidil IIIa seo a leanas:

‘Caibidil IIIa

Dreasachtaí infheistíochta sonracha chun cuspóirí dícharbónaithe an Aontais a bhaint amach

Airteagal 19a

Comhaontuithe ceannaigh cumhachta

1. ***Déanfaidh*** na Ballstáit ***bacainní a bhaint agus*** éascóidh ***siad*** comhaontuithe ceannaigh cumhachta (‘PPAnna’)***, go háirithe comhaontuithe ceannaigh cumhachta in-athnuaite*** d’fhonn na cuspóirí a leagtar amach ina bplean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide a bhaint amach i leith na gné dícharbónaithe dá dtagraítear in ▌ Airteagal 4***, pointe (a),*** de Rialachán (AE) 2018/1999, ***agus praghasanna leictreachais níos intuartha*** agus margaí leictreachais iomaíocha agus leachtacha á gcaomhnú san am céanna. ***Chun a áirithiú go mbainfear bacainní ar PPAnna, féadfaidh an Coimisiún treoir shonrach a tharraingt suas maidir le conas oibleagáidí riaracháin agus castachtaí cuntasaíochta a bhaineann le PPAnna a mhaolú.***

***1a. Faoin 31 Nollaig 2024, bunóidh an Coimisiún, i gcomhar le OAMLanna, ardán margaidh le haghaidh PPAnna, a bheidh le húsáid ar bhonn deonach, lena n-áirítear na PPAnna caighdeánaithe roghnacha dá dtagraítear in Airteagal 19ab, agus ag an am céanna seachnóidh sé go n-ísleoidh trádáil den sórt sin leachtacht sna margaí leictreachais atá ann cheana. Éascóidh an t-ardán comhthiomsú an éilimh ar PPAnna trí chomhiomlánú.***

2. Áiritheoidh na Ballstáit
***ar bhealach comhordaithe agus i gcás inarb iomchuí le tacaíocht ón mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) nó saoráidí eile ar leibhéal an Aontais***
go mbeidh ionstraimí i bhfeidhm▌ chun na rioscaí airgeadais a laghdú a bhaineann le mainneachtain íocaíochta ceannaitheora faoi chuimsiú PPAnna agus a áirithiú go bhfuil rochtain ag custaiméirí orthu, custaiméirí a bhfuil bacainní iontrála acu ar mhargadh PPA agus nach bhfuil deacracht airgeadais acu i gcomhréir le hAirteagal 107 agus Airteagal 108 CFAE. ***Leis na hionstraimí sin, éascófar comhthiomsú an éilimh ar PPAnna agus féadfar a áireamh leo, inter alia, scéimeanna ráthaíochta ag praghsanna an mhargaidh nó ráthaíochtaí príobháideacha i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais.*** Chun na críche ***sin***, cuirfidh na Ballstáit ionstraimí ar leibhéal an Aontais san áireamh. Cinnfidh na Ballstáit cé na catagóirí custaiméirí a ndíreofar

na hionstraimí sin orthu, agus critéir neamh-idirdhealaitheacha á gcur i bhfeidhm acu ***i measc gach catagóire custaiméirí, go háirithe micrifhiontair, FBManna, teaghlaigh, lena n-áirítear trí chomhbhailitheoirí, comhphobail fuinnimh in-athnuaite, pobail fuinnimh saoránach agus soláthróirí nach bhfuil sócmhainní giniúna ar bith acu***.

3. Áireofar sna scéimeanna ráthaíochta le haghaidh PPAnna arna dtacú ag na Ballstáit**,** ***BEI nó saoráidí eile ar leibhéal an Aontais*** forálacha chun laghdú ar an leachtacht i margaí an leictreachais a sheachaint**,** ní thabharfaidh siad tacaíocht do cheannach giniúna ó bhreoslaí iontaise ***agus ní chuirfidh siad cosc ar na gineadóirí atá faoi réir a bheith rannpháirteach i margaí cothromúcháin agus i margaí na seirbhísí coimhdeacha***. ***I gcás ina gceadaítear leis na coinníollacha sin, tacóidh na scéimeanna ráthaíochta sin go heisiach le ceannach giniúna nua in-athnuaite.***

4. Ceadóidh na scéimeanna tacaíochta don leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite ▌ rannpháirtíocht tionscadal a fhorchoimeádann cuid den leictreachas atá le díol trí PPA ***in-athnuaite*** nó socruithe margadhbhunaithe eile***, ar choinníoll nach bhfuil an dá pháirtí in PPA á rialú ag an eintiteas céanna ach amháin má ghníomhaíonn an ceannaitheoir mar chomhbhailitheoir custaiméirí a bhfuil bacainní iontrála rompu ar mhargadh PPA, agus ar choinníoll go seachnófar gealltanas dúbailte den acmhainneacht chéanna.***

***4a. Agus scéimeanna tacaíochta den sórt sin á ndearadh acu, féachfaidh na Ballstáit*** le húsáid a bhaint as critéir mheastóireachta chun tairgeoirí a dhreasú chun rochtain custaiméirí a bhfuil bacainní iontrála acu ***ar mhargadh PPA a éascú, ar choinníoll nach mbeidh tionchar diúltach aige sin ar iomaíocht sa mhargadh***. ▌

5. Sonróidh PPAnna an crios tairisceana seachadta agus an fhreagracht as cearta tarchurtha traschreasacha a dhaingniú i gcás athraithe ar chrios tairisceana i gcomhréir le hAirteagal 14.

6. Sonróidh PPAnna na coinníollacha faoina bhféadfaidh custaiméirí agus táirgeoirí imeacht as PPAnna, mar atá aon táille scoir agus tréimhse fógra is infheidhme, i gcomhréir le dlí iomaíochta an Aontais.

***6a.	Áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfar bearta rialála a athbhreithniú ar bhealach a athróidh téarmaí PPAnna, nó a dhéanfaidh dochar dóibh, a síníodh roimh dháta theacht i bhfeidhm an bhirt rialála.***

***6b.	Faoi Eanáir 2026 agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún a mheas an ann do bhacainní fós agus an bhfuil dóthain trédhearcachta sna margaí PRAnna.***

*Airteagal 19aa*

*Bunachar sonraí PPA an Aontais*

***1.	Déanfaidh ACER bunachar sonraí PPA de chuid an Aontais (an 'Bunachar Sonraí') a chur ar bun, a chothabháil agus a bhainistiú. Feidhmeoidh an bunachar sonraí sin mar ardán digiteach agus úsáidfear é chun faireachán ACER agus na n-údarás rialála ar fhaisnéis ábhartha maidir le PPAnna arna síniú san Aontas a éascú. Féadfaidh údaráis rialála bunachair shonraí chomhchosúla a bhunú ar an leibhéal náisiúnta.***

***2.	Chun críche an Bunachar Sonraí a bhunú, déanfaidh rannpháirtithe sa mhargadh atá ag dul i mbun PPAnna, nó daoine atá ag gníomhú thar a gceann, mionsonraí na PPAnna a sholáthar do ACER. Ní bheidh rannpháirtithe sa mhargadh a thuairiscigh taifid ar PPAnna i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 faoi réir oibleagáidí tuairiscithe dúbailte a bhaineann leis na conarthaí sin.***

***3.	Ar bhonn na faisnéise arna bailiú, foilseoidh ACER tuarascáil bhliantúil ar mhargadh PPA ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát mar chuid den tuarascáil faireacháin dá dtagraítear in Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2019/942.***

***4.	Forbróidh ACER sonraíochtaí teicniúla agus feidhmiúla an Bhunachair Sonraí, lena n-áirítear an sásra idir-inoibritheach um malartú sonraí don mhalartú faisnéise le hardáin na n-údarás rialála náisiúnta agus an fhormáid le haghaidh ríomhaighneachtaí. Áiritheoidh ACER go mbeidh an Bunachar Sonraí ag feidhmiú go hiomlán faoin ... [12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].***

***5. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na sonraí, uainiú agus cineál tuairiscithe a shonrú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 67(2).***

***Airteagal 19ab***
***PPAnna Caighdeánaithe Deonacha***

***Forbróidh ACER, in éineacht leis na OAMLanna agus, tar éis dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha, PPAnna caighdeánaithe a fhorbairt a cheapfar chun an nós imeachta a shimpliú agus chun próifíl riosca custaiméirí de mhéid éagsúil a mheaitseáil. Is ar bhonn deonach a úsáidfear na PPAnna caighdeánaithe sin do na páirtithe conarthacha. Beidh na tréithe seo a leanas, inter alia, ag PPAnna caighdeánaithe:***

***(a) tréimhsí conartha gearrthéarmacha a thairiscint, suas le cúig bliana san áireamh;***

***(b soláthar leictreachais a thairiscint ag tráthchláir éagsúla;***

***(c) foirmlí praghais éagsúla a sholáthar;***

***(d) an phróifíl ualaigh a theastaíonn ón gcustaiméir a mheas.***

***Féadfaidh na conarthaí caighdeánaithe na coinníollacha faoina bhféadfaidh custaiméirí agus táirgeoirí imeacht as PPAnna a shonrú freisin, amhail aon táille scoir agus tréimhse fógra is infheidhme, i gcomhréir le dlí iomaíochta an Aontais.***

***Airteagal 19ac***
***Scéim Cheantála Fuinnimh In-athnuaite na hEorpa***

***1. I gcás, ar bhonn a mheasúnaithe ar na dréachtphleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide de bhun Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2018/1999, ina measann an Coimisiún nach leor rannchuidithe na mBallstát chun an 2.5 % breise a bhaint amach chun an sprioc 45 % den fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a bhaint amach in olltomhaltas deiridh fuinnimh an Aontais in 2030 de bhun Threoir (AE) 2018/2001, déanfaidh an Coimisiún bearta breise chun an sprioc sin a bhaint amach, a bhféadfadh ionstraimí ar leibhéal an Aontais a bheith ar áireamh inti, amhail ceantanna ar fud na hEorpa, go háirithe ráthaíochtaí***

***breise le haghaidh PPAnna ón Aontas chomh maith le conarthaí dhá threo le haghaidh difríochtaí chun tacú le hacmhainneachtaí breise fuinnimh a imlonnú a chomhfhreagraíonn don 2.5 % breise ar a laghad chun sprioc an Aontais de 45 % a bhaint amach.***

***2. Féadfar a áireamh ar na bearta breise dá dtagraítear i mír 1 infheistíochtaí i mbonneagar comhlonnaithe nó i stóráil chun comhtháthú chóras cumhachta an leictreachais in-athnuaite arna ghiniúint a chumasú.***

Airteagal 19b

Scéimeanna tacaíochta praghais dhírigh le haghaidh infheistíochtaí nua i nginiúint ***leictreachais***

1. Beidh scéimeanna tacaíochta praghais dhírigh le haghaidh infheistíochtaí nua chun leictreachas a ghiniúint ó na foinsí a liostaítear i mír 2 i bhfoirm ***conarthaí*** dhá threo le haghaidh difríochtaí***, nó scéimeanna coibhéiseacha lena mbaintear amach na spriocanna céanna tar éis don Choimisiún iad a mheasúnú agus a fhormheas ar choibhéis scéimeanna den sórt sin***. ***Beidh rannpháirtíocht i scéimeanna den sórt sin deonach do na rannpháirtithe sa mhargadh. Déanfar na scéimeanna sin a leithdháileadh trí nós imeachta iomaíoch, oscailte, trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus costéifeachtach, i gcomhréir leis na rialacha maidir le Státchabhair, lena gcoiscfear saobhadh míchuí ar fheidhmiú éifeachtúil na margaí leictreachais agus lena ndéantar dreasachtaí a choimeád chun oibriú agus páirt a ghlacadh go héifeachtúil sna margaí leictreachais***. Ar na hinfheistíochtaí nua chun leictreachas a ghiniúint, áireofar infheistíochtaí i saoráidí nua giniúna cumhachta ***nó*** infheistíochtaí ***arb é is aidhm dóibh*** saoráidí giniúna cumhachta atá ann cheana ***a athchumhachtú nó infheistíochtaí a bhfuil sé mar aidhm leo*** saoráidí giniúna cumhachta atá ann cheana ***a leathnú más suntasach an méadú ar an toilleadh giniúna cumhachta***.

***I gcás infheistíochtaí arb é is aidhm dóibh na saoráidí giniúna cumhachta atá ann cheana a leathnú, beidh conarthaí dhá threo le haghaidh difríochtaí teoranta go docht don sciar den toilleadh giniúna cumhachta iomlán a léiríonn costais na hinfheistíochta nua i ndáil le costais iomlána infheistíochta na saoráide giniúna cumhachta.***

***Beidh feidhm ag an gcéad fhomhír maidir le conarthaí faoi scéimeanna tacaíochta praghais dhírigh le haghaidh infheistíochtaí nua giniúna arna dtabhairt i gcrích amhail ón ... [bliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].***

***Áiritheoidh na Ballstáit nach sáróidh méid agus leibhéal na gconarthaí dhá threo le haghaidh difríochtaí nach n-eisítear mar chuid de phróiseas tairisceana iomaíoch faoi Threoir (AE) 2018/2001 leibhéal agus méid na gconarthaí sin arna n-eisiúint mar chuid de phróisis tairisceana iomaíocha ina mBallstát faoi seach.***

2. Beidh feidhm ag mír 1 maidir le hinfheistíochtaí nua i nginiúint leictreachais ó na foinsí seo a leanas:

(a) fuinneamh gaoithe;

(b) grianfhuinneamh;

(c) fuinneamh geoiteirmeach;

(d) hidreachumhacht gan taiscumar;

(e) fuinneamh núicléach**.**

3. Maidir le scéimeanna tacaíochta praghais dhírigh ***dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh siad an méid seo a leanas ar a laghad***:

(a) ceapfar iad ionas go ndáilfear an t-ioncam a bhaileofar nuair a bheidh praghas an mhargaidh os cionn an phraghais ceangail ar ▌ custaiméirí deiridh leictreachais***, agus aird ar leith á tabhairt ar chustaiméirí leochaileacha agus custaiméirí atá i mbaol na bochtaineachta fuinnimh mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (52) de Threoir [EED]***. ***Féadfaidh na Ballstáit an t-ioncam a thiomnú freisin chun costais na scéime tacaíochta a chúiteamh i gcás ina bhfuil praghas an mhargaidh faoi bhun an phraghais ceangail, nó chun tacú le hinfheistíochtaí don aistriú fuinnimh i bhforbairt eangaí dáileacháin, foinsí fuinnimh in-athnuaite, bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha, éifeachtúlacht agus stóráil fuinnimh, nó chun tionscail dianfhuinnimh atá i mbaol sceitheadh carbóin a chumhdach má léiríonn siad laghduithe suntasacha ar astaíochtaí trína n-iarrachtaí dícharbónaithe***

***chun aeráidneodracht a bhaint amach, lena n-áirítear plean claochlaithe ina leagtar amach príomhghnéithe ar a gconair. Ioncam a dháiltear ar chustaiméirí deiridh ar gnóthais dianfhuinnimh iad, cumhdóidh siad gach gnóthas i gcomhréir lena*** sciar tomhaltais (aisíocaíocht ▌ chéanna in aghaidh an Mwh arna chaitheamh)***. Beidh an t-ioncam a dháileadh i gcomhréir le modheolaíocht chothrom, thrédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach***;

(b) a áirithiú go ndéanfar an t-ioncam a dháileadh ar na custaiméirí deiridh leictreachais ionas nach gcuirfear deireadh leis na dreasachtaí atá ag tomhaltóirí a dtomhaltas a laghdú nó é a aistriú go tréimhsí ina mbeidh praghsanna leictreachais íseal agus nach mbainfear an bonn den iomaíocht idir soláthróirí leictreachais;

***(ba) critéir suímh a chur san áireamh chun a áirithiú go ndéanfar infheistíochtaí nua don ghiniúint leictreachais i suíomhanna optamacha, agus dálaí plódaithe agus pleananna forbartha eangaí á gcur san áireamh;***

***(bb) ba cheart iad a dhearadh sa chaoi nach ndéanfar leibhéal na tacaíochta agus na coinníollacha a ghabhann léi a dheonaítear do na tionscadail fuinnimh a athbhreithniú ar bhealach a mbeidh drochthionchar aige ar na cearta a thugtar faoi agus a bhainfidh an bonn ó inmharthanacht eacnamaíoch tionscadal a bhaineann tairbhe as tacaíocht cheana féin. Féadfaidh na Ballstáit leibhéal na tacaíochta a oiriúnú bunaithe i gcomhréir le critéir oibiachtúla, ar choinníoll go ndéantar na critéir sin a bhunú i mbunleagan an scéim tacaíochta;***

***(bc) clásail phionóis a áireamh atá infheidhme i gcás ina ndéanfar an conradh a fhoirceannadh go haontaobhach go luath;***

***(bd) ní bhfaighidh siad tacaíocht le haghaidh táirgeachta in aon tréimhse ina bhfuil margadhluach na táirgeachta sin diúltach;***

***(be) an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith acu ar leachtacht an réamh-mhargaidh agus ar iomaíocht idir soláthróirí a íoslaghdú;***

*(bf)* ***beidh siad deartha chun na dreasachtaí a choinneáil don tsaoráid giniúna oibriú agus páirt éifeachtúil a ghlacadh sna margaí leictreachais, go háirithe chun a táirgeadh a choigeartú chun imthosca an mhargaidh a léiriú;***

*(bg)* ***deartha chun Airteagal 4(2) agus (3), an chéad fhomhír agus an tríú fomhír, de Threoir (AE) 2018/2001, agus rialacha maidir le Státchabhair agus dlí na hiomaíochta a chomhlíonadh.***

***3a. Faoin ... [12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], déanfaidh an Coimisiún treoirlínte a tharraingt suas maidir le cur chun feidhme conarthaí dhá threo do dhifríochtaí chun cabhrú leis na Ballstáit agus iad á mbunú.***

***3b. Déanfaidh ACER faireachán ar chur chun feidhme scéimeanna tacaíochta praghais dhírigh sna Ballstáit agus eiseoidh sé tuarascáil ar chur chun feidhme agus ar thionchar na scéimeanna tacaíochta praghsanna ar iomaíocht agus ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh leictreachais.***

Airteagal 19c

Measúnú ar riachtanais solúbthachta

1. ***Laistigh de 12 mhí ó dháta glactha an togra dá dtagraítear i mír 6*** agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin, déanfaidh údarás rialála gach Ballstáit measúnú agus dréachtóidh sé tuarascáil ar ***na riachtanais mheasta maidir*** le solúbthacht ***ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear riachtanais solúbthachta i*** gcóras leictreachais ***glan‑nialasach a bheidh ann amach anseo*** ar feadh tréimhse ***10*** mbliana ar a laghad, i bhfianaise an ghá atá ann cinnteacht an tsoláthair a bhaint amach go héifeachtach ó thaobh costais de agus an córas cumhachta a dhícharbónú, ***rannchuidiú le cobhsaíocht agus iontaofacht an chórais sin agus le bainistiú agus forbairt éifeachtúil na ngréasán leictreachais,*** agus comhtháthú ***na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite agus*** na n-earnálacha éagsúla ***lena n-áirítear cúpláil earnála ionchasach*** á gcur san áireamh. Beidh ***na tuarascálacha*** bunaithe ar na sonraí agus ar na hanailísí arna soláthar ag oibreoirí córas tarchurtha agus dáileacháin ***an*** Bhallstáit ***lena mbaineann, tar éis comhairliúchán poiblí a dhéanamh, lena n-áirítear na geallsealbhóirí ábhartha ar fad***, de bhun ***mhíreanna*** 2 ***agus 3 den Airteagal seo*** agus úsáid á baint as an modheolaíocht de bhun ***mhír 4 den Airteagal***

***sin**. **Áireofar sna tuarascálacha sin measúnú ar an tsolúbthacht trasteorann atá ar fáil, lena n-áirítear an dul chun cinn a rinneadh i dtreo na sprice 15 % den idirnascadh leictreachais do 2030 a leagtar síos in Airteagal 4, pointe (d)(1), de Rialachán (AE) 2018/1999. Cuirfear san áireamh sna tuarascálacha sin an measúnú Eorpach ar leormhaitheas acmhainní dá dtagraítear in Airteagal 23 den Rialachán seo agus na measúnuithe náisiúnta leordhóthanachta dá dtagraítear in Airteagal 20 den Rialachán seo.***

***1a. Faoin 1 Eanáir 2026 agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin, déanfaidh ACER tuarascáil a tharraingt suas chun measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le solúbthacht sa chóras leictreachais ar leibhéal an Aontais agus a acmhainneacht atá ar fáil go heacnamaíoch ar feadh tréimhse 10 mbliana ar a laghad. Déanfaidh ACER measúnú freisin ar tháirgí níos gearrthéarmaí a thabhairt isteach le haghaidh solúbthachta, sócmhainní agus naisc sholúbtha gréasáin, agus ceanglais réamhcháilithe níos fearr maidir le rannpháirtíocht sna margaí cothromúcháin. Laistigh de bhliain, gheobhaidh na Ballstáit moltaí ó ACER chun an tuarascáil náisiúnta a oiriúnú, i gcás inarb infheidhme.***

2. Áireofar ***sna tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1 agus mír 1a measúnú*** ar ***na cineálacha riachtanas éagsúil maidir*** le solúbthacht chun leictreachas arna ghiniúint ó fhoinsí in-athnuaite a chomhtháthú sa chóras leictreachais agus machnamh a dhéanamh, go háirithe, ar an acmhainneacht a bhaineann le solúbthacht neamh-iontaise amhail freagairt don éileamh ▌ agus stóráil ***fuinnimh***, chun an gá ***sin*** a chomhlíonadh, ar leibhéil tarchurtha agus dáileacháin araon. Déanfar idirdhealú ***sna tuarascálacha*** idir ***riachtanais solúbthachta laistigh de na tréimhsí ama ábhartha ar fad, agus, ar a laghad, idirbhliantúil,*** séasúracha, laethúla agus in aghaidh na huaire***, agus idir riachtanais solúbthachta criosaí, áiritheofar go ndéanfar breithniú ar gach seirbhís choimhdeach, go ndéanfar plódú laistigh de chrios tairisceana agus leibhéil chiorrúcháin fuinnimh in-athnuaite a mheas***. ***Áireofar sna tuarascálacha, inter alia, cás géarchéime praghsanna arda breoslaí iontaise agus cás 'gnó mar is gnách' agus molfar íosleibhéil lena ndéanfar éifeachtúlacht córais agus athléimneacht a áirithiú i gcomhréir le cuspóirí fuinnimh agus aeráide an Aontais.***

***2a.*** ***Áireofar freisin sna tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 1a meastóireacht ar bhearta arb é is aidhm dóibh margaí a fheabhsú le haghaidh soláthar seirbhísí cobhsaíochta córais ó acmhainní solúbthachta neamh-iontaise, lena n-áirítear moltaí maidir le bacainní iontrála ar fhoinsí solúbthachta neamh-iontaise a bhaint.***

3. Soláthróidh oibreoirí córas tarchurtha agus dáileacháin ***leictreachais*** gach Ballstáit***, agus, arna iarraidh sin, oibreoirí córas tarchurtha agus dáileacháin gáis agus hidrigine,*** na sonraí agus na hanailísí is gá chun na ***tuarascálacha*** dá dtagraítear i ***míreanna*** 1 ***agus 1a*** a ullmhú don údarás rialála.

4. Déanfaidh ENTSO don Leictreachas agus eintiteas AE do OCDanna oibreoirí córas tarchurtha agus dáileacháin a chomhordú a mhéid a bhaineann leis na sonraí agus na hanailísí atá le soláthar i gcomhréir le mír ***3***. Déanfaidh siad na nithe seo a leanas go háirithe:

(a) ***ceanglais agus*** formáid ***na sonraí*** a shainiú ***i gcomhréir le mír 6 den Airteagal sin*** a chuirfidh na hoibreoirí córas tarchurtha agus dáileacháin ar fáil do na húdaráis rialála; ***áireofar leis na ceanglais sin maidir le sonraí córais amchlár chun an líonra cumhachta a dhigitiú;***

(b) modheolaíocht a fhorbairt ionas go ndéanfaidh oibreoirí córas tarchurtha agus dáileacháin anailís ar na riachtanais solúbthachta ***chun optamú na heangaí agus slándála soláthair a áirithiú agus***, ag cur san áireamh, ar a laghad, gach foinse solúbthachta atá ann cheana ***ar bhealach costéifeachtach*** agus gach infheistíocht atá beartaithe ar leibhéal an idirnaisc, an tarchuir agus an dáileacháin***, riachtanais agus leibhéal solúbthachta an chuid eile de na Ballstáit atá idirnasctha go díreach*** chomh maith leis ***an leibhéal foinsí fuinnimh in-athnuaite sa mheascán leictreachais is gá chun an sprioc a leagtar amach in Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2018/2001 a bhaint amach agus*** an gá atá ann an córas leictreachais a dhícharbónú ***i gcomhréir le Comhaontú Pháras agus leis an gcuspóir aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí;***

***(ba)*** ***critéir threoracha a sholáthar maidir le conas measúnú a dhéanamh ar chumas na bhfoinsí solúbthachta is oiriúnaí chun na riachtanais a***

***chumhdach;***

***(bb)*** ***deighilt na solúbthachta i gcreataí ama éagsúla agus na ceanglais maidir le measúnú ar sholúbthacht ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta a shainiú, ag cur san áireamh ar a laghad na hinfheistíochtaí uile atá ann cheana agus a bhfuiltear ag súil leo in acmhainní solúbtha sa chóras idirnasctha chomh maith le hinfheistíochtaí atá beartaithe in idirnaisc do na 10 mbliana ina dhiaidh sin;***

***(bc)*** ***na spriocdhátaí a mholadh do sholáthar na sonraí agus na n-anailísí is gá le haghaidh na dtuarascálacha dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 1a.***

5. Oibreoidh ENTSO don Leictreachas agus eintiteas AE do OCDanna i ndlúthchomhar le chéile maidir le comhordú na n-oibreoirí córas tarchurtha agus dáileacháin ***maidir le soláthar sonraí agus anailísí de bhun mhír 4***.

6. Faoin 1 Márta 2024, cuirfidh ENTSO don Leictreachas agus eintiteas AE do OCDanna togra faoi bhráid ACER go comhpháirteach maidir leis na cineálacha sonraí agus formáide atá le cur faoi bhráid na n-údarás rialála agus maidir leis an modheolaíocht d'anailísí ***na riachtanas solúbthachta*** dá dtagraítear i mír ***4***. Laistigh de 3 mhí ón am a gheobhaidh sé an togra, déanfaidh ACER an togra a ghlacadh nó a leasú. Más leasú a dhéanfar, rachaidh ACER i gcomhairle leis an ***nGrúpa Comhordaithe Leictreachais,*** ENTSO don Leictreachas agus le heintiteas AE do OCDanna sula nglacfaidh sé na leasuithe. Foilseofar an togra leasaithe ar shuíomh gréasáin ACER ***agus is éard a bheidh ann an fhormáid choiteann aonair arna húsáid ag gach oibreoir córais tarchurtha agus dáileacháin chun na hoibleagáidí faoi mhír 3 a chomhlíonadh***.

7. Cuirfidh na húdaráis rialála na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1 faoi bhráid ACER agus foilseoidh siad iad. Laistigh de ***shé*** mhí tar éis dó na tuarascálacha a fháil, eiseoidh ACER ***agus an Bord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide (ESABCC)*** tuarascáil ina ndéanfar anailís orthu***, agus conclúidí na tuarascála dá dtagraítear i mír 1a á gcur san áireamh,*** agus ina soláthrófar moltaí ***maidir le bacainní iontrála ar acmhainní solúbtha neamh-iontaise a bhaint agus*** maidir le saincheisteanna a bhfuil ábharthacht trasteorann ag baint leo maidir le torthaí na n-údarás rialála. ***Laistigh de 12 mhí, féadfaidh ESABCC tuairim a***

***thíolacadh ar an modheolaíocht agus tuarascáil a eisiúint ina ndéanfar anailís ar chomhlíonadh chuspóirí aeráide an Aontais agus spriocanna Chomhaontú Pháras.***

***7a.*** ***Cuirfidh na Ballstáit an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 faoi bhráid an Choimisiúin agus cuirfidh siad ar fáil don phobal iad. Ar bhonn na dtuarascálacha sin, féadfaidh an Coimisiún moltaí a eisiúint ar mhodheolaíocht dea-chleachtais.***

***7b.*** ***Úsáidfear an measúnú náisiúnta ar riachtanais solúbthachta mar ionchuir i raon feidhme na modheolaíochta a leagadh síos le haghaidh na measúnuithe Eorpacha ar leormhaitheas acmhainní i gcomhréir le hAirteagal 23(3), na modheolaíochta a leagadh síos don Phlean Forbartha Gréasáin Deich mBliana agus na modheolaíochta arna leagan síos do Phlean Forbartha Gréasáin na n-oibreoirí córas dáileacháin.***

***7c.*** ***Déanfaidh ENTSO don Leictreachas an plean forbartha gréasáin uile-Aontais a thabhairt cothrom le dáta chun torthaí aon mheasúnuithe ar riachtanais solúbthachta a chur san áireamh, chomh maith le haon mholtaí ó ESABCC.***

Airteagal 19d

***Cuspóirí*** náisiúnta táscach maidir le freagairt don éileamh▌ agus stóráil fuinnimh

***1.*** ***Ar bhonn na*** tuarascála ón údarás rialála ***dá dtagraítear in*** Airteagal 19c(1), saineoidh gach Ballstát ▌***cuspóirí*** náisiúnta táscacha ***inchainníochtaithe ar leithligh*** maidir le freagairt don éileamh▌ agus stóráil ***fuinnimh bunaithe ar an acmhainneacht atá ar fáil agus forbróidh sé plean chun na cuspóirí sin a bhaint amach, agus aird á tabhairt ar na foinsí solúbthachta neamhiontaise go léir ag a bhfuil na réitigh is costéifeachtúla, na tráthchláir uile, agus infhaighteacht acmhainneachta trasteorann agus lena n-áirítear treochláir agus bearta nithiúla chun bacainní ar rannpháirtíocht solúbthachta amhail freagairt don éileamh agus stóráil fuinnimh sa mhargadh a laghdú***. ***Sna cuspóirí*** náisiúnta táscacha ***sin, tabharfar san áireamh tuairim agus moltaí ACER dá dtagraítear in Airteagal 19c(7), áireofar iontu cainníochtú na hacmhainneachta iarbhír atá ar fáil agus na hacmhainneachta tuartha agus an luacha fuinnimh, agus*** léireofar iad sin freisin i bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide na mBallstát a mhéid a

bhaineann leis an ngné ‘An Margadh Inmheánach Fuinnimh’ i gcomhréir le hAirteagail 3, 4 agus 7 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus ina dtuarascálacha comhtháite débhliantúla ar dhul chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2018/1999***, chomh maith leis na measúnuithe Eorpacha ar leormhaitheas acmhainní i gcomhréir le hAirteagal 23 (3), agus áireofar na cuspóirí sa Phlean Forbartha Gréasáin Deich mBliana agus i bpleananna forbartha na n-oibreoirí córais dáileacháin. An plean chun an chéad mheastóireacht solúbthachta a chur i gcrích, déanfar é a ionchorprú i bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide 2024 mar aguisín nuair a chríochnófar iad. Na Ballstáit a bhfuil cuspóirí sainithe acu cheana féin maidir le freagairt don éileamh agus stóráil ina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide roimh... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], féadfaidh siad na cuspóirí sin a úsáid go dtí go dtabharfar cothrom le dáta iad i gcomhréir leis an tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 19c(1)***.

***1a.*** ***Faoi mhí an Mheithimh 2025, déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó measúnú a dhéanamh ar na cuspóirí náisiúnta maidir le freagairt don éileamh agus stóráil fuinnimh dá dtagraítear i mír 1 agus arna gcur in iúl ag na Ballstáit trína bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus ag tabhairt san áireamh na tuairime agus na moltaí ó ACER dá dtagraítear in Airteagal 19c(7), tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar measúnú ar na pleananna náisiúnta. Ar bhonn chonclúidí na tuarascála sin, tarraingeoidh an Coimisiún suas straitéis an Aontais maidir le freagairt don éileamh agus stóráil fuinnimh atá i gcomhréir le spriocanna 2030 an Aontais maidir le fuinneamh agus aeráid mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (11), de Rialachán (AE) 2018/1999 agus leis an gcuspóir aeráidneodrachta a leagtar síos in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2021/1119, a bhféadfaidh togra reachtach a bheith ag gabháil léi, i gcás inarb iomchuí, lena leasófar an Rialachán seo agus lena dtabharfar isteach íosfhreagairt don éileamh agus spriocanna stórála fuinnimh ar leibhéal an Aontais.***

***1b.*** ***Áireoidh na hoibreoirí córas tarchurtha agus dáileacháin ina bpleananna forbartha gréasáin na cuspóirí náisiúnta maidir le freagairt don éileamh agus***

***stóráil fuinnimh dá dtagraítear i mír 1.***

Airteagal 19e

Scéimeanna tacaíochta solúbthachta

1. Na Ballstáit a chuireann sásra acmhainneachta i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 21, breithneoidh siad cur chun cinn rannpháirtíocht ***acmhainní solúbtha*** neamh-iontaise, amhail freagairt don éileamh▌ agus stóráil ***fuinnimh*** trí chritéir nó gnéithe breise a thabhairt isteach i gceapadh an tsásra acmhainneachta ***lena áirithiú go mbeidh dearadh an táirge, lena n-áirítear na ceanglais rannpháirtíochta ar fad, margadhbhunaithe agus nach gcuirfear leo aon bhacainní míchuí ar fhreagairt don éileamh agus stóráil fuinnimh.***

2. I gcás nach leor na bearta a thugtar isteach i gcomhréir le mír 1 chun rannpháirtíocht ***acmhainní solúbtha*** neamh-iontaise a chur chun cinn amhail freagairt don éileamh agus stóráil ***fuinnimh*** i sásraí acmhainneachta chun na riachtanais solúbthachta arna sainaithint i gcomhréir le ***hAirteagal*** 19d a bhaint amach, féadfaidh na Ballstáit scéimeanna tacaíochta solúbthachta a chur i bhfeidhm arb é atá iontu íocaíochtaí don acmhainn atá ar fáil d'***acmhainní solúbtha*** neamh-iontaise amhail ▌ freagairt don éileamh agus stóráil ***fuinnimh***, ***lena n-áirítear seirbhísí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha nó hidreachumhacht le taiscumar agus/nó caidéal***.

3. Na Ballstáit nach gcuireann sásra acmhainneachta i bhfeidhm, féadfaidh siad scéimeanna tacaíochta solúbthachta a chur i bhfeidhm arb é atá iontu íocaíochtaí i leith na hacmhainne solúbthachta neamh-iontaise atá ar fáil, amhail freagairt don éileamh ▌ agus stóráil ***fuinnimh lena n-áirítear seirbhísí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha nó hidreachumhacht le taiscumar agus/nó caidéal***.

Airteagal 19f

Prionsabail dearaidh le haghaidh scéimeanna tacaíochta solúbthachta

Déanfaidh an scéim tacaíochta solúbthachta le haghaidh ***acmhainní solúbtha*** neamh-iontaise amhail freagairt don éileamh agus stóráil ***fuinnimh*** arna cur i bhfeidhm ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 19e ▌ an méid seo a leanas:

(a) ní rachaidh sí thar a bhfuil riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais solúbthachta shainaitheanta ar bhealach costéifeachtach;

(b) beidh sí teoranta d’***acmhainní solúbtha*** ▌ neamh-iontaise amhail freagairt don éileamh ▌ agus stóráil ***fuinnimh***;

***(ba) critéir suímh a chur san áireamh chun a áirithiú go ndéanfar infheistíochtaí in acmhainneacht nua i suíomhanna optamacha;***

(c) ▌ ní thabharfar le tuiscint léi go dtosófaí ar ghiniúint atá bunaithe ar bhreosla iontaise agus atá suite taobh thiar den phointe méadraithe;

(d) soláthraithe acmhainne a roghnú trí phróiseas oscailte, trédhearcach, iomaíoch, ***deonach,*** neamh-idirdhealaitheach agus costéifeachtach;

(e) saobhadh míchuí ar fheidhmiú éifeachtúil na margaí leictreachais a chosc, lena n-áirítear dreasachtaí oibríochta éifeachtúla agus comharthaí praghais agus neamhchosaint ar éagsúlacht praghsanna agus ar riosca margaidh ***a choimeád***;

(f) dreasachtaí a sholáthar chun comhtháthú a dhéanamh sa mhargadh leictreachais ar bhealach margadhbhunaithe agus margadhfhreagrúil, agus saobhadh neamhriachtanach ar na margaí leictreachais á sheachaint san am céanna chomh maith le costais a d’fhéadfadh a bheith ann maidir le comhtháthú córais agus cobhsaíocht ***agus plódú*** eangaí a chur san áireamh;

(g) íosleibhéal rannpháirtíochta sa mhargadh a leagan amach i dtéarmaí fuinnimh ghníomhachtaithe, lena gcuirtear san áireamh sainiúlachtaí teicniúla na stórála ***fuinnimh*** agus ***sócmhainní*** na freagartha don éileamh;

(h) pionóis iomchuí a chur i bhfeidhm ar sholáthraithe acmhainne nach n-urramaíonn an t-íosleibhéal rannpháirtíochta sa mhargadh dá dtagraítear i bpointe (g), nó nach leanann dreasachtaí oibríochta agus comharthaí praghsanna éifeachtúla;

(i) ***i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil,*** go bhfuil sí oscailte do rannpháirtíocht trasteorann.’;

***(9a) in Airteagal 21, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:***

***‘1. Chun deireadh a chur le hábhair imní iarmharacha i dtaca le leormhaitheas acmhainní, féadfaidh na Ballstáit, le linn dóibh na bearta dá dtagraítear in Airteagal 20(3) den Rialachán seo a chur chun feidhme i gcomhréir le***

***hAirteagail 107, 108 agus 109 de CFAE, sásraí acmhainneachta a thabhairt isteach.';***

(10) in Airteagal 37(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) agus ríomh acmhainneachta comhordaithe á dhéanamh aige i gcomhréir leis na modheolaíochtaí a forbraíodh de bhun na treoirlíne maidir le leithdháileadh acmhainne fadtréimhseach, na treoirlíne maidir le leithdháileadh acmhainneachta agus bainistiú ar phlódú agus na treoirlíne maidir le cothromú leictreachais a glacadh ar bhonn Airteagal 18(5) de Rialachán (CE) Uimh. 714/2009;';

(11) Leasaítear Airteagal 50 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír 4a seo a leanas isteach:

'4a. Foilseoidh na hoibreoirí córas tarchurtha, ar bhealach soiléir agus trédhearcach, faisnéis maidir leis an acmhainneacht atá ar fáil le haghaidh nasc nua ina limistéir oibríochta faoi seach ***le taifeach ard agus gráinneacht eangaí, agus slandáil faisnéise rúnaicmithe agus rúndacht sonraí á n-urramú***, lena n-áirítear ***na critéir a úsáidtear chun an acmhainn sin atá ar fáil a ríomh amhail toimhdí ciorrúcháin, leibhéal na hacmhainne féintomhaltais suiteáilte, saintréithe toipeolaíocha agus leictreacha na heangaí, agus an t-éileamh agus an ghiniúint do na cúig bliana ina dhiaidh sin agus*** i limistéir phlódaithe más féidir freastal ar naisc sholúbtha▌***. Tabharfaidh oibreoirí córais tarchurtha*** an fhaisnéis sin cothrom le dáta ***ar bhonn rialta, agus in aon chás gach mí*** ar a laghad. ***Sula bhfoilseofar an fhaisnéis sin, rachaidh na hoibreoirí córas tarchurtha agus dáileacháin i gcomhairle le gach úsáideoir córais ábhartha maidir leis na critéir a bheidh le húsáid chun acmhainneacht den sórt sin atá ar fáil a ríomh agus cuirfidh siad togra faoi bhráid a údaráis rialála lena fhormheas.***

Cuirfidh oibreoirí córas tarchurtha ▌ faisnéis shoiléir thrédhearcach ar fáil d'úsáideoirí an chórais freisin maidir le stádas agus láimhseáil a n-iarrataí ar nascadh, ***lena n-áirítear giniúint in-athnuaite agus stóráil atá nasctha go sealadach le comhaontú solúbtha maidir le nascadh.*** Cuirfidh siad an fhaisnéis

sin ar fáil laistigh de ▌ thrí mhí ón iarraidh a thíolacadh*.*’;

(12) in Airteagal 57, cuirtear an mhír 3 seo a leanas leis:

‘3. Oibreoidh na hoibreoirí córas dáileacháin agus na hoibreoirí córas tarchurtha i gcomhar le chéile chun faisnéis a fhoilsiú maidir leis an acmhainneacht atá ar fáil le haghaidh nasc nua ina limistéir oibríochta faoi seach ar bhealach comhsheasmhach agus chun infheictheacht ghráinneach leordhóthanach a thabhairt d’fhorbróirí tionscadal nua fuinnimh agus d’úsáideoirí gréasáin ionchasacha eile. ***Foilseoidh siad go comhpháirteach, ar bhealach soiléir agus trédhearcach, na ceanglais a bhaineann le forbairt eangaí agus seirbhísí córais, agus na córais agus na próisis is gá lena forbairt a éascú. Ina theannta sin, oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun faisnéis a fhoilsiú maidir le hacmhainneacht leictreachais suiteáilte an fhéintomhaltais.’;***

(13) in Airteagal 59(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) rialacha maidir le leithdháileadh acmhainneachta agus maidir le bainistiú ar phlódú de bhun Airteagal 6 de Threoir (AE) 2019/944 agus Airteagail 7 go 10, 13 go 17, 19 agus 35 go 37 den Rialachán seo lena n-áirítear rialacha maidir le modheolaíochtaí agus próisis lá roimh ré, modheolaíochtaí agus próisis ionlae agus modheolaíochtaí agus próisis don ríomh todhchaí acmhainneachta, samhlacha eangaí, cumraíocht na gcriosanna tairisceana, athsheoladh agus fritrádáil, algartaim trádála, cúpláil lá amháin roimh ré agus cúpláil ionlae ▌, daingne acmhainneachta traslimistéir leithdháilte, dáileadh ioncam ó phlódú, leithdháileadh cearta tarchurtha fadtéarmacha airgeadais ag an aon ardán amháin um leithdháileadh, fálú riosca tarchurtha traschreasach, nósanna imeachta ainmniúcháin, agus leithdháileadh acmhainne agus athghabháil na gcostas atá ar leithdháileadh acmhainne agus ar an bplódú a bhainistiú;*’*;

***(13a) in Airteagal 59(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):***

***‘(a) rialacha maidir le nascadh leis an ngréasán lena n-áirítear rialacha maidir le nascadh saoráidí éilimh atá tarchur-nasctha, saoráidí dáileacháin agus córais dáileacháin atá tarchur-nasctha, nascadh aonad éilimh a mbaintear úsáid astu chun freagairt don éileamh a sholáthar, ceanglais maidir le gineadóirí agus úsáideoirí córais eile a nascadh le heangacha, ceanglais maidir le sruth***

*díreach ardvoltais a nascadh le heangacha, ceanglais maidir le modúil páirce cumhachta arna gceangal le sruth díreach agus cian-stáisiúin tiontaire srutha dhírigh ardvoltais, agus nósanna imeachta oibríochtúla maidir le nascadh le heangacha;';*

*(13b) Leasaítear Airteagal 69 mar a leanas:*

*(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:*

*'2. Faoin 30 Meitheamh 2026, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an Rialachán seo agus ar Threoir AE 2019/944 agus cuirfidh sé tuarascáil chuimsitheach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar bhonn an athbhreithnithe sin, agus beidh togra reachtach ag gabháil leis, i gcás inarb iomchuí. Déanfar an méid a leanas a mheas sa tuarascáil sin:*

*(a) éifeachtacht struchtúr reatha agus fheidhmiú an mhargaidh ghearrthéarmaigh;*

*(b) forbairt na hacmhainneachta giniúna leictreachais agus cáilíocht na seirbhíse a chuirtear ar fáil do na custaiméirí deiridh i ngach Ballstát;*

*(c) oiriúnacht chreat dlíthiúil agus maoinithe reatha an Aontais maidir le heangacha dáileacháin chun cuspóirí an Aontais maidir leis an margadh fuinnimh in-athnuaite agus inmheánach a bhaint amach;*

*Déanfar measúnú sa tuarascáil ar aon neamhéifeachtúlachtaí sa mhargadh inmheánach leictreachais. I gcás inarb iomchuí, tíolacfaidh an Coimisiún tograí reachtacha maidir le hardáin trádála Eorpacha le haghaidh margaí príomhúla agus tánaisteacha fadtéarmacha, lena n-áirítear bearta chun leachtacht agus trédhearcacht a chruthú, amhail ceanglais ar tháirgeoirí agus ar chostais íosmhéid táirgí a chonrú i gceantanna poiblí láraithe chun leachtacht a sholáthar.';*

*(b) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:*

*'3. Faoin 30 Meitheamh 2024, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar*

***measúnú ar roghanna éagsúla maidir le sásra sealadach comhla faoisimh a thabhairt isteach i bhfianaise na taithí a fuarthas leis na sásraí sin ar an leibhéal idirnáisiúnta agus i bhfianaise teacht chun cinn agus forbairtí nua i margadh leictreachais an Aontais. Beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil sin, i gcás inarb iomchuí.***

***4. Faoin ... [mí amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], tíolacfaidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, tuarascáil mhionsonraithe ina ndéanfar measúnú ar na féidearthachtaí maidir le cuíchóiriú agus simpliú a dhéanamh ar an bpróiseas a bhaineann le sásra acmhainneachta a chur i bhfeidhm faoi Chaibidil IV den Rialachán seo, chun a áirithiú gur féidir leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar ábhair imní maidir le leordhóthanacht ar bhealach tráthúil. Sa chomhthéacs sin, iarrfaidh an Coimisiún ar ACER leasú a dhéanamh ar an modheolaíocht don mheasúnú Eorpach ar leormhaitheas acmhainní dá dtagraítear in Airteagal 23 i gcomhréir leis an bpróiseas a leagtar amach in Airteagail 23 agus 27, de réir mar is iomchuí.***

***Faoin ... [trí mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo] cuirfidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis na Ballstáit, tograí ar aghaidh d'fhonn simpliú a dhéanamh ar an bpróiseas chun sásraí acmhainneachta a mheasúnú de réir mar is iomchuí.***

***5. Faoin 30 Meitheamh 2024, déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis na Ballstáit, leis na hoibreoirí córas tarchurtha, le ACER agus leis na húdaráis rialála, measúnú mionsonraithe a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar na himpleachtaí a bhaineann le sásraí acmhainneachta a thabhairt isteach mar ghné struchtúrach den mhargadh leictreachais agus ar an tionchar atá aige ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh leictreachais agus ar an éabhlóid a thiocfaidh air i dtreo córas astaíochtaí glan-nialasacha. Beidh an measúnú sin dírithe, inter alia,***

***ar mheasúnú a dhéanamh ar dhearadh sásraí acmhainneachta den sórt sin lena n-áirithítear infheistíochtaí in acmhainn dhocht in-athnuaite, stóráil agus freagairt don éileamh atá comhoiriúnach le spriocanna aeráide an Aontais. I bhfianaise na gconclúidí, déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach lena leasófar an Rialachán seo a chur ag gabháil leis an measúnú sin.';***

(14) Cuirtear an tAirteagal 69a seo a leanas leis:

'Airteagal 69a
Idirghníomhaíocht le reachtaíocht airgeadais an Aontais

Ní mhaolóidh aon ní sa Rialachán seo ar fhorálacha Threoir (AE) 2014/65, Rialachán (AE) 648/2012 agus Rialachán (AE) 600/2014 nuair a bhíonn rannpháirtithe sa mhargadh nó oibreoirí margaidh ag gabháil do ghníomhaíochtaí a bhaineann le hionstraimí airgeadais, go háirithe mar a shainítear faoi Airteagal 4(1)(15) de Threoir (AE) 2014/65.';

(15) in Iarscríbhinn I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1.2:

'1.2. Déanfar ríomh acmhainneachta comhordaithe do gach tráthchlár leithdháilte.'

Airteagal 2

Leasuithe ar Threoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas

Déantar Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas a leasú mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (8) agus phointe (49):

'(8) ciallaíonn 'custaiméir gníomhach' custaiméir deiridh, nó grúpa custaiméirí deiridh, a ghníomhaíonn go comhpháirteach agus a ídíonn nó a stórálann leictreachas a ghintear laistigh dá áitreamh atá suite laistigh de theorainneacha cúnga nó leictreachas a fhéinghintear nó a roinntear laistigh d'áitreamh eile▌ , nó a dhíolann leictreachas féinghinte nó a

ghlacann páirt i scéimeanna solúbthachta nó éifeachtúlachta fuinnimh, ar choinníoll nach iad na gníomhaíochtaí sin a phríomhghníomhaíocht tráchtála ná a phríomhghníomhaíocht ghairmiúil.

(49) ciallaíonn 'seirbhísí coimhdeacha neamh-mhinicíochta' seirbhís a úsáideann oibreoir córais tarchurtha nó oibreoir córais dáileacháin le haghaidh rialú voltais foistine, instealltaí srutha frithghníomhacha tapa, táimhe le haghaidh cobhsaíocht eangaí áitiúla, sruth gearrchiorcaid agus acmhainneacht athshlánaithe i ndiaidh múchta, acmhainneacht oibríochta oileáin agus buaicscamhadh;'

(b) cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

'(15a) ciallaíonn 'conradh soláthair leictreachais ar théarma seasta agus ar phraghas socraithe' conradh soláthair leictreachais idir soláthróir agus custaiméir deiridh lena ráthaítear na coinníollacha conarthacha céanna ***ar feadh thréimhse iomlán an chonartha***, lena n-áirítear an praghas, agus d'fhéadfadh sé, laistigh de phraghas socraithe, ***agus do chustaiméirí ag a bhfuil méadair chliste***, eilimint sholúbtha a áireamh leis, mar shampla athruithe buaicphraghais agus athruithe lasmuigh den bhuaicphraghas***, agus i gcás nach féidir athruithe sa bhille deiridh a bheith ann ach amháin mar thoradh ar eilimintí nach bhfuil cinnte ag soláthróirí, amhail cánacha agus tobhaigh***;

(10a) ciallaíonn 'comhroinnt fuinnimh' uath-ídiú fuinnimh in-athnuaite ag custaiméirí gníomhacha:

(a) a ghintear nó a stóráiltear lasmuigh den láthair nó ar láithreáin eatarthu trí shaoráid ar leo í, atá ar léas acu, atá ar cíos go hiomlán nó go páirteach acu; nó

(b) ar chucu a d'aistrigh custaiméir gníomhach eile an ceart sin bíodh sé saor in aisce nó ar phraghas.

(10b) ciallaíonn 'trádáil idir piaraí' d'fhuinneamh in-athnuaite trádáil idir piaraí mar a shainítear i bpointe (18) d'Airteagal 2 de Threoir (AE) 2018/2001.

(24a) ciallaíonn 'soláthróir na dála deiridh' soláthróir atá ainmnithe ag Ballstát chun an soláthar leictreachais a ghlacadh ar láimh do chustaiméirí de chuid soláthróra atá scortha d'oibriú;

***(24aa) ciallaíonn 'bochtaineacht fuinnimh' bochtaineacht fuinnimh mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (52) de Threoir (AE) [Treoir EED];***

***(ba) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (31):***

***'(31) ciallaíonn 'fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite' nó 'fuinneamh in-athnuaite' fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite nó fuinneamh in-athnuaite mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) 2018/2001;***

***(bb) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (49):***

***'(49) ciallaíonn 'seirbhísí coimhdeacha neamh-mhinicíochta' seirbhís a úsáideann oibreoir córais tarchurtha nó oibreoir córais dáileacháin le haghaidh rialú voltais foistine, instealltaí srutha frithghníomhacha tapa, táimhe le haghaidh cobhsaíocht eangaí áitiúla, sruth gearrchiorcaid agus acmhainneacht athshlánaithe i ndiaidh múchta, acmhainneacht oibríochta oileáin agus buaicscamhadh;'***

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

'Airteagal 4

Saor-rogha soláthróra

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na custaiméirí uile in ann leictreachas a cheannach óna rogha ***soláthróirí***. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh gach custaiméir saor chun níos mó ná conradh soláthair leictreachais amháin ***nó comhaontú maidir le comhroinnt fuinnimh*** a bheith acu ag an am céanna, agus chun na críche ***sin*** go mbeidh custaiméirí i dteideal níos mó ná pointe méadraithe agus billeála amháin a bheith cumhdaithe ag an bpointe nasctha aonair dá n-áitreabh***, ach amháin má cheadaítear na cearta sin leis an méadrú cliste.***

***Áiritheoidh na Ballstáit go ráthófar le socruithe méadraithe go gcaithfear le gach soláthróir atá ag oibriú ag pointe nasctha aonair ar bhealach neamh-***

***idirdhealaitheach. Déanfaidh oibreoir eangaí na socruithe méadraithe a fhormheas agus ceadóidh siad an pointe nasctha fisiceach a roinnt ina phointí nasctha fuinnimh éagsúla atá chomh hiontaofa céanna, neamhspleách ar a chéile, agus a bhfuil na gnéithe agus na feidhmiúlachtaí céanna acu agus atá ag pointí nasctha aonair, lena n-áirítear freagracht as cothromú.';***

(3) Leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'Teidlíocht ar ***chonradh soláthair leictreachais*** ar théarma seasta agus ar phraghas socraithe agus ar chonradh leictreachais praghsála dinimiciúla';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

**'**1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfágfaidh an creat rialála náisiúnta go mbeidh sé ar chumas soláthróirí conarthaí ***soláthair leictreachais*** ar théarma seasta agus ar phraghas seasta agus conarthaí leictreachais praghsála dinimiciúla a thairiscint. ***Faoin ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo],*** áiritheoidh na Ballstáit gur féidir le custaiméirí deiridh a bhfuil méadar cliste suiteáilte acu iarraidh a dhéanamh chun conradh leictreachais praghsála dinimiciúla a thabhairt i gcrích agus gur féidir le gach custaiméir deiridh iarraidh a dhéanamh chun conradh ***soláthair*** leictreachais praghsála ar théarma seasta agus ar phraghas socraithe a thabhairt i gcrích, ar conradh é a mhairfidh bliain amháin ar a laghad le soláthróir amháin ar a laghad agus le gach soláthróir a bhfuil níos mó ná 200 000 custaiméir deiridh aige.***';***

(c) cuirtear ***na míreanna*** seo a leanas isteach:

***'1a. De mhaolú ar Airteagal 10(4), áiritheoidh na Ballstáit nach modhnóidh soláthróirí go haontaobhach téarmaí agus coinníollacha conarthaí praghais sheasta ar théarma seasta ná nach ndéanfaidh siad iad a fhoirceannadh roimh dheireadh an chonartha.***

***1b. Áiritheoidh na Ballstáit nach n-eisiafar custaiméirí deiridh a bhfuil conarthaí soláthair leictreachais praghais sheasta ar théarma seasta acu ó pháirt a ghlacadh sa fhreagairt don éileamh agus i gcomhroinnt fuinnimh agus ó rannchuidiú le riachtanais solúbthachta córais***

***leictreachais náisiúnta a bhaint amach.';***

***1c.*** Sula ndéanfar aon chonradh ***dá dtagraítear i mír 1 a thabhairt i gcrích nó a shíneadh, cuirfidh soláthróirí*** ▌ achoimre ar na príomhchoinníollacha conarthacha ar fáil do na custaiméirí deiridh ar bhealach feiceálach agus i bhfriotal gonta agus simplí. Áireofar san achoimre ***sin*** an fhaisnéis seo ***a leanas*** ar a laghad:

***(a)*** an praghas iomlán, ***a mhiondealú agus, i gcás an téarma sheasta, conradh soláthair leictreachais ar phraghas seasta - an meánphraghas in aghaidh na míosa le linn a ré***;

***(b)*** margaíocht***;***

***(c)*** seirbhísí breise***;***

***(d)*** lascainí***;***

***(e) fad an chonartha agus na coinníollacha maidir le foirceannadh, lena n-áirítear tréimhse fógra agus táillí agus, i gcás inarb ábhartha, pionóis;***

***(f) cibé acu an praghas seasta nó athraitheach é, atá innéacsaithe de réir praghsanna mórdhíola; íocaíochtaí aonuaire i gcás inarb ábhartha;***

***(g) sonraí teagmhála (lena n-áirítear seoladh, uimhir theileafóin agus ríomhphost na seirbhíse do chustaiméirí),*** agus

***(h)*** na cearta dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (d), (e), (f) ***agus (h)*** d'Airteagal 10(3).

Tabharfaidh an Coimisiún treoraíocht ina leith sin.***';***

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh na soláthróirí na custaiméirí deiridh go hiomlán ar an eolas faoi na deiseanna, na costais agus na rioscaí a bhaineann le conarthaí leictreachais praghsála dinimiciúla, agus áiritheoidh siad go mbeidh soláthróirí faoi cheangal faisnéis a thabhairt

do na custaiméirí deiridh dá réir, lena n-áirítear i ndáil leis an ngá go mbeadh méadar leictreachais leormhaith suiteáilte. Déanfaidh na Ballstáit agus na húdaráis rialála faireachán ar fhorbairtí sa mhargadh agus déanfaidh siad measúnú ar na rioscaí a d’fhéadfadh a bheith ag gabháil le táirgí agus seirbhísí nua agus déileálfaidh siad le cleachtais mhí-úsáideacha. ***Déanfaidh na húdaráis rialála meastóireacht i dtaobh an iomchuí aon táillí foirceanta de na conarthaí leictreachais a chuirfear i bhfeidhm agus déanfaidh siad bearta i gcoinne aon chleachtais mhí-úsáideacha.’;***

(4) Cuirtear na hAirteagail seo a leanas isteach:

‘Airteagal 15a

An ceart chun comhroinnt fuinnimh

1. Tá sé de cheart ***ag gach custaiméir, go háirithe*** teaghlaigh, fiontair ▌ bheaga agus comhlachtaí poiblí a bheith rannpháirteach i gcomhroinnt fuinnimh mar chustaiméirí gníomhacha***, laistigh den chrios tairisceana céanna nó limistéar geografach níos teoranta arna chinneadh ag na Ballstáit***. ***Ní bheidh feidhm ag an gceart chun páirt a ghlacadh i gcomhroinnt fuinnimh maidir le gnóthais phríobháideacha arb ionann a rannpháirtíocht i gcomhroinnt fuinnimh agus cuid dá bpríomhghníomhaíocht tráchtála nó ghairmiúil.***

***1a.*** Beidh custaiméirí gníomhacha i dteideal fuinneamh in-athnuaite a chomhroinnt eatarthu féin bunaithe ar chomhaontuithe príobháideacha nó trí eintiteas dlítheanach.

***1b. Féadfaidh custaiméirí gníomhacha a ghlacann páirt i gcomhroinnt fuinnimh eagraí comhroinnte fuinnimh a cheapadh chun cumarsáid a dhéanamh le hoibreoirí eangaí, lena n-áirítear trí eintiteas dlíthiúil. Beidh an t-eagraí comhroinnte fuinnimh freagrach as an bhfaisnéis uile is gá faoi shocruithe comhroinnte fuinnimh a sholáthar d’oibreoirí eangaí, as taraifí na heangaí agus na cánacha is infheidhme a shocrú agus as fógra a thabhairt do sholáthraithe ag an bpointe nasctha céanna faoin socrú maidir le comhroinnt fuinnimh. Beidh sé d’aidhm ag ag eagraí comhroinnte***

***fuinnimh féinchothromú a dhéanamh ar an gcuid sin de shocrú comhroinnte fuinnimh atá taobh thiar den ualach solúbtha méadar, den ghiniúint in-athnuaite dáilte agus de na sócmhainní stórála.***

***1c.*** Féadfaidh custaiméirí gníomhacha úsáid a bhaint as tríú páirtithe ▌ ***ar leo, nó a bhainistíonn, saoráidí stórála nó saoráidí giniúna fuinnimh in-athnuaite suas le 6 MW an ceann*** le haghaidh suiteáil, oibriú, lena n-áirítear méadrú agus cothabháil, chun comhroinnt fuinnimh a éascú. ***Ní mheasfar gur*** custaiméir gníomhach an tríú páirtí. ***Beidh tríú páirtithe trédhearcach maidir le praghsanna, taraifí agus téarmaí seirbhísí, agus áiritheoidh siad go soláthrófar seirbhísí neamh-idirdhealaitheacha.***

***1d.*** Áiritheoidh na Ballstáit maidir leis na custaiméirí gníomhacha atá rannpháirteach i gcomhroinnt fuinnimh:

(***a***) go bhfuil siad i dteideal an leictreachas comhroinnte ***a instealladh san eangach a asbhaint óna*** dtomhaltas méadraithe iomlán laistigh d'eatramh ama nach faide ná an tréimhse réitigh éagothroime agus gan dochar do chánacha, tobhaigh agus muirir ghréasáin ***neamh-idirdhealaitheacha*** agus ***costas-léiritheacha*** is infheidhme;

(***b***) go mbainfidh siad tairbhe as cearta agus oibleagáidí tomhaltóirí uile mar chustaiméirí deiridh faoin Treoir seo***;***

***(c)*** ***nach bhfuil sé de cheangal orthu na hoibleagáidí ar sholáthraithe a chomhlíonadh i gcás ina gcomhroinntear*** fuinneamh idir teaghlaigh a bhfuil acmhainn suiteáilte suas le 10.8 kW acu agus suas le ***100*** kW i gcás bloic ilárasán ina n-úsáidtear comhaontuithe trádála idir piaraí ***chun críocha comhroinnte fuinnimh***;

***(d)*** ***go ndéanfar custaiméirí atá i mbun comhaontuithe comhroinnte fuinnimh lena bhforáiltear do luach saothair a bhilleáil ar bhonn a dtomhailt iarbhír agus a dtairbhe trí thríú páirtí as cearta maidir le billeáil agus faisnéis bhilleála dá bhforáiltear in Airteagal 18(1) go (5), agus na cearta conarthacha bunúsacha dá bhforáiltear in Airteagal 10 a dheonaítear do na custaiméirí deiridh leictreachais;***

(***e***) go mbeidh rochtain acu ar theimpléid ***dheonacha*** ina bhfuil téarmaí agus coinníollacha cothroma agus trédhearcacha ▌ le haghaidh ***comhaontuithe*** comhroinnte fuinnimh; i gcás coinbhleachtaí a thagann chun cinn maidir le comhaontuithe den sórt sin, ní mór do chustaiméirí deiridh ***atá ag gabháil do chomhroinnt fuinnimh nó do bhaill de phobail fuinnimh*** rochtain a bheith acu ar réiteach díospóide lasmuigh den chúirt ***maidir le díospóidí le rannpháirtithe eile i gcomhaontuithe maidir le comhroinnt fuinnimh nó laistigh de phobail fuinnimh*** i gcomhréir le hAirteagal 26;

(***f***) nach bhfuil siad faoi réir cóir éagórach agus idirdhealaitheach ***agus muirir*** ag rannpháirtithe sa mhargadh ná ag a bpáirtithe atá freagrach as cothromú;

(***g***) go gcuirfear ar an eolas iad go bhféadfaí athruithe a dhéanamh ar chriosanna tairisceana i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2019/943 agus go bhfuil srian ar an gceart chun comhroinnt fuinnimh ***i gcomhréir le mír 1***;

***(h) go bhfuil cead acu seirbhísí éagsúla a thairiscint agus a bheith rannpháirteach ar bhealach neamh-idirdhealaitheach in aon mhargadh, ar bhonn aonair nó comhiomlánaithe trí thacaíocht ó pháirtithe sa mhargadh, leis na hacmhainní fuinnimh díláraithe a bhfuil baint acu le comhroinnt fuinnimh.***

***1e.*** Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh oibreoirí córais tarchurtha nó dáileacháin ábhartha nó comhlachtaí ainmnithe eile an méid seo a leanas:

(***a***) sonraí méadraithe a bhaineann leis an leictreachas comhroinnte a fhaireachán, a bhailiú, a bhailíochtú agus a chur in iúl leis na custaiméirí deiridh ábhartha agus leis na rannpháirtithe sa mhargadh gach mí ar a laghad ▌ i gcomhréir le hAirteagal 23 ***agus chun na críche sin, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh na hoibreoirí ábhartha an bonneagar iomchuí TF chun feidhme laistigh de ... [bliain amháin tar éis dháta trasuí na Treorach seo];***

(***b***) ***ionaid ilfhreastail a bhunú chun*** socruithe maidir le comhroinnt fuinnimh ***a éascú*** agus a chlárú, ***chun faisnéis phraiticiúil maidir le ceanglais, acmhainn nasctha na heangaí atá ar fáil, amlínte don fhreagairt agus spriocdhátaí ábhartha eile a dháileadh ar an bpobal, chun eolas a thabhairt faoin tacaíocht airgeadais agus saineolas atá ar fáil, faoi chonarthaí teimpléid atá ar fáil,*** chun faisnéis a fháil maidir le pointí méadraithe ábhartha, athruithe ar shuíomh agus ar rannpháirtíocht, agus, i gcás inarb infheidhme, modhanna ríofa a bhailíochtú ar bhealach soiléir, trédhearcach agus tráthúil.

2. Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí agus neamh-idirdhealaitheacha chun a áirithiú gur féidir le teaghlaigh atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh agus ag teaghlaigh leochaileacha rochtain a fháil ar scéimeanna comhroinnte fuinnimh. Féadfar bearta tacaíochta airgeadais nó cuóta leithdháilte táirgeachta a áireamh ar na bearta sin.

***2a. Áiritheoidh na Ballstáit go gceanglófar leis na tionscadail chomhroinnte fuinnimh atá faoi úinéireacht na n-údarás poiblí go gcuirfear 20 % ar a laghad de mhéid an leictreachais chomhroinnte ar fáil do chustaiméirí leochaileacha.***

***2b. Cuirfidh an Coimisiún treoir bhreise ar fáil do na Ballstáit gan an t-ualach riaracháin a mhéadú chun cur chuige caighdeánaithe a éascú maidir le comhroinnt fuinnimh inathnuaite agus cothrom iomaíochta a áirithiú do phobail fuinnimh inathnuaite agus do phobail fuinnimh saoránach. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha a bhunú maidir leis an malartú sonraí is gá idir oibreoirí eangaí agus le miondíoltóirí maidir le comhroinnt fuinnimh, trí na caighdeáin atá ann cheana a shonrú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 68(2).***

***2c. Déanfaidh na Ballstáit tabhairt isteach córas mionghréine inluchtaithe ina bhfuil toilleadh 800 W i bhfoirgnimh agus ar fhoirgnimh, mar shampla ar bhalcóiní, a chur chun cinn agus cuirfidh siad deireadh le bacainní***

***teicniúla agus riaracháin do chustaiméirí. Custaiméirí gníomhacha a chomhroinneann leictreachas ó shuiteáil mhionghréine inluchtaithe ina bhfuil acmhainneacht 800 W, beidh siad i dteideal go ndéanfaí an leictreachas comhroinnte a instealladh san eangach a asbhaint óna dtomhaltas méadraithe iomlán laistigh d'eatramh ama nach faide ná an tréimhse réitigh éagothroime agus gan dochar do chánacha neamh-idirdhealaitheacha, tobhaigh agus muirir ghréasáin costas-léiritheacha is infheidhme. Féadfaidh na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar an leictreachas comhroinnte a eascraíonn as sin a dhíolmhú ó na cánacha, ó na tobhaigh agus ó na muirir ghréasáin costas-léiritheacha sin.***

Airteagal 18a

Bainistiú riosca soláthróra

1. ***Faoin ... [sé mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], agus go rialta ina dhiaidh sin, déanfaidh údaráis rialála tástálacha struis rialta chun cumas soláthróirí aghaidh a thabhairt ar mhórathruithe ar dhinimic an mhargaidh agus ar a n-acmhainneacht theicniúil agus eacnamaíoch chun athléimneacht a áirithiú a fhíorú. Ina theannta sin, i bhfianaise thorthaí na dtástálacha struis sin***, áiritheoidh na húdaráis rialála, i gcás inarb iomchuí, go mbeidh straitéisí fálaithe iomchuí i bhfeidhm ag soláthróirí agus go gcuirfidh siad chun feidhme iad, ***agus méid an tsoláthróra nó struchtúr an mhargaidh á gcur san áireamh***, chun an riosca go dtiocfaidh athruithe ar an soláthar leictreachais mórdhíola a theorannú d'inmharthanacht eacnamaíoch a gconarthaí le custaiméirí, agus ag an am céanna leachtacht agus comharthaí praghais ó mhargaí gearrthéarmacha a choinneáil. ***Déanfaidh na Ballstáit bearta éifeachtacha, iomaíocha, neamh-idirdhealaitheacha chun leachtacht i margaí fálaithe a áirithiú, lena n-áirítear bearta sonracha chun easpa cothroime iomaíochta a sheachaint. Déanfaidh na húdaráis rialála measúnú ar thionchair na féidearthachta spriocanna fálaithe sonracha a thabhairt isteach le haghaidh sciartha sonracha de phunanna soláthróirí, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le luaineacht praghsanna do thomhaltóirí.***

2. D’fhéadfadh úsáid comhaontuithe ceannacháin cumhachta ***nó ionstraimí iomchuí eile, amhail réamhchonarthaí***, a bheith san áireamh i straitéisí fálaithe an tsoláthraí. I gcás ina bhfuil margaí le haghaidh comhaontuithe ceannaigh cumhachta ann atá forbartha go leordhóthanach agus lenar féidir le hiomaíocht éifeachtach a bheith ann, féadfaidh na Ballstáit a cheangal go gcumhdófar sciar de neamhchosaint riosca soláthróirí ar athruithe ar phraghsanna leictreachais mórdhíola trí úsáid a bhaint as comhaontuithe ceannaigh cumhachta le haghaidh leictreachas arna ghiniúint ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh atá cothrom le fad a neamhchosanta ar riosca ar thaobh an tomhaltóra, faoi réir dhlí iomaíochta an Aontais a chomhlíonadh.

3. Cuirfidh na Ballstáit coinníollacha cumasúcháin i bhfeidhm le hinrochtaineacht táirgí fálaithe a áirithiú do phobail fuinnimh saoránach agus do chomhphobail fuinnimh in-athnuaite.

***3a. Déanfaidh soláthróirí leictreachais gach beart réasúnach chun teorainn a chur leis an riosca go gclisfear ar an soláthar.’;***

(5) Cuirtear isteach na hairteagail seo a leanas:

‘Airteagal 27a

Soláthróir na rogha deiridh

1. ***I gcás nach bhfuil soláthróirí dála deiridh ceaptha cheana féin ag*** na Ballstáit, ceapfaidh ***siad*** soláthróirí na rogha deiridh do chustaiméirí teaghlaigh ar a laghad. Ceapfar soláthróirí na rogha deiridh trí nós imeachta cothrom, oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach.

2. Custaiméirí deiridh a aistrítear chuig soláthraithe na rogha deiridh, leanfaidh siad de thairbhe a bhaint ***as a gcearta uile*** mar chustaiméirí, mar a leagtar síos ***sa Treoir seo***.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh soláthróirí na rogha deiridh na téarmaí agus na coinníollacha in iúl go pras do chustaiméirí aistrithe agus áiritheoidh siad leanúnachas rianúil na seirbhíse ar feadh na tréimhse is gá chun soláthróir nua a aimsiú.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear faisnéis ar fáil do na custaiméirí deiridh ▌ aistriú chuig tairiscint mhargadhbhunaithe.

5. Féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar sholáthróir na rogha deiridh leictreachas a sholáthar do chustaiméirí teaghlaigh ***agus do FBManna*** nach bhfaigheann tairiscintí margadhbhunaithe. I gcásanna den sórt sin, beidh feidhm ag na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 5.

Airteagal 28a

Cosaint ó dhícheangal do chustaiméirí leochaileacha

***Cuirfidh*** na Ballstáit ***toirmeasc ar dhícheangal leictreachais custaiméirí leochaileacha teaghlaigh agus custaiméirí a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh nó atá i mbaol bochtaineachta fuinnimh mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (52) de Threoir [EED] agus socróidh siad na tairseacha ar os a gcionn a fhéadfar nós imeachta laghdaithe cumhachta a thabhairt isteach***. ***Áiritheoidh na Ballstáit go dtoirmiscfear dícheangail le linn díospóidí breithiúnacha nó lasmuigh den chúirt atá ar siúl idir an soláthraí agus custaiméirí ar feadh tréimhse 8 seachtaine.*** Soláthrófar an méid sin mar chuid de choincheap na gcustaiméirí leochaileacha de bhun Airteagal 28(1) den Treoir seo agus gan dochar do na bearta a leagtar amach in Airteagal 10(11).

***Comhlánóidh na Ballstáit forálacha mhír 1 trí bhearta sonracha a ghlacadh do shéasúr an gheimhridh agus do shéasúr an tsamhraidh chun a chur ar chumas custaiméirí teaghlaigh a dtomhaltas a bhainistiú agus billí arda socraíochta a sheachaint.***

***Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfaidh soláthróirí leictreachais cuireadh go rialta do chustaiméirí teaghlaigh gan méadair chliste chun féinléamha a sheoladh chun cabhrú leo a dtomhaltas a bhainistiú agus billí arda socraíochta a sheachaint.***

***Maidir le custaiméirí teaghlaigh nach bhfuil in ann a mbillí fuinnimh a íoc, custaiméirí leochaileacha agus custaiméirí a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh nó atá i mbaol bochtaineachta fuinnimh, áiritheoidh na Ballstáit nach gcuirfidh soláthróirí de cheangal orthu córais réamhíocaíochta a úsáid.***

***Sainaithneoidh na Ballstáit modhanna iomchuí chun cúiteamh as caillteanais arna***

***dtabhú ag na soláthróirí ábhartha a ráthú.';***

(6) in Airteagal 27, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil ag gach custaiméir teaghlaigh agus, i gcás ina measann na Ballstáit gurb iomchuí é, ag fiontair bheaga, seirbhís uilíoch, eadhon an ceart chun soláthar leictreachais a fháil atá de cháilíocht shonraithe laistigh dá gcríoch ar phraghsanna iomaíocha atá éasca agus soiléir le cur i gcomparáid le chéile, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Chun soláthar na seirbhíse uilíche a áirithiú, cuirfidh na Ballstáit d'oibleagáid ar na hoibreoirí córais dáileacháin custaiméirí a cheangal lena ngréasáin faoi théarmaí, coinníollacha agus taraifí a shocraítear i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 59(7). Leis an Treoir seo, ní chuirtear cosc ar na Ballstáit a suíomh margaidh a láidriú do chustaiméirí teaghlaigh agus do chustaiméirí neamhtheaghlaigh beaga agus meánmhéide trí na deiseanna tiomsaithe ionadaíochta don aicme sin custaiméirí a chur chun cinn.';

***(6a) in Airteagal 31, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:***

***'2. In aon chás, ní dhéanfaidh an t-oibreoir córais dáileacháin idirdhealú idir úsáideoirí córais nó aicmí úsáideoirí córais, go háirithe i bhfabhar a ghnóthas gaolmhar, agus sainiúlachtaí na gcomhphobal fuinnimh inathnuaite agus na bpobal fuinnimh saoránach á gcur san áireamh ina nósanna imeachta maidir le nascadh leis an eangach chun go mbeidh siad in ann rochtain a fháil ar an gcóras dáileacháin ar bhonn cothrom le rannpháirtithe eile sa mhargadh.';***

(7) In Airteagal 31, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Cuirfidh an t-oibreoir córais dáileacháin ar fáil d'úsáideoirí an chórais an fhaisnéis a theastaíonn uathu chun rochtain éifeachtúil a fháil ar an gcóras, lena n-áirítear úsáid a bhaint as. Go háirithe, foilseoidh an t-oibreoir córais dáileacháin, ar bhealach soiléir agus trédhearcach, faisnéis maidir leis an acmhainn atá ar fáil do naisc nua ina limistéar oibriúcháin, lena n-áirítear ***na critéir a úsáidtear chun an acmhainn sin atá ar fáil a ríomh, amhail toimhdí ciorrúcháin, leibhéal na hacmhainne féintomhaltais suiteáilte, tréithe***

***toipeolaíocha agus leictreacha na heangaí, an t-éileamh agus an ghiniúint do na cúig bliana amach romhainn*** agus i limistéir phlódaithe más féidir freastal ar naisc ▌ sholúbtha ***ar bhonn sealadach go dtí go mbeidh na hathneartuithe ar an líonra arna gcinneadh curtha i gcrích***. ***Tabharfaidh an t-oibreoir córais dáileacháin*** an fhaisnéis sin cothrom le dáta ***ar bhonn rialta, agus in aon chás gach mí ar a laghad.***

Ina theannta sin, cuirfidh oibreoirí córas dáileacháin faisnéis shoiléir thrédhearcach ar fáil d'úsáideoirí córais maidir le stádas agus láimhseáil a n-iarrataí ar nasc, lena n-áirítear amlíne nósanna imeachta agus meastacháin chostais le haghaidh atreisiú riachtanach na heangaí. Cuirfidh siad an fhaisnéis sin ar fáil laistigh de thrí mhí ón iarraidh a thíolacadh. ***I gcás nach ndéantar an nasc a iarradh a dheonú nó a dhiúltú go buan, déanfaidh an t-oibreoir córais dáileacháin an fhaisnéis sin a nuashonrú ar bhonn rialta agus, in aon chás, gach mí ar a laghad.***

***Tabharfaidh oibreoirí córas dáileacháin an rogha d'úsáideoirí córais nasc leis an eangach a iarraidh agus doiciméid ábhartha a thíolacadh i bhfoirm dhigiteach amháin. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na caighdeáin náisiúnta faoin... [12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo] agus tíolacfaidh sé togra maidir le caighdeáin chomhchuibhithe.';***

***(7a) in Airteagal 33, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:***

***'1. Gan dochar do Threoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13], cuirfidh na Ballstáit an creat rialála is gá ar fáil chun go n-éascófar pointí athluchtaithe atá inrochtana go poiblí agus pointí athluchtaithe príobháideacha, a bhfuil feidhmiúlachtaí luchtaithe chliste agus feidhmiúlachtaí luchtaithe dhéthreoch acu i gcomhréir le hAirteagal 20a de Threoir (AE) 2018/2001, a nascadh leis na gréasáin dáileacháin. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhoibreoidh na hoibreoirí córas dáileacháin ar bhonn***

***13 Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le bonneagar breoslaí malartacha a úsáid (IO L 307, 28.10.2014, lch. 1).***

***neamh-idirdhealaitheach le haon ghnóthas ar leis pointí athluchtaithe d'fheithiclí leictreacha nó a dhéanann pointí athluchtaithe den sórt sin a fhorbairt, a oibriú nó a bhainistiú, lena n-áirítear maidir leis an nasc leis an eangach. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na hoibreoirí córas dáileacháin úsáideoirí córais a nascadh le chéile laistigh de shé mhí nuair nach bhfuil gá le hathneartú eangaí, agus bliain amháin, más gá treisiú, gan dochar don chomhairliúchán poiblí ábhartha agus do na measúnuithe tionchair ar an gcomhshaol i gcás inarb infheidhme.';***

(8) Leasaítear Airteagal 40 mar a leanas:

(a) cuirtear mír nua isteach i ndiaidh mhír 6:
'Ní bheidh feidhm ag na ceanglais i míreanna 5 agus 6 maidir leis an táirge buaicscafa a fhaightear i gcomhréir le hAirteagal 7a de Rialachán (AE) 2019/943.';

(9) Leasaítear Airteagal 59 mar a leanas:

(a) I mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhomhír (c):

'(c) i ndlúthchomhar leis na húdaráis rialála eile, a áirithiú go gcomhlíonann an t-aon ardán amháin um leithdháileadh arna bhunú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1719, ENTSO don Leictreachas agus eintiteas AE do OCDanna a n-oibleagáidí faoin Treoir seo, Rialachán (AE) 2019/943, na cóid ghréasáin agus na treoirlínte arna nglacadh de bhun Airteagail 59, 60 agus 61 de Rialachán (AE) 2019/943, agus dlí ábhartha eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le saincheisteanna trasteorann, chomh maith le cinntí ACER, agus neamhchomhlíonadh an aon ardáin amháin um leithdháileadh, ENTSO don Leictreachas agus eintiteas AE do OCDanna lena n-oibleagáidí faoi seach a shainaithint go comhpháirteach; i gcás nach mbeidh na húdaráis rialála in ann teacht ar chomhaontú laistigh de thréimhse ceithre mhí tar éis tús a chur le comhairliúcháin chun neamhchomhlíonadh a shainaithint go comhpháirteach, déanfar an t-ábhar a tharchur chuig ACER le haghaidh cinnidh, de bhun Airteagal 6(10) de Rialachán (AE) 2019/942:';

(b) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhomhír (z):

‘(z) ▌ faireachán a dhéanamh ar dheireadh a chur le bacainní gan údar ar leictreachas féinghinte nó ***comhroinnte***, ar ***chomhphobail fuinnimh inathnuaite*** agus ar phobail fuinnimh saoránach a fhorbairt, ***a tháirgeadh, a stóráil,*** a thomhailt agus ***a dhíol***, lena n-áirítear ***bacainní agus srianta lena gcuirtear cosc ar*** ghiniúint sholúbtha dáilte fuinnimh a nascadh laistigh de thréimhse réasúnta i gcomhréir le hAirteagal 58, ***pointe*** (d).’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. An t-údarás rialála atá suite sa Bhallstáit ina bhfuil a shuíomh ag an aon ardán amháin um leithdháileadh, ag ETSO don Leictreachas nó ag eintiteas AE do OCDanna, beidh de chumhacht aige pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a fhorchur ar na heintitis sin i gcás nach gcomhlíonann siad a n-oibleagáidí faoin Treoir, faoi Rialachán (AE) 2019/943 nó faoi aon chinneadh ábhartha ón údarás rialála nó ó ACER atá ceangailteach ó thaobh dlí, nó moladh a dhéanamh go ngearrfadh cúirt inniúil pionóis den sórt sin orthu.’;

(10) cuirtear isteach an tAirteagal 66a seo a leanas

‘Airteagal 66a

Rochtain ar fhuinneamh inacmhainne le linn géarchéim praghsanna leictreachais

1. ***Fógróidh*** an Coimisiún, le cinneadh, géarchéim praghsanna leictreachais réigiúnach nó uile-Aontais***, ach amháin in imthosca a bhfuil údar cuí leo,*** má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) praghsanna an-ard i margaí mórdhíola leictreachais dhá oiread go leith ar a laghad an meánphraghas sna 5 bliana roimhe sin***, agus EUR 180/MWh ar a laghad,*** a mheastar a leanfaidh ar feadh 6 mhí ar a laghad;

(b) tá méaduithe géara ar phraghsanna miondíola leictreachais de ***60 % ar a laghad den mheán dhá bhliain roimhe sin*** ann agus meastar go leanfaidh siad ar aghaidh ar feadh ***3*** mhí ar a laghad.

▌

2. Sonróidh an Coimisiún ina chinneadh lena ndearbhaítear géarchéim praghsanna leictreachais réigiúnach nó uile-Aontais tréimhse bhailíochta an chinnidh sin, ar tréimhse í a d'fhéadfadh a bheith ann ar feadh tréimhse suas le bliain amháin. ***Má tá na coinníollacha a leagtar síos i mír 1 á gcomhlíonadh fós, eiseoidh an Coimisiún cinneadh lena gcuirfear síneadh le ré na géarchéime praghsanna leictreachais tráth nach déanaí ná dhá mhí roimh dheireadh bhailíocht an chinnidh tosaigh. Mura bhforáiltear do shíneadh ama, molfaidh an Coimisiún moltaí maidir le hidirghabhálacha poiblí a chéimniú amach de réir a chéile.***

***2a. Áiritheofar leis an bhfógairt gur ann do ghéarchéim praghsanna leictreachais réigiúnach nó uile-Aontais go mbeidh cothrom iomaíochta ann ar fud na mBallstát uile a ndéanfaidh an cinneadh difear dóibh ionas nach ndéanfar an margadh inmheánach a shaobhadh go míchuí.***

3. I gcás ina bhfuil cinneadh glactha ag an gCoimisiún de bhun mhír 1, féadfaidh na Ballstáit, ar feadh ré bhailíocht an chinnidh sin, idirghabhálacha poiblí spriocdhírithe sealadacha i socrú praghsanna a chur i bhfeidhm chun leictreachas a sholáthar d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide ***agus do thomhaltóirí tionsclaíocha atá dian ar fhuinneamh***. Maidir le hidirghabhálacha poiblí den sórt sin:

(a) beidh siad teoranta do 70 % ar a mhéid de thomhaltas an tairbhí le linn thréimhse chéanna na bliana roimhe sin agus coinneoidh sé dreasacht chun an t-éileamh a laghdú;

(b) déanfaidh siad na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 5(4) agus (7) a chomhlíonadh;

(c) i gcás inarb ábhartha, déanfaidh siad na coinníollacha a leagtar amach i mír 4 a chomhlíonadh***;***

***(ca) dearfar iad chun aon ilroinnt dhiúltach iomaíochta san Aontas a íoslaghdú.***

4. I gcás ina bhfuil cinneadh glactha ag an gCoimisiún de bhun mhír 1, féadfaidh na Ballstáit, ar feadh thréimhse bhailíocht an chinnidh sin, de

mhaolú ar Airteagal 5(7), pointe (c), agus idirghabhálacha poiblí spriocdhírithe á gcur i bhfeidhm acu i socrú na bpraghsanna do sholáthar an leictreachais de bhun Airteagal 5(6) nó mhír 3 den Airteagal seo, praghas don soláthar leictreachais atá faoi bhun an chostais a shocrú go heisceachtúil agus go sealadach ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) ní bhaineann an praghas atá socraithe do theaghlaigh ach le 80 % ar a mhéad de thomhaltas airmheánach na dteaghlach agus coinníonn sé dreasacht chun an t-éileamh a laghdú ***agus tá feidhm aige maidir le 100 % do chustaiméirí teaghlaigh leochaileacha a ndéanann an bhochtaineacht fuinnimh difear dóibh nó atá i mbaol na bochtaineachta fuinnimh***;

(b) ní dhéantar aon idirdhealú idir soláthróirí;

(c) cúitítear soláthraithe as soláthar faoi bhun costais ***ar bhealach trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach***; ▌

(d) tá gach soláthróir i dteideal tairiscintí a sholáthar ar phraghas an tsoláthair leictreachais atá faoi bhun an chostais ar an mbonn céanna; ***agus***

***(da) ní dhéanann na bearta atá beartaithe saobhadh ar an margadh inmheánach leictreachais.***

***4a. Déanfaidh an Coimisiún torthaí na measúnuithe sin a mheasúnú agus a fhoilsiú go leanúnach ar bhonn rialta chun faireachán a dhéanamh ar na tionchair a eascraíonn as na bearta a glacadh faoin ngéarchéim dhearbhaithe i bpraghsanna leictreachais.';***

(11) in Airteagal 71, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun Airteagal 2 pointe 8 agus pointe 49, Airteagal 3 agus Airteagal 5, Airteagal 6(2) agus (3), Airteagal 7(1), pointe (j) agus pointe (l) d'Airteagal 8(2), Airteagal 9(2), Airteagal 10(2) go (12), Airteagal 11(3) agus (4), Airteagail 12 go 24, Airteagail 26, 28 agus 29, Airteagal 31(1), (2) agus (4) go (10) Airteagail 32 go 34 agus 36, Airteagal 38(2), Airteagal 40 agus Airteagal 42, pointe (d) d'Airteagal 46(2), Airteagail 51 agus 54, Airteagail 57 go 58, Airteagal 59(1) pointí (a), (b) agus

(d) go (y), Airteagal 59(2) agus (3), Airteagal 59(5) go (10), Airteagail 61 go 63, pointí (1) go (3), (5)(b) agus (6) d'Airteagal 70 agus Iarscríbhinní I agus II a chomhlíonadh, tabharfaidh na Ballstáit i bhfeidhm iad faoin 31 Nollaig 2020. Cuirfidh siad téacs na mbeart sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Déanfaidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun na pointí seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) pointe (5)(a) d'Airteagal 70 faoin 31 Nollaig 2019;

(b) pointe (4) d'Airteagal 70 faoin 25 Deireadh Fómhair 2020.

Na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun Airteagal 2 pointí 10a, 10b, 15a, 24a, Airteagal 4, Airteagal 11(1), (1a) agus (2), Airteagal 15a, Airteagal 18a, Airteagal 27(1), Airteagal 27a, Airteagal 28a, Airteagal 31(3), Airteagal 40(7), Airteagal 59(1) pointí (c) agus (z), Airteagal 59(4) agus Airteagal 66a a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoi cheann sé mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Áireofar iontu freisin ráiteas go ndéanfar tagairtí don Treoir a aisghairtear leis an Treoir seo i bhforálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin atá ann cheana a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh agus conas a dhéanfar an ráiteas sin a leagan amach.';

Airteagal 3

Leasú ar Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn

Leasaítear Treoir (AE) 2018/2001 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 4(3) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Chun na críche sin, maidir le scéimeanna tacaíochta praghais dhírigh, deonófar tacaíocht i bhfoirm préimhe margaidh, a d'fhéadfadh a bheith, *inter*

*alia*, ar scála aistritheach nó ina préimh shocraithe.

Ní bheidh feidhm ag ***an dara fomhír den mhír seo*** maidir le tacaíocht do leictreachas ó na foinsí inathnuaite a liostaítear in Airteagal 19b(2) de Rialachán (AE) ***2019/943***, ***ag a bhfuil toilleadh suiteáilte níos mó ná 1 MW, agus níos mó ná 6 MW i gcás inar comhphobal fuinnimh saoránach nó comhphobal fuinnimh in-athnuaite é an tionscadal***, a bhfuil feidhm ag Airteagal 19b(1) den Rialachán sin maidir leis.';

(2) in Airteagal 36, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin is gá chun Airteagail 2 go 13, 15 go 31, 37 agus Iarscríbhinní II, III agus V go IX a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin 30 Meitheamh 2021. Mar sin féin, déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá chun Airteagal 4(3), an tríú fomhír, a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin ... [6 mhí tar éis ***dháta*** theacht i bhfeidhm an Rialacháin ***leasaithigh*** seo];

Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Áireofar iontu freisin ráiteas go ndéanfar tagairtí don Treoir a aisghairtear leis an Treoir seo i bhforálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin atá ann cheana a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh agus conas a dhéanfar an ráiteas sin a leagan amach.';

Airteagal 4

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/942 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/942 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) tuairimí agus moltaí a eisiúint a dhíreofar ar oibreoirí córas tarchurtha, ENTSO don Leictreachas, ENTSO don Ghás, Eintiteas AE do OCDanna, an t-aon ardán amháin um leithdháileadh arna bhunú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1719, lárionaid chomhordúcháin réigiúnacha agus oibreoirí ainmnithe sa mhargadh leictreachais, maidir leis na modheolaíochtaí, na téarmaí agus na coinníollacha a fhormheas i gcomhréir le hAirteagal 4(4), Airteagal 5(2), (3) agus (4); maidir le hathbhreithnithe ar chriosanna tairisceana dá dtagraítear in Airteagal 5(7); maidir le saincheisteanna teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 6(1); maidir le headráin idir rialtóirí i gcomhréir le hAirteagal 6(10); a bhaineann le lárionaid chomhordúcháin réigiúnacha dá dtagraítear in Airteagal 7(2), pointe (a); maidir le modheolaíochtaí agus ríomhanna agus sonraíochtaí teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 9(1) a fhormheas agus a leasú; maidir le modheolaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 9(3) a fhormheas agus a leasú; maidir le díolúintí dá dtagraítear in Airteagal 10; maidir le bonneagar dá dtagraítear in Airteagal 11 pointe (d); maidir le hábhair a bhaineann le sláine agus trédhearcacht an mhargaidh mórdhíola de bhun Airteagal 12;’;

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) cinntí aonair a eisiúint maidir le soláthar faisnéise i gcomhréir le hAirteagal 3(2), le hAirteagal 7(2), pointe (b) agus le hAirteagal 8, pointe (c); maidir leis na modheolaíochtaí, na téarmaí agus na coinníollacha a fhormheas i gcomhréir le hAirteagal 4(4), Airteagal 5(2), (3) agus (4); maidir le hathbhreithnithe ar chriosanna tairisceana dá dtagraítear in Airteagal 5(7); maidir le saincheisteanna teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 6(1); maidir le headráin idir rialtóirí i gcomhréir le hAirteagal 6(10); a bhaineann le lárionaid chomhordúcháin réigiúnacha dá dtagraítear in Airteagal 7(2), pointe (a); maidir le modheolaíochtaí agus ríomhanna agus sonraíochtaí teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 9(1) a fhormheas agus a leasú; maidir le modheolaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 9(3) a fhormheas agus a

leasú; maidir le díolúintí dá dtagraítear in Airteagal 10; maidir le bonneagar dá dtagraítear in Airteagal 11 pointe (d); maidir le hábhair a bhaineann le sláine agus trédhearcacht an mhargaidh mórdhíola de bhun Airteagal 12, maidir le tograí ó ENTSO don leictreachas a fhormheas agus a leasú a bhaineann leis na moil fhíorúla réigiúnacha de bhun Airteagal 5(9); agus maidir le tograí ó ENTSO don Leictreachas agus ó eintiteas AE do OCDanna a bhaineann leis an modheolaíocht a bhaineann leis na sonraí agus an anailís atá le soláthar a mhéid a bhaineann leis na riachtanais solúbthachta de bhun Airteagal 5(10) a fhormheas agus a leasú.';

(2) in Airteagal 3(2), cuirtear an ceathrú fomhír seo a leanas leis:

'Beidh feidhm ag an mír seo freisin maidir leis an aon ardán amháin um leithdháileadh arna bhunú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1719.';

(3) in Airteagal 4, cuirtear an mhír 9 seo a leanas leis:

'9. Beidh feidhm ag míreanna 6, 7 agus 8 freisin maidir leis an aon ardán amháin um leithdháileadh arna bhunú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1719.';

(4) in Airteagal 5(8), cuirtear an dara fomhír seo a leanas isteach:

'Déanfaidh ACER faireachán ar an aon ardán amháin um leithdháileadh arna bhunú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1719.';

(5) In Airteagal 5, cuirtear an mhír 9 seo a leanas leis:

'9. Déanfaidh ACER an togra ó ENTSO don leictreachas a fhormheas agus, i gcás inar gá, a leasú maidir leis na moil fhíorúla réigiúnacha a bhunú don réamh-mhargadh de bhun Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) 2019/943.';

(6) in Airteagal 5, cuirtear an mhír 10 seo a leanas leis:

'10. Déanfaidh ACER an togra comhpháirteach ó ENTSO don Leictreachas agus ó eintiteas AE do OCDanna a bhaineann leis an modheolaíocht a bhaineann leis na sonraí agus an anailís atá le soláthar a mhéid a bhaineann leis na riachtanais solúbthachta de bhun Airteagal 19e(5) de Rialachán (AE) 2019/943 a fhormheas agus, i gcás inar gá, a leasú.';

(7) in Airteagal 15, cuirtear an mhír 5 seo a leanas leis:

‘5. Eiseoidh ACER tuarascáil ina ndéanfar anailís ar na measúnuithe náisiúnta ar na riachtanais solúbthachta agus ina soláthrófar moltaí maidir le saincheisteanna a bhfuil ábharthacht trasteorann ag baint leo i ndáil le torthaí na n-údarás rialála de bhun Airteagal 19e(6) de Rialachán (AE) 2019/943.’.

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an [xxx] lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

30.6.2023

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM GHNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHTA AGUS AIRGEADAÍOCHTA

chuig an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/943 agus (AE) 2019/942 mar aon le Treoracha (AE) 2018/2001 agus (AE) 2019/944 chun feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas (COM(2023)0148 – C9-0049/2023 – 2023/0077(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Pedro Silva Pereira

## LEASÚ

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, mar an coiste atá freagrach, na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Mar fhreagairt ar an staid sin, sa Teachtaireacht maidir le Praghsanna Fuinnimh a chuir an Coimisiún i láthair i mí Dheireadh Fómhair 2021, bhí bosca uirlisí beart a fhéadfaidh an tAontas agus a Bhallstáit a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar an tionchar láithreach atá ag praghsanna arda fuinnimh ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí (lena n-áirítear tacaíocht ioncaim, buntáistí cánach, coigilteas gáis agus bearta stórála) agus chun athléimneacht in aghaidh suaitheadh praghsanna amach anseo a neartú. ***Ina Theachtaireacht*** an 8 Márta 2022 dar teideal 'REPowerEU: Gníomhaíocht Chomhpháirteach Eorpach ar mhaithe le | (3) Mar fhreagairt ar an staid sin, sa Teachtaireacht maidir le Praghsanna Fuinnimh a chuir an Coimisiún i láthair i mí Dheireadh Fómhair 2021, bhí bosca uirlisí beart a fhéadfaidh an tAontas agus a Bhallstáit a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar an tionchar láithreach atá ag praghsanna arda fuinnimh ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí (lena n-áirítear tacaíocht ioncaim, buntáistí cánach, coigilteas gáis agus bearta stórála) agus chun athléimneacht in aghaidh suaitheadh praghsanna amach anseo a neartú. ***I dTeachtaireacht uaidh*** an 8 Márta 2022 dar teideal 'REPowerEU: Gníomhaíocht Chomhpháirteach Eorpach ar mhaithe le |

| | |
|---|---|
| fuinneamh níos inacmhainne, níos sláine agus níos inbhuanaithe'[18], leag an Coimisiún amach sraith beart breise chun an bosca uirlisí a neartú agus chun freagairt do phraghsanna fuinnimh atá ag ardú. An 23 Márta 2022, ***bhunaigh*** an Coimisiún córas sealadach ***maidir le Státchabhair freisin*** chun fóirdheontais áirithe a cheadú chun tionchar ***na bpraghsanna*** arda fuinnimh a mhaolú.[19] | fuinneamh níos inacmhainne, níos sláine agus níos inbhuanaithe'[18], leag an Coimisiún amach sraith beart breise chun an bosca uirlisí a neartú agus chun freagairt do phraghsanna fuinnimh atá ag ardú. An 23 Márta 2022, ***ghlac*** an Coimisiún ***an Creat Sealadach Géarchéime lena mbunaítear*** córas sealadach ***státchabhrach*** chun fóirdheontais áirithe a cheadú chun tionchar ***praghsanna*** arda fuinnimh a mhaolú.[19] ***An 9 Márta 2023, cuireadh an Creat Sealadach Géarchéime agus Aistrithe in ionad an chreata, lena soláthraítear solúbthacht agus simplíocht mar fhreagairt ar an ngéarchéim agus lena n-áirithítear cabhair spriocdhírithe chomh maith le cuspóirí comhtháthaithe agus lena rannchuidítear le spriocanna Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach.*** |
| [18] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún - REPowerEU: Gníomhaíocht Chomhpháirteach Eorpach ar mhaithe le fuinneamh níos inacmhainne, níos sláine agus níos inbhuanaithe, COM/2022/108 final | [18] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún - REPowerEU: Gníomhaíocht Chomhpháirteach Eorpach ar mhaithe le fuinneamh níos inacmhainne, níos sláine agus níos inbhuanaithe, COM/2022/108 final |
| [19] Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Creat Sealadach Géarchéime le haghaidh bearta státchabhrach chun tacú leis an ngeilleagar tar éis ionsaí na Rúise in aghaidh na hÚcráine C 131 I/01, C/2022/1890. | [19] Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Creat Sealadach Géarchéime le haghaidh bearta státchabhrach chun tacú leis an ngeilleagar tar éis ionsaí na Rúise in aghaidh na hÚcráine C 131 I/01, C/2022/1890. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3 a) Tá an Creat Sealadach*** |

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***Géarchéime agus Aistrithe i réimse na státchabhrach mar chuid den dara colún de Phlean Tionsclaíochta an Chomhaontaithe Ghlais. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur creat sealadach spriocdhírithe atá ann agus go bhfuil comhbhabhtálacha ann idir dlús a chur le maoiniú do tháirgeadh teicneolaíochta glaine san Eoraip agus sláine an mhargaidh inmheánaigh, ós rud é nach bhfuil an spás fioscach céanna ag na Ballstáit uile chun na hinfheistíochtaí is gá a sholáthar. Tá gá, dá bhrí sin, le hionstraimí iomchuí chun freagairt struchtúrach a thabhairt ar na riachtanais infheistíochta.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3 b) Tá brúnna boilscithe agus méadú ar neamhionannais mar thoradh ar an ardú ar phraghsanna fuinnimh, ar measa fós é mar gheall ar fhogha na Rúise faoin Úcráin agus mar gheall ar chleachtais amhantracha iomarcacha ag gníomhaithe margaidh.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) ***I dtaca leis an athchóiriú*** ar dhearadh an mhargaidh leictreachais***, ní hamháin go rachadh sé*** chun tairbhe do thomhaltóirí teaghlaigh ach ***rachadh sé chun tairbhe d'iomaíochas*** thionscail an Aontais ***freisin trí*** na ***féidearthachtaí atá acu a éascú chun na*** hinfheistíochtaí | (11) ***Ba cheart go rachadh an t-athchóiriú*** ar dhearadh an mhargaidh leictreachais chun tairbhe ***nach amháin*** do thomhaltóirí teaghlaigh ach ***go gcuirfeadh sé freisin ar chumas*** thionscail an Aontais na hinfheistíochtaí teicneolaíochta glaine a theastaíonn uathu a dhéanamh chun a |

| | |
|---|---|
| teicneolaíochta glaine a theastaíonn uathu a dhéanamh chun a gconairí aistrithe i dtreo ***aeráidneodrachta a chomhlíonadh***. Ní mór bonn láidir monaraíochta teicneolaíochta glaine a bheith ann chun tacú leis an aistriú fuinnimh san Aontas. Leis na hathchóirithe sin, tacófar le leictriú inacmhainne an tionscail agus le seasamh an Aontais mar cheannaire domhanda i dtéarmaí taighde agus nuálaíochta i dteicneolaíochtaí fuinnimh ghlain. | gconairí aistrithe i dtreo ***na haeráidneodrachta a bhaint amach***. Ní mór bonn láidir monaraíochta teicneolaíochta glaine a bheith ann chun tacú leis an aistriú fuinnimh san Aontas. Leis na hathchóirithe sin, tacófar le leictriú inacmhainne an tionscail agus le seasamh an Aontais mar cheannaire domhanda i dtéarmaí taighde agus nuálaíochta i dteicneolaíochtaí fuinnimh ghlain. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Teastaíonn réamh-mhargaí éifeachtacha agus éifeachtúla ó thomhaltóirí agus ó sholáthróirí chun a neamhchosaint fhadtéarmach ar phraghsanna a chumhdach agus chun an spleáchas ar phraghsanna gearrthéarmacha a laghdú. Chun a áirithiú gur féidir le custaiméirí fuinnimh ar fud an Aontais tairbhe iomlán a bhaint as na buntáistí a bhaineann le margaí leictreachais comhtháite agus iomaíocht ar fud an Aontais, ba cheart feabhas a chur ar fheidhmiú réamh-mhargadh leictreachais an Aontais trí mhoil fhíorúla réigiúnacha a bhunú d'fhonn ilroinnt na margaí atá ann cheana agus an leachtacht íseal atá ann i roinnt mhaith criosanna tairisceana a shárú. ***Le moil fhíorúla réigiúnacha,*** ba cheart ***iliomad criosanna tairisceana a chumhdach, agus san am céanna comhghaol leordhóthanach praghsanna á áirithiú. D'fhéadfadh sé nach gcumhdaítear le*** mol fíorúil ***roinnt criosanna tairisceana i dtéarmaí rannchuidiú le praghas tagartha an mhoil. Mar sin féin,*** ba cheart ***do rannpháirtithe sa mhargadh ó na criosanna tairisceana fós a bheith in ann*** | (19) Teastaíonn réamh-mhargaí éifeachtacha agus éifeachtúla ó thomhaltóirí agus ó sholáthróirí chun a neamhchosaint fhadtéarmach ar phraghsanna a chumhdach agus chun an spleáchas ar phraghsanna gearrthéarmacha a laghdú. Chun a áirithiú gur féidir le custaiméirí fuinnimh ar fud an Aontais tairbhe iomlán a bhaint as na buntáistí a bhaineann le margaí leictreachais comhtháite agus iomaíocht ar fud an Aontais, ba cheart feabhas a chur ar fheidhmiú réamh-mhargadh leictreachais an Aontais trí mhoil fhíorúla réigiúnacha a bhunú d'fhonn ilroinnt na margaí atá ann cheana agus an leachtacht íseal atá ann i roinnt mhaith criosanna tairisceana a shárú. Ba cheart ***don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar bhreisluach na*** mol fíorúil ***réigiúnach agus*** ba cheart ***an measúnú sin a chur faoi bhráidna gcomhreachtóirí***. |

***fálú a dhéanamh trí bhíthin moil***.

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Chun feabhas a chur ar na féidearthachtaí atá ag rannpháirtithe sa mhargadh i dtaca le fálú a dhéanamh, ba cheart ról an aon ardáin amháin um leithdháileadh arna bhunú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1719 ón gCoimisiún a leathnú. Leis an aon ardán amháin um leithdháileadh, ba cheart trádáil i gcearta tarchurtha fadtéarmacha airgeadais a thairiscint idir na criosanna tairisceana éagsúla agus na moil fhíorúla réigiúnacha. Na horduithe a chuirfidh rannpháirtithe sa mhargadh isteach le haghaidh cearta tarchurtha airgeadais, ***meaitseálfar*** iad le leithdháileadh comhuaineach acmhainneachta traschreasaí fadtéarmaí. Ba cheart an mheaitseáil agus an leithdháileadh sin a dhéanamh go tráthrialta chun leachtacht leordhóthanach a áirithiú agus, dá bhrí sin, féidearthachtaí éifeachtúla fálaithe a áirithiú le haghaidh rannpháirtithe sa mhargadh. Ba cheart na cearta tarchurtha fadtéarmacha a eisiúint le haibíochtaí rialta (idir mí amháin chun tosaigh agus trí bliana chun tosaigh ar a laghad), chun iad a ailíniú le tréimhse thipiciúil fálaithe na rannpháirtithe sa mhargadh. Ba cheart an t-aon ardán amháin um leithdháileadh a bheith faoi réir faireacháin agus ***forfheidhmithe*** chun a áirithiú go ndéanfaidh sé a chúraimí mar is ceart. | (21) Chun feabhas a chur ar na féidearthachtaí atá ag rannpháirtithe sa mhargadh i dtaca le fálú a dhéanamh, ba cheart ról an aon ardáin amháin um leithdháileadh arna bhunú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1719 ón gCoimisiún a leathnú. Leis an aon ardán amháin um leithdháileadh, ba cheart trádáil i gcearta tarchurtha fadtéarmacha airgeadais a thairiscint idir na criosanna tairisceana éagsúla agus***, i gcás ina bhfuil siad bunaithe,*** na moil fhíorúla réigiúnacha. Na horduithe a chuirfidh rannpháirtithe sa mhargadh isteach le haghaidh cearta tarchurtha airgeadais, ***ba cheart*** iad ***a mheaitseáil*** le leithdháileadh comhuaineach acmhainneachta traschreasaí fadtéarmaí. Ba cheart an mheaitseáil agus an leithdháileadh sin a dhéanamh go tráthrialta chun leachtacht leordhóthanach a áirithiú agus, dá bhrí sin, féidearthachtaí éifeachtúla fálaithe a áirithiú le haghaidh rannpháirtithe sa mhargadh. Ba cheart na cearta tarchurtha fadtéarmacha a eisiúint le haibíochtaí rialta (idir mí amháin chun tosaigh agus trí bliana chun tosaigh ar a laghad), chun iad a ailíniú le tréimhse thipiciúil fálaithe na rannpháirtithe sa mhargadh. Ba cheart an t-aon ardán amháin um leithdháileadh a bheith faoi réir faireacháin agus ***forfheidhmiú*** chun a áirithiú go ndéanfaidh sé a chúraimí mar is ceart. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) I gcás ina gcinneann na Ballstáit tacaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí nua a mhaoinítear go poiblí ('scéimeanna tacaíochta praghais dhírigh') i nginiúint leictreachais breosla neamh-iontaise ísealcharbóin chun cuspóirí dícharbónaithe an Aontais a bhaint amach, ba cheart na scéimeanna sin a struchtúrú trí bhíthin conarthaí dhá threo le haghaidh difríochta chun, le cois na ráthaíochta ioncaim, teorainn aníos ioncaim mhargaidh na sócmhainní giniúna lena mbaineann a chur san áireamh. I dtaca le hinfheistíochtaí nua le haghaidh ghiniúint an leictreachais, ba cheart a áireamh iontu infheistíochtaí i saoráidí nua giniúna cumhachta, infheistíochtaí atá dírithe ar shaoráidí giniúna cumhachta atá ann cheana a athchumhachtú, infheistíochtaí atá dírithe ar shaoráidí giniúna cumhachta atá ann cheana a leathnú nó ar a saolré a fhadú. | (30) I gcás ina gcinneann na Ballstáit tacaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí nua a mhaoinítear go poiblí ('scéimeanna tacaíochta praghais dhírigh') i nginiúint leictreachais breosla neamh-iontaise ísealcharbóin chun cuspóirí dícharbónaithe an Aontais a bhaint amach, ba cheart na scéimeanna sin a struchtúrú trí bhíthin conarthaí dhá threo le haghaidh difríochta chun, le cois na ráthaíochta ioncaim, teorainn aníos ioncaim mhargaidh na sócmhainní giniúna lena mbaineann a chur san áireamh. I dtaca le hinfheistíochtaí nua le haghaidh ghiniúint an leictreachais, ba cheart a áireamh iontu infheistíochtaí i saoráidí nua giniúna cumhachta, infheistíochtaí atá dírithe ar shaoráidí giniúna cumhachta atá ann cheana a athchumhachtú, infheistíochtaí atá dírithe ar shaoráidí giniúna cumhachta atá ann cheana a leathnú nó ar a saolré a fhadú. ***Ós rud é go bhfuil na scéimeanna sin ag leasú go hindíreach na rialacha maidir le státchabhair atá ann faoi láthair (Teachtaireacht ón gCoimisiún – Treoirlínte maidir le státchabhair don aeráid, do chosaint an chomhshaoil agus d'fhuinneamh 2022[19a], Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gCreat Sealadach Géarchéime maidir le bearta státchabhrach chun tacú leis an ngeilleagar tar éis ionsaí na Rúise ar an Úcráin 2022/C 131 I/01 [19b]) maidir le tacaíocht phoiblí a thabhairt do chineálacha áirithe giniúna leictreachais, ba cheart don Choimisiún a mheas go rialta an bhfuil siad fós leormhaith agus nach ndéanann siad saobhadh díréireach ná ilroinnt ar an margadh inmheánach.*** |
| | ***[19a] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?toc=OJ%3AC%3A2022%3A080%3ATOC&uri=uriserv%3AOJ.C*** |

***_.2022.080.01.0001.01.GA***

[19b] ***https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv:OJ.CI.2022.131.01.0001.01.GA***

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 34**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (34) A bhuí le teorainn aníos ó ioncaim an mhargaidh, ba cheart do scéimeanna tacaíochta praghais dhírigh, i bhfoirm conarthaí dhá threo le haghaidh difríochta, foinse bhreise ioncam a sholáthar do na Ballstáit i dtréimhsí praghsanna arda fuinnimh. Chun maolú breise a dhéanamh ar an tionchar atá ag praghsanna arda leictreachais ar bhillí fuinnimh na dtomhaltóirí, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar na hioncaim a bhailítear ó tháirgeoirí atá faoi réir scéimeanna tacaíochta praghais dhírigh i bhfoirm conarthaí dhá threo le haghaidh difríochta a chur ar aghaidh chuig ***gach custaiméir*** deiridh leictreachais, lena n-áirítear teaghlaigh, FBManna agus tomhaltóirí tionsclaíocha, bunaithe ar a dtomhaltas. Ba cheart athdháileadh na n-ioncam a dhéanamh ar bhealach lena n-áirithítear go bhfuil tomhaltóirí fós neamhchosanta ar an gcomhartha praghais go méid áirithe, ionas go laghdóidh siad a dtomhaltas nuair a bhíonn na praghsanna ard, nó go n-aistreoidh siad é go tréimhsí praghsanna níos ísle (ar tréimhsí iad de ghnáth ina bhfuil sciar níos airde de tháirgeadh foinsí in-athnuaite fuinnimh). Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach ndéanfar difear don chothroime iomaíochta ná don iomaíocht idir na soláthróirí éagsúla le hathdháileadh na n-ioncam ar na tomhaltóirí deiridh leictreachais. | (34) A bhuí le teorainn aníos ó ioncaim an mhargaidh, ba cheart do scéimeanna tacaíochta praghais dhírigh, i bhfoirm conarthaí dhá threo le haghaidh difríochta, foinse bhreise ioncam a sholáthar do na Ballstáit i dtréimhsí praghsanna arda fuinnimh. Chun maolú breise a dhéanamh ar an tionchar atá ag praghsanna arda leictreachais ar bhillí fuinnimh na dtomhaltóirí, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar na hioncaim a bhailítear ó tháirgeoirí atá faoi réir scéimeanna tacaíochta praghais dhírigh i bhfoirm conarthaí dhá threo le haghaidh difríochta a chur ar aghaidh chuig ***na custaiméirí*** deiridh leictreachais, lena n-áirítear teaghlaigh, FBManna agus tomhaltóirí tionsclaíocha, bunaithe ar a dtomhaltas***, agus tús áite á thabhairt do chustaiméirí leochaileacha agus dóibh siúd atá thíos le bochtaineacht fuinnimh nó atá i mbaol na bochtaineachta fuinnimh***. Ba cheart athdháileadh na n-ioncam a dhéanamh ar bhealach lena n-áirithítear go bhfuil tomhaltóirí fós neamhchosanta ar an gcomhartha praghais go méid áirithe, ionas go laghdóidh siad a dtomhaltas nuair a bhíonn na praghsanna ard, nó go n-aistreoidh siad é go tréimhsí praghsanna níos ísle (ar tréimhsí iad de ghnáth ina bhfuil sciar níos airde de tháirgeadh foinsí in-athnuaite fuinnimh). Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach ndéanfar difear don chothroime iomaíochta ná don iomaíocht idir na soláthróirí éagsúla |

le hathdháileadh na n-ioncam ar na tomhaltóirí deiridh leictreachais.

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 45**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (45) I gcás nach n-áirithíonn soláthróirí go bhfuil a bpunann leictreachais fálaithe go leordhóthanach, d'fhéadfaidís a bheith i mbaol airgeadais de dheasca athruithe ar phraghsanna mórdhíola leictreachais agus d'fhéadfadh sé go gclisfidís dá dtoradh, agus costais á gcur ar aghaidh chuig tomhaltóirí agus úsáideoirí gréasáin eile. Dá bhrí sin, ba cheart a áirithiú go bhfuil soláthróirí fálaithe go hiomchuí agus conarthaí ar phraghas socraithe á dtairiscint acu. Ba cheart a ***chur san áireamh i straitéis iomchuí fálaithe*** rochtain na soláthróirí ar a ***ghiniúint*** féin agus ar a ***chaipitliú*** féin chomh maith lena neamhchosaint ar athruithe ***ar phraghsanna margaidh*** mórdhíola. | (45) I gcás nach n-áirithíonn soláthróirí go bhfuil a bpunann leictreachais fálaithe go leordhóthanach, d'fhéadfaidís a bheith i mbaol airgeadais de dheasca athruithe ar phraghsanna mórdhíola leictreachais agus d'fhéadfadh sé go gclisfidís dá dtoradh, agus costais á gcur ar aghaidh chuig tomhaltóirí agus úsáideoirí gréasáin eile. Dá bhrí sin, ba cheart a áirithiú go bhfuil soláthróirí fálaithe go hiomchuí agus conarthaí ar phraghas socraithe á dtairiscint acu. Ba cheart ***straitéis fálaithe iomchuí*** a ***bheith i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais agus*** rochtain na soláthróirí ar a ***giniúint*** féin agus ar a ***caipitliú*** féin chomh maith lena neamhchosaint ar athruithe ***i bpraghsanna an mhargaidh*** mórdhíola***, méid an tsoláthróra agus struchtúr an mhargaidh a chur i gcuntas***. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 53**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (53) I bprionsabal, is éard atá sna hidirghabhálacha poiblí i socrú praghsanna maidir le soláthar leictreachais beart saofa margaidh. Dá bhrí sin, ní féidir na hidirghabhálacha sin a dhéanamh ach amháin mar oibleagáidí seirbhíse poiblí | (53) I bprionsabal, is éard atá sna hidirghabhálacha poiblí i socrú praghsanna maidir le soláthar leictreachais beart saofa margaidh***, fiú más rud é gur cheart leictreachas a mheas mar sheirbhís riachtanach***. Dá bhrí sin, ní féidir na |

agus tá siad faoi réir coinníollacha sonracha. Faoin Treoir seo, is féidir praghsanna rialáilte a bheith ann do theaghlaigh atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh agus do theaghlaigh leochaileacha, lena n-áirítear faoi bhun na gcostas, agus, mar bheart aistrithe, do theaghlaigh agus do mhicrifhiontair. Le linn géarchéime, i gcás ina dtagann méadú mór ar phraghsanna mórdhíola agus miondíola leictreachais, agus i gcás ina bhfuil tionchar diúltach aige sin ar an ngeilleagar i gcoitinne, ba cheart cead a thabhairt do na Ballstáit cur i bhfeidhm na bpraghsanna rialáilte a leathnú ar bhonn sealadach chun FBManna a chumhdach freisin. I gcás teaghlach agus FBManna araon, ba cheart cead sealadach a bheith ag na Ballstáit praghsanna rialáilte a shocrú faoi bhun na gcostas fad nach gcruthófar leis sin saobhadh idir soláthróirí agus go gcúiteofar soláthróirí as na costais a bhaineann le soláthar a dhéanamh faoi bhun an chostais. Is gá a áirithiú, áfach, go an bhfuil an rialáil praghsanna sin spriocdhírithe agus nach gcruthaítear dreasachtaí léi chun tomhaltas a mhéadú. Dá bhrí sin, ba cheart an rialáil praghsanna sin a theorannú do 80 % de thomhaltas airmheánach teaghlaigh le haghaidh teaghlach, agus do 70 % de thomhaltas na bliana roimhe sin le haghaidh FBManna. Ba cheart don Choimisiún cinneadh a dhéanamh maidir le cén uair is ann do ghéarchéim den sórt sin maidir le praghsanna leictreachais agus, dá réir sin, cén uair a bheidh an fhéidearthacht sin infheidhme. Ba cheart don Choimisiún bailíocht an chinnidh sin a shonrú freisin, ar lena linn a bheidh feidhm ag an síneadh sealadach ar phraghsanna rialáilte, síneadh a d'fhéadfadh a bheith suas le bliain amháin. Sa mhéid gurb éard atá in aon cheann de na bearta atá beartaithe leis an Rialachán seo Státchabhair, tá na forálacha a bhaineann leis na bearta sin gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 CFAE.

hidirghabhálacha sin a dhéanamh ach amháin mar oibleagáidí seirbhíse poiblí agus tá siad faoi réir coinníollacha sonracha. Faoin Treoir seo, is féidir praghsanna rialáilte a bheith ann do theaghlaigh atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh agus do theaghlaigh leochaileacha, lena n-áirítear faoi bhun na gcostas, agus, mar bheart aistrithe, do theaghlaigh agus do mhicrifhiontair. Le linn géarchéime, i gcás ina dtagann méadú mór ar phraghsanna mórdhíola agus miondíola leictreachais, agus i gcás ina bhfuil tionchar diúltach aige sin ar an ngeilleagar i gcoitinne, ba cheart cead a thabhairt do na Ballstáit cur i bhfeidhm na bpraghsanna rialáilte a leathnú ar bhonn sealadach chun FBManna a chumhdach freisin. I gcás teaghlach agus FBManna araon, ba cheart cead sealadach a bheith ag na Ballstáit praghsanna rialáilte a shocrú faoi bhun na gcostas fad nach gcruthófar leis sin saobhadh ***sa mhargadh inmheánach nó*** idir soláthróirí agus go gcúiteofar soláthróirí as na costais a bhaineann le soláthar a dhéanamh faoi bhun an chostais. Is gá a áirithiú, áfach, go an bhfuil an rialáil praghsanna sin spriocdhírithe agus nach gcruthaítear dreasachtaí léi chun tomhaltas a mhéadú. Dá bhrí sin, ba cheart an rialáil praghsanna sin a theorannú do 80 % de thomhaltas airmheánach teaghlaigh le haghaidh teaghlach ***agus micrifhiontar***, ***do 90 % ar a laghad do chustaiméirí leochaileacha*** agus do 70 % de thomhaltas na bliana roimhe sin le haghaidh FBManna. Ba cheart don Choimisiún cinneadh a dhéanamh maidir le cén uair is ann do ghéarchéim den sórt sin maidir le praghsanna leictreachais agus, dá réir sin, cén uair a bheidh an fhéidearthacht sin infheidhme. Ba cheart don Choimisiún bailíocht an chinnidh sin a shonrú freisin, ar lena linn a bheidh feidhm ag an síneadh sealadach ar phraghsanna rialáilte, síneadh a d'fhéadfadh a bheith suas le bliain amháin. Sa mhéid gurb éard atá in aon cheann de na bearta atá beartaithe leis an

Rialachán seo Státchabhair, tá na forálacha a bhaineann leis na bearta sin gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 CFAE.

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe a**
Rialachán (AE) 2019/943
Airteagal 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) prionsabail bhunúsacha a leagan síos do mhargaí leictreachais comhtháite a fheidhmíonn go maith, lena gcuirfear ar chumas gach soláthraí acmhainní agus gach custaiméara leictreachais rochtain neamh-idirdhealaitheach ar an margadh a bheith acu, lena gcumasófar forbairt réamh-mhargaí leictreachais chun ligean do sholáthróirí agus do thomhaltóirí iad féin a fhálú nó iad féin a chosaint ar an riosca go mbeidh luaineacht ann amach anseo i bpraghsanna leictreachais, tomhaltóirí a ***chumhachtú***, iomaíochas ar an margadh domhanda a áirithiú, solúbthacht a fheabhsú trí fhreagairt don éileamh, stóráil fuinnimh agus réitigh sholúbthachta neamh-iontaise eile, éifeachtúlacht fuinnimh a áirithiú, comhbhailiú éilimh agus soláthair dháilte a éascú, agus comhtháthú margaidh agus earnálach agus luach saothair margadhbhunaithe as leictreachas a ghintear ó fhoinsí in-athnuaite a chumasú;’ | (b) prionsabail bhunúsacha a leagan síos do mhargaí leictreachais comhtháite a fheidhmíonn go maith, lena gcuirfear ar chumas gach soláthraí acmhainní agus gach custaiméara leictreachais rochtain neamh-idirdhealaitheach ar an margadh a bheith acu, lena gcumasófar forbairt réamh-mhargaí leictreachais chun ligean do sholáthróirí agus do thomhaltóirí iad féin a fhálú nó iad féin a chosaint ar an riosca go mbeidh luaineacht ann amach anseo i bpraghsanna leictreachais, ***agus gníomhaíochtaí amhantracha díobhálacha á seachaint lena n-áirítear*** tomhaltóirí ***leochaileacha*** a ***chosaint***, iomaíochas ar an margadh domhanda a áirithiú, solúbthacht a fheabhsú trí fhreagairt don éileamh, stóráil fuinnimh agus réitigh sholúbthachta neamh-iontaise eile, éifeachtúlacht fuinnimh a áirithiú, comhbhailiú éilimh agus soláthair dháilte a éascú, agus comhtháthú margaidh agus earnálach agus luach saothair margadhbhunaithe as leictreachas a ghintear ó fhoinsí in-athnuaite a chumasú;’ |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe b**
Rialachán (AE) 2019/943
Airteagal 1 – pointe e

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) tacú le hinfheistíochtaí fadtéarmacha i nginiúint fuinnimh in-athnuaite agus cur ar chumas tomhaltóirí a mbillí fuinnimh a dhéanamh níos neamhspleáiche ar luaineachtaí i bpraghsanna gearrthéarmacha ar an margadh leictreachais, go háirithe praghsanna breoslaí iontaise sa mheántéarma agus san fhadtéarma.’ | (e) tacú le hinfheistíochtaí fadtéarmacha i nginiúint fuinnimh in-athnuaite agus ***solúbthacht chun*** cur ar chumas tomhaltóirí a mbillí fuinnimh a dhéanamh níos ***inacmhainne agus níos*** neamhspleáiche ar luaineachtaí i bpraghsanna gearrthéarmacha ar an margadh leictreachais, go háirithe praghsanna breoslaí iontaise sa mheántéarma agus san fhadtéarma.’ |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Rialachán (AE) 2019/943
Airteagal 9 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Faoin 1 Nollaig 2024, ***cuirfidh Líonra Eorpach d’Oibreoirí Córais Tarchurtha Leictreachais togra faoi bhráid ACER***, tar éis dó dul i gcomhairle le ESMA, maidir ***le*** moil fhíorúla réigiúnacha a bhunú don réamh-mhargadh. Leis an ***togra***, déanfar an méid seo a leanas: | 1. Faoin 1 Nollaig 2024, ***déanfaidh an Coimisiún***, tar éis dó dul i gcomhairle le ESMA, ***le ENTSO don Leictreachas agus le ACER, measúnú a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle*** maidir ***leis an tionchar a bheidh ag*** moil fhíorúla réigiúnacha a bhunú don réamh-mhargadh. ***Má mheastar é a bheith iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil*** leis an ***measúnú i gcás inarb infheidhme agus***, ***inter alia,*** déanfar an méid seo a leanas ***leis***: |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Rialachán (AE) 2019/943
Airteagal 9 – mír 1 – pointe da (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d a) a áirithiú gur chun leasa na*** |

***dtomhaltóirí sna réigiúin sin é an mol fíorúil a chruthú.***

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Rialachán (AE) 2019/943
Airteagal 9 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Laistigh de shé mhí tar éis di an togra maidir le moil fhíorúla réigiúnacha a leagan síos don réamh-mhargadh a fháil, déanfaidh ACER meastóireacht air agus déanfaidh sé é a fhormheas nó a leasú. ***Más leasú a dhéanfar***, rachaidh ACER i gcomhairle le ENTSO don Leictreachas sula nglacfaidh sí na leasuithe. Foilseofar an togra leasaithe ar shuíomh gréasáin ACER. | 2. Laistigh de shé mhí tar éis di an togra maidir le moil fhíorúla réigiúnacha a leagan síos don réamh-mhargadh a fháil, déanfaidh ACER meastóireacht air agus déanfaidh sé é a fhormheas nó a leasú. ***Sa chás sin***, rachaidh ACER***, tar éis ESMA a chur ar an eolas,*** i gcomhairle le ENTSO don Leictreachas sula nglacfaidh sí na leasuithe. Foilseofar an togra leasaithe ar shuíomh gréasáin ACER. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Rialachán 2019/943
Airteagal 9 – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. I gcás ina measann údarás rialála nach bhfuil deiseanna fálaithe leordhóthanacha ar fáil do rannpháirtithe sa mhargadh, agus tar éis dul i gcomhairle le húdaráis inniúla ábhartha an mhargaidh airgeadais i gcás ina mbaineann na réamh-mhargaí le hionstraimí airgeadais mar a shainmhínítear faoi Airteagal 4(1)(15), féadfaidh sé a cheangal ar mhalartuithe cumhachta nó ar oibreoirí córas tarchurtha bearta breise a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí cruthaithe margaidh, chun leachtacht an réamh-mhargaidh a fheabhsú. ***Faoi réir*** chomhlíonadh dhlí iomaíochta an | 5. I gcás ina measann údarás rialála nach bhfuil deiseanna fálaithe leordhóthanacha ar fáil do rannpháirtithe sa mhargadh, agus tar éis dul i gcomhairle le húdaráis inniúla ábhartha an mhargaidh airgeadais i gcás ina mbaineann na réamh-mhargaí le hionstraimí airgeadais mar a shainmhínítear faoi Airteagal 4(1)(15), féadfaidh sé a cheangal ar mhalartuithe cumhachta nó ar oibreoirí córas tarchurtha bearta breise a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí cruthaithe margaidh, chun leachtacht an réamh-mhargaidh a fheabhsú. ***I gcás ina bhforbróidh oibreoirí margaidh*** |

Aontais agus Threoir (AE) 2014/65 agus Rialacháin (AE) 648/2012 agus 600/2014***, beidh saoirse ag oibreoirí margaidh táirgí fálaithe todhchaíochta a fhorbairt, lena n-áirítear táirgí fálaithe todhchaíochta fadtéarmacha***, chun deiseanna iomchuí a sholáthar do rannpháirtithe sa mhargadh, lena n-áirítear úinéirí saoráidí giniúna cumhachta ina n-úsáidtear foinsí fuinnimh in-athnuaite, chun rioscaí airgeadais a eascraíonn as luaineachtaí ar phraghsanna a fhálú. Ní éileoidh na Ballstáit gníomhaíochtaí fálaithe den sórt sin a bheith teoranta do thrádálacha laistigh de Bhallstát nó laistigh de chrios tairisceana.

***táirgí fálaithe todhchaíochta, lena n-áirítear táirgí fálaithe todhchaíochta fadtéarmacha, déanfaidh siad amhlaidh*** i gcomhréir ***iomlán*** le dlí iomaíochta an Aontais agus le Treoir (AE) 2014/65 agus Rialacháin (AE) 648/2012 agus 600/2014, chun deiseanna iomchuí a sholáthar do rannpháirtithe sa mhargadh, lena n-áirítear úinéirí saoráidí giniúna cumhachta a úsáideann foinsí fuinnimh in-athnuaite, chun rioscaí airgeadais a fhálú i gcoinne luaineachtaí praghsanna. Ní éileoidh na Ballstáit gníomhaíochtaí fálaithe den sórt sin a bheith teoranta do thrádálacha laistigh de Bhallstát nó laistigh de chrios tairisceana.

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**
Rialachán (AE) 2019/942
Airteagal 19 a – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 2. ***Áiritheoidh*** na Ballstáit go mbeidh ionstraimí i bhfeidhm, amhail scéimeanna ráthaíochta ag praghsanna an mhargaidh, chun na rioscaí airgeadais a laghdú a bhaineann le mainneachtain íocaíochta ceannaitheora faoi chuimsiú PPAnna agus a áirithiú go bhfuil rochtain ag custaiméirí orthu, custaiméirí a bhfuil bacainní iontrála acu ar mhargadh PPA agus nach bhfuil deacracht airgeadais acu i gcomhréir le ***hAirteagal*** 107 agus ***Airteagal*** 108 CFAE. Chun na críche sin, cuirfidh na Ballstáit ionstraimí ar leibhéal an Aontais san áireamh. Cinnfidh na Ballstáit ***cé*** na catagóirí custaiméirí a ***ndíreofar*** na hionstraimí sin ***orthu***, agus critéir neamh-idirdhealaitheacha ***á gcur*** i bhfeidhm ***acu***. | 2. ***Féadfaidh*** na Ballstáit ***a áirithiú*** go mbeidh ionstraimí i bhfeidhm, amhail scéimeanna ráthaíochta ag praghsanna an mhargaidh, chun na rioscaí airgeadais a laghdú a bhaineann le mainneachtain íocaíochta ceannaitheora faoi chuimsiú PPAnna agus a áirithiú go bhfuil rochtain ag custaiméirí orthu, custaiméirí a bhfuil bacainní iontrála acu ar mhargadh PPA agus nach bhfuil deacracht airgeadais acu***. Scrúdóidh an Coimisiún an ndéanann na hionstraimí sin saobhadh díréireach nó ilroinnt ar an margadh inmheánach agus an bhfuil siad*** i gcomhréir le ***hAirteagail*** 107 agus 108 CFAE. Chun na críche sin, cuirfidh na Ballstáit ionstraimí ar leibhéal an Aontais san áireamh. Cinnfidh na Ballstáit ***cad iad*** na catagóirí custaiméirí a ***ndírítear orthu leis*** na hionstraimí sin, agus ***cuirfidh siad*** critéir neamh-idirdhealaitheacha i bhfeidhm ***i measc gach catagóire custaiméirí, ag féachaint*** |

***go cuí do chustaiméirí leochaileacha***.

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**
Rialachán (AE) 2019/943
Airteagal 19a – mír 6 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6 a. Déanfaidh páirtithe conarthacha gach PPA cainníocht, praghsanna agus fad gach conartha a thuairisciú don údarás rialála náisiúnta. Foilseoidh an t-údarás rialála náisiúnta meánphraghas leictreachais laethúil, arb é a bheidh ann meánphraghas ualaithe na gcainníochtaí leictreachais uile a thrádáiltear sa chrios tairisceana sin don lá sin.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**
Rialachán (AE) 2019/943
Airteagal 19b – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh scéimeanna tacaíochta praghais dhírigh le haghaidh infheistíochtaí nua chun leictreachas a ghiniúint ó na foinsí a ***liostaítear*** i mír 2 i bhfoirm conartha dhá threo le haghaidh difríochtaí. Ar na hinfheistíochtaí nua chun leictreachas a ghiniúint, beidh infheistíochtaí i saoráidí giniúna cumhachta nua, infheistíochtaí atá dírithe ar shaoráidí giniúna cumhachta atá ann cheana a athchumhachtú, infheistíochtaí atá dírithe ar shaoráidí giniúna cumhachta atá ann cheana a leathnú nó ar a saolré a fhadú. | 1. Beidh scéimeanna tacaíochta praghais dhírigh le haghaidh infheistíochtaí nua chun leictreachas a ghiniúint ó na foinsí a ***dá dtagraítear*** i mír 2 i bhfoirm conartha dhá threo le haghaidh difríochtaí. ***Beidh scéimeanna den sórt sin,*** ar ***a laghad, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/852 agus leis*** na hinfheistíochtaí ***dá bhforáiltear sa phlean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide i leith ghné an dícharbónaithe dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus aon nuashonrú air. Ar na hinfheistíochtaí*** nua chun leictreachas a ghiniúint, beidh infheistíochtaí i saoráidí giniúna |

cumhachta nua, infheistíochtaí atá dírithe ar shaoráidí giniúna cumhachta atá ann cheana a athchumhachtú, infheistíochtaí atá dírithe ar shaoráidí giniúna cumhachta atá ann cheana a leathnú nó ar a saolré a fhadú.

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**
Rialachán (AE) 2019/943
Airteagal 19b – mír 3 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (a) ceapfar iad ionas go ndáilfear an t-ioncam a bhaileofar nuair a bheidh praghas an mhargaidh os cionn an phraghais ceangail ar gach custaiméir deiridh leictreachais bunaithe ar a sciar tomhaltais (an costas céanna/an t-aisíoc céanna in aghaidh an MWh arna chaitheamh); | (a) ceapfar iad ionas go ndáilfear an t-ioncam a bhaileofar nuair a bheidh praghas an mhargaidh os cionn an phraghais ceangail ar gach custaiméir deiridh leictreachais bunaithe ar a sciar tomhaltais (an costas céanna/an t-aisíoc céanna in aghaidh an MWh arna chaitheamh)***, agus tús áite á thabhairt do chúiteamh custaiméirí leochaileacha***; |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**
Rialachán (AE) 2019/943
Airteagal 19b (nua) – mír 3 – pointe ba (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(b a) a áirithiú go mbeidh rochtain ag tionscadail phobalbhunaithe/ar scála beag ar chonarthaí difríochta ar phraghas imréitigh na tairisceana is ísle;*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14**
Rialachán (AE) 2019/943
Airteagal 69a – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| Ní mhaolóidh aon ní sa Rialachán seo ar fhorálacha Threoir (AE) 2014/65, Rialachán (AE) 648/2012 agus Rialachán (AE) 600/2014 nuair a bhíonn rannpháirtithe sa mhargadh nó oibreoirí margaidh ag gabháil do ghníomhaíochtaí a bhaineann le hionstraimí airgeadais, go háirithe mar a shainítear faoi Airteagal 4(1)(15) de Threoir (AE) 2014/65. | Ní mhaolóidh aon ní sa Rialachán seo ar fhorálacha Threoir (AE) 2014/65, Rialachán (AE) 648/2012 agus Rialachán (AE) 600/2014 nuair a bhíonn rannpháirtithe sa mhargadh nó oibreoirí margaidh ag gabháil do ghníomhaíochtaí a bhaineann le hionstraimí airgeadais, go háirithe mar a shainítear faoi Airteagal 4(1)(15) de Threoir (AE) 2014/65. ***Seachnófar dúbláil na gceanglas rialála, comhlíontachta agus tuairiscithe.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5**
Treoir (AE) 2019/944
Airteagal 28a – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| ***Áiritheoidh*** na Ballstáit ***go gcosnófar custaiméirí leochaileacha ó*** dhícheangal leictreachais. Soláthrófar an méid sin mar chuid de choincheap na gcustaiméirí leochaileacha de bhun Airteagal 28 (1) den Treoir seo agus gan dochar do na bearta a leagtar amach in Airteagal 10(11). | ***Cuirfidh*** na Ballstáit ***toirmeasc ar*** dhícheangal leictreachais ***do chustaiméirí teaghlaigh nach bhfuil in ann a mbillí fuinnimh, a gcustaiméirí teaghlaigh leochaileacha, agus a dteaghlaigh atá i mbaol bochtaineacht fuinnimh nó faoi bhochtaineacht fuinnimh***. Soláthrófar an méid sin mar chuid de choincheap na gcustaiméirí leochaileacha de bhun Airteagal 28 (1) den Treoir seo agus gan dochar do na bearta a leagtar amach in Airteagal 10(11). |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6**
Treoir (AE) 2019/944
Airteagal 27 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil ag gach custaiméir teaghlaigh agus, i gcás ina measann na Ballstáit gurb iomchuí é, ag fiontair bheaga, seirbhís uilíoch, eadhon an ceart chun soláthar leictreachais a fháil atá de cháilíocht shonraithe laistigh dá gcríoch ar phraghsanna iomaíocha atá éasca agus soiléir le cur i gcomparáid le chéile, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Chun soláthar na seirbhíse uilíche a áirithiú, cuirfidh na Ballstáit d'oibleagáid ar na hoibreoirí córais dáileacháin custaiméirí a cheangal lena ngréasáin faoi théarmaí, coinníollacha agus taraifí a shocraítear i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 59(7). Leis an Treoir seo, ní chuirtear cosc ar na Ballstáit a suíomh margaidh a láidriú do chustaiméirí teaghlaigh agus do chustaiméirí neamhtheaghlaigh beaga agus meánmhéide trí na deiseanna tiomsaithe ionadaíochta don aicme sin custaiméirí a chur chun cinn. | 1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil ag gach custaiméir teaghlaigh agus ***gach micrifhiontar***, i gcás ina measann na Ballstáit gurb iomchuí é, ag fiontair bheaga, seirbhís uilíoch, eadhon an ceart chun soláthar leictreachais a fháil atá de cháilíocht shonraithe laistigh dá gcríoch ar phraghsanna iomaíocha atá éasca agus soiléir le cur i gcomparáid le chéile, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Chun soláthar na seirbhíse uilíche a áirithiú, cuirfidh na Ballstáit d'oibleagáid ar na hoibreoirí córais dáileacháin custaiméirí a cheangal lena ngréasáin faoi théarmaí, coinníollacha agus taraifí a shocraítear i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 59(7). Leis an Treoir seo, ní chuirtear cosc ar na Ballstáit a suíomh margaidh a láidriú do chustaiméirí teaghlaigh agus do chustaiméirí neamhtheaghlaigh beaga agus meánmhéide trí na deiseanna tiomsaithe ionadaíochta don aicme sin custaiméirí a chur chun cinn. |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 10**
Treoir (AE) 2019/944
Airteagal 66a – mír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh an Coimisiún, le cinneadh, ***a dhearbhú go bhfuil*** géarchéim praghsanna leictreachais réigiúnach nó uile-Aontais ***ann***, má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas: | 1. Féadfaidh an Coimisiún, ***ag gníomhú dó in éineacht leis na Ballstáit uile,*** le cinneadh, géarchéim praghsanna leictreachais réigiúnach nó uile-Aontais ***a dhearbhú***, má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas ***go comhuaineach agus má mheastar go leanfaidh siad ar feadh sé mhí ar a laghad***: |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 10**
Treoir (AE) 2019/944
Airteagal 66a – mír 2a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Áiritheofar leis an bhfógairt gur ann do ghéarchéim praghsanna leictreachais réigiúnach nó uile-Aontais go mbeidh cothrom iomaíochta ann ar fud na mBallstát uile a ndéanfaidh an cinneadh difear dóibh ionas nach ndéanfar an margadh inmheánach a shaobhadh go díréireach.*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 10**
Treoir (AE) 2019/944
Airteagal 66a – mír 3 – pointe ca (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c a) éifeachtaí saofa ar an margadh mórdhíola a chur i gcuntas.*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 10**
Treoir (AE) 2019/944
Airteagal 66a – mír 3a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. Eiseoidh an Coimisiún treoir maidir leis an gcaoi ar féidir na tairseacha sin a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an gCreat Sealadach Géarchéime agus Aistrithe, don tréimhse ama a mbeidh an Treoir seo agus an Creat araon i bhfeidhm.*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 10**
Treoir (AE) 2019/944
Airteagal 66a – mír 4 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ní bhaineann an praghas atá socraithe do theaghlaigh ach le 80 % ar a mhéad de thomhaltas airmheánach ***teaghlach*** agus coinníonn sé dreasacht chun an t-éileamh a laghdú; | (a) ní bhaineann an praghas atá socraithe do theaghlaigh ***agus do mhicrifhiontair*** ach le 80 % ar a mhéad de thomhaltas airmheánach ***na dteaghlach*** agus coinníonn sé dreasacht chun an t-éileamh a laghdú***, agus 90 % ar a laghad do chustaiméirí leochaileacha***; |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Leasú ar Rialacháin (AE) 2019/943 agus (AE) 2019/942 mar aon le Treoracha (AE) 2018/2001 agus (AE) 2019/944 chun feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas |
| **Tagairtí** | COM(2023)0148 – C9-0049/2023 – 2023/0077(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>1.6.2023 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ECON<br>1.6.2023 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Pedro Silva Pereira<br>20.4.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 28.6.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 39<br>–: 8<br>0: 4 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rasmus Andresen, Anna-Michelle Asimakopoulou, Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Engin Eroglu, Markus Ferber, Jonás Fernández, Valentino Grant, Claude Gruffat, José Gusmão, Michiel Hoogeveen, Stasys Jakeliūnas, France Jamet, Billy Kelleher, Ondřej Kovařík, Georgios Kyrtsos, Aurore Lalucq, Aušra Maldeikienė, Csaba Molnár, Denis Nesci, Luděk Niedermayer, Lefteris Nikolaou-Alavanos, Lídia Pereira, Kira Marie Peter-Hansen, Eva Maria Poptcheva, Antonio Maria Rinaldi, Dorien Rookmaker, Alfred Sant, Joachim Schuster, Ralf Seekatz, Inese Vaidere, Johan Van Overtveldt, Stéphanie Yon-Courtin |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Damien Carême, Niels Fuglsang, Henrike Hahn, Valérie Hayer, Martin Hlaváček, Eugen Jurzyca, Janusz Lewandowski, Chris MacManus, Tonino Picula, Jessica Polfjärd, René Repasi, Eleni Stavrou |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Vladimír Bilčík, Marco Campomenosi, Hannes Heide, Leszek Miller, Patrizia Toia, Juan Ignacio Zoido Álvarez |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 39 | + |
|---|---|
| PPE | Anna-Michelle Asimakopoulou, Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Vladimír Bilčík, Markus Ferber, Janusz Lewandowski, Aušra Maldeikienė, Luděk Niedermayer, Lídia Pereira, Jessica Polfjärd, Ralf Seekatz, Eleni Stavrou, Inese Vaidere, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| Renew | Engin Eroglu, Valérie Hayer, Martin Hlaváček, Billy Kelleher, Ondřej Kovařík, Georgios Kyrtsos, Eva Maria Poptcheva, Stéphanie Yon-Courtin |
| S&D | Jonás Fernández, Niels Fuglsang, Hannes Heide, Aurore Lalucq, Leszek Miller, Csaba Molnár, Tonino Picula, René Repasi, Alfred Sant, Joachim Schuster, Patrizia Toia |
| Verts/ALE | Rasmus Andresen, Damien Carême, Claude Gruffat, Henrike Hahn, Stasys Jakeliūnas, Kira Marie Peter-Hansen |

| 8 | - |
|---|---|
| ECR | Michiel Hoogeveen, Eugen Jurzyca, Dorien Rookmaker, Johan Van Overtveldt |
| ID | France Jamet |
| NI | Lefteris Nikolaou-Alavanos |
| The Left | José Gusmão, Chris MacManus |

| 4 | 0 |
|---|---|
| ECR | Denis Nesci |
| ID | Marco Campomenosi, Valentino Grant, Antonio Maria Rinaldi |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

8.6.2023

# LITIR ÓN gCOISTE UM BUISÉID

Cristian-Silviu Buşoi
Cathaoirleach
An Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim ar an togra ón gCoimisiún maidir le leasú a dhéanamh ar Rialacháin (AE) Uimh. 1227/2011 agus (AE) 2019/942 chun feabhas a chur ar chosaint an Aontais ar chúbláil mhargaidh sa mhargadh mórdhíola fuinnimh (2023/0076 (COD)) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/943 agus (AE) 2019/942 mar aon le Treoracha (AE) 2018/2001 agus (AE) 2019/944 chun feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas (2023/0077(COD))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta dá dtagraítear thuas, chinn Comhordaitheoirí an Choiste um Buiséid ag an gcruinniú a bhí acu an 31 Eanáir 2023 tuairim a ghlacadh faoi Riail 56 agus i bhfoirm litreach lena gcumhdaítear an dá chomhad reachtacha.

Ghlac an coiste an tuairim ag an gcruinniú a bhí aige[1] an 08/06/2023 agus thug sé sainordú dom an seasamh a leagtar amach thíos a chur in iúl.

**Cúlra an togra maidir leis an tionchar buiséadach ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) agus ar ITER**

An 14 Márta 2024, mhol an Coimisiún go ndéanfaí athchóiriú ar dhearadh mhargadh leictreachais an Aontais chun dlús a chur le borradh faoi fhoinsí in-athnuaite agus deireadh a chur de réir a chéile le húsáid gháis, billí tomhaltóirí a dhéanamh níos neamhspleáiche ar phraghsanna luaineacha breoslaí iontaise, tomhaltóirí a chosaint níos fearr ar arduithe tobanna ar phraghsanna amach anseo agus ar chúbláil mhargaidh a d'fhéadfadh a bheith ann, agus tionscal an Aontais a dhéanamh níos glaine agus níos iomaíche.
D'eascair dhá thogra as an méid sin, agus roinnt píosaí reachtaíochta a bhí ann cheana á leasú leo:

[1] Bhí na daoine seo a leanas i láthair ag an vótáil chríochnaitheach: Janusz Lewandowski (1d Leas-Chathaoirleach), Olivier Chastel (2ú Leas-Chathaoirleach), Niclas Herbst (4ú Leas-Chathaoirleach), José Manuel Fernandes, Adam Jarubas, Siegfried Mureşan, Petri Sarvamaa, Eleni Stavrou, Rainer Wieland (do PPE), Markus Ferber agus Asim Ademov (do PPE de bhun Riail 209(7)), Pascal Durand, Jonás Fernández, Jens Geier, Eero Heinäluoma, Camilla Laureti, Nils Ušakovs (do S&D), Inma Rodríguez-Piñero agus Massimiliano Smeriglio (do S&D de bhun Riail 209(7)), Katalin Cseh, Vlad Gheorghe, Valérie Hayer, Fabienne Keller, Moritz Körner (for Renew), Nicolae Ştefănuță (for Verts/ALE), Zbigniew KuȚmiuk, Bogdan Rzońca (thar ceann ECR), Dimitrios Papadimoulis (thar ceann the Left) agus Andor Deli (thar ceann NI)

1. Leasú ar REMIT (cosaint an Aontais ar chúbláil mhargaidh sa mhargadh mórdhíola fuinnimh) agus an leasú comhfhreagrach ar Rialachán ACER.
2. Leasuithe ar Rialachán EMD (Dearadh an mhargaidh leictreachais) agus ar an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite agus an leasú comhfhreagrach ar Rialachán ACER.

Leis an gcéad bhaisc, cuirfear cúraimí nua ar ACER, mar atá, go bunúsach, cumhachtaí údaraithe agus maoirseachta ar ardáin sonraí leictreachais, ról láraithe idirbheart amhrasach ar an margadh leictreachais agus imscrúdaithe agus cumhachtaí leathnaithe forfheidhmiúcháin Rialachán REMIT. De réir an mheasúnaithe ón gCoimisiún, bheadh 25 choibhéis lánaimseartha bhreise (FTE) agus EUR 4.2 milliún de chaiteachas oibríochtúil ag teastáil ó ACER thar 2025-2027. Maoineofar 2/3 den fhoireann chomh maith leis an gcaiteachas oibríochtúil as táille bhreisithe. Fágann sé sin go bhfuil EUR 2.9 milliún le maoiniú ó bhuiséad an Aontais thar 2025-2027.

Leis an dara baisc, cuirfear cúraimí nua ar ACER freisin, mar atá, go bunúsach, formheas *ex-ante* mol le haghaidh réamhchonarthaí leictreachais a thrádáil agus na modheolaíochta atá mar bhonn leis an tuairisciú ó na Ballstáit maidir leis an ngá atá le solúbthacht i margadh an leictreachais. De réir an mheasúnaithe ón gCoimisiún, bheadh 4 FTE breise ag teastáil ó ACER le haghaidh méid EUR 2.8 milliún thar 2024-2027.

San iomlán, bheadh tionchar EUR 5.7 milliún ag an méadú ar ACER ar bhuiséad an Aontais thar 2024-2027. Léirítear sa ráiteas airgeadais reachtach go ndéanfar an tsuim a ath-imscaradh ó líne bhuiséid ITER.

**Seasamh an Choiste um Buiséid**

Ar an iomlán, níl tionchar suntasach ag an togra ar an mbuiséad agus ní dhéantar Rialachán ACER a mhodhnú ach amháin chun raon feidhme na ngníomhaíochtaí arna maoiniú le táillí a leathnú agus chun na cúraimí a bhaineann leis an leasú ar an EMD a chur leis. Cuireann an Coimisiún in iúl, má dhéantar an fritháireamh ó ITER go ACER a ath-leithdháileadh mar atá beartaithe, nach mbeidh tionchar diúltach aige sin ar ITER maidir lena chuspóirí faoin CAI a bhaint amach agus meabhraíonn sé gurb ionann méid iomlán an fhritháirimh EUR 5.7 milliún sin atá beartaithe agus 0.1 % de bhuiséad iomlán ITER thar an CAI.

Mar sin féin, tugann an Coiste um Buiséid faoi deara, ó thús an CAI seo, gur thíolaic an Coimisiún roinnt tograí reachtacha[2] lenar cuireadh cúraimí nua breise ar ACER a dteastaíonn

2

- Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 Méadú ar acmhainní do ACER le haghaidh freagrachtaí breise i bhformhaoirseacht an Phlean Forbartha Gréasáin Deich mBliana. Éilítear leis sin líon teoranta acmhainní breise (1 FTE breise) ó chlár fuinnimh SCE (féach an ráiteas airgeadais reachtach in COM(2020)824)
- An Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíochtaí meatáin a laghdú in earnáil an fhuinnimh (COM(2021)805). Éilítear leis sin líon teoranta

acmhainní airgeadais breise ina leith.

Leis na cúraimí nua sin do ACER, tá méadú tagtha ar líon na foirne (ó chás bonnlíne an CAI, nuair a bhí 77 ngníomhaire bhuana, 36 ghníomhaire ar conradh agus 4 shaineolaí náisiúnta ar iasacht ann, go 142 ghníomhaire bhuana, 47 ngníomhaire ar conradh, 10 saineolaí náisiúnta ar iasacht) agus méadú tagtha ar riachtanais bhuiséadacha réamh-mheasta (meastar go dtiocfaidh méadú suas le 22.4 milliún Euro ar an mbuiséad in 2027 seachas EUR 16.3 milliún).

Mar gheall ar an ngá atá ann dul i muinín ath-imlonnuithe chun na hacmhainní breise oibríochtúla agus riaracháin is gá a áirithiú, beidh tionchar suntasach ar bhuiséad an Aontais don chuid eile den chlárthréimhse airgeadais agus ina dhiaidh sin.

D’athdhearbhaigh Parlaimint na hEorpa, i roinnt mhaith tuarascálacha agus rún, a seasamh ginearálta gur cheart cúraimí nua a chumhdach le hacmhainní úra agus gur cheart cosc a chur ar an gcleachtas lena ndéantar athneartuithe a ‘chúiteamh’ trí chúllódáil nó trí laghduithe in imchlúdaigh clár. Mar sin féin, i bhfianaise charnadh na dtionscnamh nua, na riachtanas breise agus na bhforbairtí gan choinne, ní mór a chur in iúl go réidh agus go soiléir, i dtaobh na bhfoinsí réamhshocraithe do na leithreasuithe úra sin i mbuiséad AE – corrlaigh neamh-leithdháilte faoi uasteorainneacha an CAI agus ionstraimí speisialta neamhthéamacha, gur dócha go mbeidh siad beagnach ídithe nó ídithe go hiomlán fiú amhail ó B2024.

Tá an Coiste um Buiséid réidh chun súil ghéar a choinneáil ar an togra le linn na chéad

---

acmhainní breise (1 phost TA ó 2023 ar aghaidh). Tá an méadú ar an mBuiséad nasctha leis an méadú ar phoist agus leis sin amháin. Tá sé beartaithe an méadú ar ranníocaíocht AE a chúiteamh le laghdú comhionann ar bhuiséad Chlár Fuinnimh na Saoráide um Chónascadh na hEorpa (clár Fuinnimh CEF).

- An togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na margaí inmheánacha le haghaidh gáis inathnuaite agus nádúrtha agus hidrigin (COM(2021)804). Éilítear leis na cúraimí sin méadú ar acmhainní daonna na gníomhaireachta de 15 phost breise don phlean bunaíochta agus 6 ghníomhaire breise ar conradh faoi 2027. Tá an méadú ar an mBuiséad nasctha leis an bhfoireann bhreise agus léi sin amháin. Déanfar an méadú ar ranníocaíocht an Aontais a chúiteamh trí laghdú comhionann a dhéanamh ar chlár fuinnimh SCE.
- An togra ón gCoimisiún le haghaidh Lena bhfeabhsaítear anRialachán ón gComhairle dlúthpháirtíocht trí chomhordú níos fearr a dhéanamh ar cheannacháin gháis, trí mhalartuithe gáis thar theorainneacha agus trí thagarmharcanna praghais iontaofa COM(2022)549 final. Leagtar amach sa togra cúraimí nua do ACER chun measúnú laethúil ar phraghsanna GNL agus tagarmharc GNL a shuí agus a fhoilsiú. Beidh ar ACER cloí le prionsabail IOSCO do Ghníomhaireachtaí Tuairiscithe Praghsanna (PRA), rud lena n-éilítear baill foirne a bhfuil taithí acu. Beidh acmhainní breise de dhíth ar an ngníomhaireacht freisin chun críocha comhairliúcháin, TF, agus rianta iniúchta. Tá sé beartaithe an méadú ar leithreasuithe do ACER a fhritháireamh le laghdú cúiteach ar chaiteachas clársceidealaithe faoi Chlár Fuinnimh SCE.
- An togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena mbunaítear sásra ceartúcháin margaidh chun saoránaigh agus an geilleagar a chosaint ar phraghsanna as cuimse ard; COM(2022)668 final. Éileofar acmhainní breise do ACER leis an togra. Go háirithe, leagtar amach sa togra cúraimí nua do ACER chun faireachán a dhéanamh ar na margaí gáis agus cuidiú leis an gCoimisiún tríd an sásra ceartúcháin margaidh a ghníomhachtú (agus a dhíghníomhachtú ina dhiaidh sin) agus trí fhaireachán a dhéanamh ar shreafaí gáis laistigh den Aontas. Tá sé beartaithe an méadú ar leithreasuithe do ACER a fhritháireamh le laghdú cúiteach ar chaiteachas clársceidealaithe faoi Chlár Fuinnimh SCE.

chéimeanna nós imeachta eile, go háirithe maidir leis an bplé ar acmhainní daonna agus airgeadais ACER agus maidir le haon iarmhairtí buiséadacha a d'fhéadfadh a bheith ann.

Le dea-mhéin,

Johan Van Overtveldt

23.5.2023

# LITIR ÓN gCOISTE UM AN MARGADH INMHEÁNACH AGUS UM CHOSAINT AN TOMHALTÓRA

An tUasal Cristian-Silviu Buşoi
An Cathaoirleach
An Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim maidir le Leasú a dhéanamh ar Rialacháin (AE) 2019/943 agus (AE) 2019/942 mar aon le Treoracha (AE) 2018/2001 agus (AE) 2019/944 chun feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas (COM(2023)0148 – C9-0049/2023 – 2023/0077(COD))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta dá dtagraítear thuas, iarradh ar an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra tuairim a chur faoi bhráid do choiste. Ag an gcruinniú a bhí aige an 28 Márta 2023, chinn na Comhordaitheoirí an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach chun go mbeadh siad in ann an tuairim a chur isteach go tráthúil.

Rinne an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra breithniú ar an ábhar ag an gcruinniú a bhí aige an 23 Bealtaine 2023. Ag an gcruinniú sin [1], chinn sé a iarraidh ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE), mar an coiste atá freagrach, na moltaí, na tosaíochtaí agus na prionsabail seo a leanas a ionchorprú ina thuarascáil reachtach.

Le dea-mhéin,

Anna Cavazzini
Cathaoirleach

[1] Bhí na daoine seo a leanas i láthair ag an vótáil chríochnaitheach: Anna Cavazzini (Cathaoirleach), Andrus Ansip (Leas-Chathaoirleach), Krzysztof Hetman (Leas-Chathaoirleach), Maria-Manuel Leitão-Marques (Leas-Chathaoirleach), Alex Agius Saliba, Marc Angel, Anna-Michelle Asimakopoulou, Alessandra Basso, Adam Bielan, Biljana Borzan, Vlad-Marius Botoş, Deirdre Clune, Dita Charanzová, David Cormand, Christian Doleschal, Carlo Fidanza, Elisabetta Gualmini, Alexandra Geese, Sandro Gozi, Claude Gruffat, Ivars Ijabs, Eugen Jurzyca, Arba Kokalari, Kateřina Konečná, Andrey Kovatchev, Katrin Langensiepen, Morten Løkkegaard, Adriana Maldonado López, Francisco José Millán Mon, Leszek Miller, Anne-Sophie Pelletier, Antonio Maria Rinaldi, Christel Schaldemose, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Róża Thun und Hohenstein, Edina Tóth, Tom Vandenkendelaere, Marion Walsmann.

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, mar an Coiste atá freagrach, na barúlacha, na tosaíochtaí agus na prionsabail seo a leanas a chur san áireamh ina thuarascáil reachtach:

A. de bhrí, ar mhaithe le tomhaltóirí, lena n-áirítear gnólachtaí beaga, a chosaint ar phraghsanna luaineacha agus ar arduithe tobanna ar phraghsanna, déantar foráil sa togra maidir leis an gceart chun conarthaí praghsanna seasta chomh maith le conarthaí praghsanna dinimiciúla, leis an gceart chun ilchonarthaí agus le faisnéis níos fearr agus níos soiléire faoi chonarthaí. Ina theannta sin, tá bearta ann chun dícheangal leictreachais a chosc agus chun a áirithiú go dtugtar cosaint do chustaiméirí leochaileacha air sin;

B. de bhrí go bhfuil sé d’aidhm ag a fhorálacha freisin feabhas a chur ar dhálaí infheistíochta do ghnólachtaí agus borradh a chur faoin infheistíocht i bhfuinneamh in-athnuaite, go háirithe trí fheabhas a chur ar na margaí do chonarthaí fadtéarmacha;

C. de bhrí go bhfuil forálacha sa togra maidir le sásraí speisialta a bheidh le gníomhachtú i gcás géarchéim praghsanna leictreachais;

1. ag cur sonrú sa togra ón gCoimisiún, atá mar chuid de phacáiste an Choimisiúin chun margadh leictreachais an Aontais a athchóiriú. Leasaítear leis Rialachán (AE) 2019/943 (an Rialachán Leictreachais), Treoir (AE) 2019/944 (an Treoir maidir le Leictreachas), Treoir (AE) 2018/2001 (an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite) agus Rialachán (AE) 2019/942 (Rialachán ACER), lena gcuirtear chun cinn bearta breise chun tomhaltóirí agus gnólachtaí, go háirithe FBManna, a chosaint ar luaineacht i bpraghsanna an mhargaidh, go háirithe ó mhéaduithe móra ar phraghsanna, rogha conartha agus rochtain ar fhuinneamh in-athnuaite agus ísealcharbóin a mhéadú, lena bhfeabhsaítear cobhsaíocht agus intuarthacht chostas an fhuinnimh;

2. á iarraidh go gcuirfí na tosaíochtaí agus na prionsabail seo a leanas san áireamh chun seasamh na Parlaiminte a ullmhú:

   I. An margadh inmheánach: Ní mór tús áite a thabhairt d’iomaíocht chothrom oscailte i margadh leictreachais lán-chomhtháite an Aontais in éineacht le heangacha leictreachais dea-fhorbartha agus idirnasctha idir na Ballstáit. Ag an am céanna, ba cheart a áirithiú gur ar bhonn deonach atá an úsáid atá beartaithe a bhaint as Comhaontuithe ceannacháin cumhachta agus as conarthaí dhá threo le haghaidh difríochta i gcás infheistíochtaí nua agus nach gcuireann sé bac ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Ba cheart don Choimisiún treoirlínte soiléire a fhorbairt ina leith sin. Ba cheart go mbeadh na bearta infheistíochta do ghiniúint cumhachta, don bhonneagar leictreachais agus do sheirbhísí solúbthachta a mholtar sa treoir seo bunaithe ar an margadh chun a áirithiú nach bhfuil dídhreasú á dhéanamh againn ar infheistíochtaí príobháideacha.

   II. Inrochtaineacht agus inacmhainneacht: A áirithiú go ndéanfar margadh chomhaontuithe ceannacháin cumhachta a fhorbairt mar aon le taraifí inacmhainne ar an margadh chun fuinneamh a sholáthar do gach custaiméir, lena n-áirítear

FBManna, ach ag an am céanna, iad a spreagadh chun tomhaltas a chur in oiriúint do chomharthaí praghais chomh maith le dreasachtaí chun infheistíocht a dhéanamh i gcoigilteas fuinnimh, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh tairiscint iomaíoch praghsanna seasta agus taraifí praghsála dinimiciúla ar fáil ar an margadh. Le linn tráthanna géarchéime i bpraghsanna leictreachais, ní mór na custaiméirí ó na teaghlaigh is leochailí, lena n-áirítear teaghlaigh i staid na bochtaineachta fuinnimh, a chosaint go leormhaith, trí bhearta chun iad a chosaint ar dhícheangal leictreachais mar a mholtar sa togra reatha, chun rochtain leanúnach ar leictreachas ar phraghas inacmhainne a áirithiú. Mar sin féin, tá sé ríthábhachtach cothromaíocht cheart a bhaint amach le linn an phróisis iomláin, idir tacaíocht dhíreach agus an gá atá le héifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn, go háirithe trí athchóiriú foirgneamh agus trí chleachtais inbhuanaithe a ghlacadh.

III. Soláthar leictreachais leanúnach a dhaingniú: Agus leictriú méadaitheach ag teacht ar bheagnach gach gné den saol, tá tábhacht níos suntasaí ag soláthar slán cumhachta do ghnólachtaí agus do theaghlaigh araon. Leis an athchóiriú, ba cheart go bhfeabhsódh an timpeallacht le haghaidh infheistíochtaí leordhóthanacha i ngnéithe iomlána an chórais leictreachais: fuinneamh in-athnuaite glan, fuinneamh inseachadta, eangacha tarchuir agus dáileacháin chomh maith le stóráil agus freagairt don éileamh. Chun cinnteacht an tsoláthair a mhéadú tuilleadh, ba cheart na sásraí um íocaíocht toillte a aithint mar ghné struchtúrach den mhargadh chun léiriú níos fearr a thabhairt ar riachtanais leordhóthanachta agus ar chúinsí sonracha na mBallstát lena mbaineann.

IV. Faisnéis trédhearcachta: Ba cheart rochtain a bheith ag gach tomhaltóir, lena n-áirítear FBManna, ar fhaisnéis shoiléir shothuigthe faoi thairiscintí fuinnimh agus faoi choinníollacha conarthacha ag gach céim den phróiseas, lena n-áirítear ag an gcéim réamhchonarthach agus tar éis an conradh a thabhairt i gcrích. Ba cheart go n-áireofaí leis sin faisnéis faoi chomhpháirteanna an phraghais, faoi choinníollacha athnuachana conartha, faoi na hiarmhairtí a bhaineann le conradh a fhoirceannadh, agus faoi théarmaí ábhartha eile, chomh maith leis an bhfaisnéis atá i mbillí leictreachais. Ba cheart an fhaisnéis a chur i láthair ar bhealach atá soiléir, inléite agus sothuigthe ag gach custaiméir deiridh agus a bheidh inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear trí theimpléid chaighdeánaithe agus treoirlínte. Ba cheart do sholáthróirí a áirithiú go mbeidh rochtain ag tomhaltóirí ar fhaisnéis níos fearr agus níos soiléire, go háirithe maidir le faisnéis réamhchonarthach chun a chur ar chumas tomhaltóirí tairiscintí a chur i gcomparáid le chéile.

An tráth céanna, ba cheart go mbeadh roghanna leordhóthanacha ag tomhaltóirí a áirithiú agus gur féidir leo tairbhiú de thairiscintí éagsúla conartha.

Chun margadh saor agus iomaíoch a chur chun cinn, ba cheart go n-áiritheofaí leis an Rialachán reatha go bhfuil an fhaisnéis a sholáthraíonn soláthróirí soiléir agus cruinn agus go gcomhlíonfaí ceanglais faisnéise gan ceanglais róthroma a fhorchur a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an nuálaíocht nó teorainn a chur le cumas soláthróirí praghsáil agus seirbhísí iomaíocha a thairiscint.

Níor cheart cead a bheith ag soláthraithe conarthaí ar théarma seasta ná ar chonarthaí ar phraghas seasta ná ar mhódúlachtaí íocaíochta a athrú go

haontaobhach ná a fhoirceannadh. Ba cheart toiliú sainráite tomhaltóirí a bheith ag teastáil chun conradh a athnuachan faoi théarmaí atá éagsúil leis an gconradh bunaidh.

Cé go bhfuil forálacha ann cheana maidir le dualgais faisnéise soláthróirí, tá gá le feabhas a chur ar an méid sin, mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar chastacht na dtairiscintí fuinnimh agus ar chleachtais mhargaíochta éagsúla. Ba cheart an fhaisnéis atá ar fáil do thomhaltóirí a bheith leordhóthanach agus soiléir agus gan bheith mearbhlach ná míthreorach.

I gcás ina dtiocfaidh méaduithe ar phraghsanna chun cinn, ba cheart do sholáthróirí comhairle a thabhairt go luath do chustaiméirí a bhfuil taraifí athraitheacha acu maidir leis an gcaoi ar féidir leo iad féin a chosaint ar mhéaduithe ar phraghsanna, lena n-áirítear moltaí maidir le coigilteas fuinnimh agus pleananna míosúla íocaíochta malartacha nó réamh-mheastacha.

Thairis sin, ba cheart rochtain éasca a bheith ag tomhaltóirí ar chomparáidí soiléire a thuigtear go héasca idir tairiscintí leictreachais gan buntáiste a thabhairt ná a bhaint ar bhealach míchothrom d’aon soláthróir ar leith.

V. Cúram a thabhairt do chustaiméirí leochaileacha: Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar riachtanais custaiméirí teaghlaigh leochaileacha agus d’fhéadfaí tomhaltóirí a bhfuil ioncam íseal acu, atá faoi mhíchumas, agus iad siúd a bhfuil gá acu le leictreachas d’fhearais a thacaíonn leis an mbeatha, agus na táscairí maidir le bochtaineacht fuinnimh á gcur san áireamh i Moladh (AE) 2020/1563 ón gCoimisiún trí dhícheangal a chosc don bhliain ar fad. Ba cheart cosc a chur ar dhícheangal do gach custaiméir teaghlaigh ag tráthanna criticiúla, lena n-áirítear laethanta deireadh seachtaine agus laethanta saoire poiblí. Bheadh sé thar a bheith tairbheach íocaíochtaí a cheadú i dtráthchodanna.

Chomh maith le dícheangal a chosc agus íocaíochtaí a cheadú i dtráthchodanna, ba cheart bearta eile a dhéanamh freisin chun tacú le tomhaltóirí leochaileacha, lena n-áirítear comhairle agus tacaíocht maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a thairiscint, chomh maith le bearta tacaíochta spriocdhírithe chun coigiltis fuinnimh a dhreasú, rochtain a sholáthar ar chistí éigeandála, agus cláir for-rochtana spriocdhírithe a fhorbairt. Ba cheart na bearta sin a cheapadh chun tacú le tomhaltóirí leochaileacha gan ualaí míchuí a fhorchur ar sholáthróirí ná gan iomaíocht sa mhargadh fuinnimh a theorannú.

Ceapfaidh na Ballstáit soláthróirí mar rogha dheiridh, áfach, níor cheart soláthar leictreachais ar phraghas íosta socraithe a bheith mar thoradh ar an gceanglas sin.

VI. Cur leis an acmhainneacht a bhaineann le digiteáil an chórais fuinnimh agus an acmhainneacht sin a thapú: Chun tacú le rannpháirtíocht ghníomhach na dtomhaltóirí uile, ba cheart seirbhísí leictreachais a dhéanamh inrochtana go héasca ar líne, lena n-áirítear do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta. Is féidir é sin a bhaint amach trí chomhéadain fheidhmiúla shimplí atá deartha le haghaidh inrochtaineachta. Ba cheart digiteáil an chórais fuinnimh a bheith ina príomhghné de na margaí agus na gcóras leictreachais a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear trí níos mó cumhachtaithe a chruthú don tomhaltóir mar tháirgeoir.

Ag an am céanna, tá sé tábhachtach a áirithiú go gcoinneofar ardchaighdeáin sábháilteachta agus cosanta sonraí chun príobháideachas agus faisnéis phearsanta tomhaltóirí a chosaint. Níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc ar sholáthraithe leictreachais, ar bhealach ar bith, rochtain éasca thapa a thabhairt ar a seirbhís do chustaiméirí, ar an nguthán nó ar bhealach eile, do gach tomhaltóir nach bhfuil rochtain ar an Idirlíon acu.

VII. Comhréireacht: Ní mór a áirithiú nach mbeidh saobhadh ná ilroinnt sa mhargadh mar thoradh ar idirghabhálacha poiblí a cheadaítear do na Ballstáit, ach go seasfaidh siad leis an margadh aonair, agus go n-áiritheofar ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí. Ba cheart gach beart sealadach den sórt sin a bheith spriocdhírithe go beacht, agus údar cuí leis, bunaithe ar fhianaise, comhréireach agus ba cheart deireadh a chur leo a luaithe is féidir.

VIII. Comhordú: ba cheart don Choimisiún, do na húdaráis rialála náisiúnta agus do ACER faireachán córasach a dhéanamh ar thionchar na mbeart agus na sásraí arna dtabhairt isteach ag na Ballstáit ar an margadh inmheánach don leictreachas agus ba cheart go n-áireofaí ann measúnú ar an tionchar ar iomaíocht, ar rogha na dtomhaltóirí agus ar fheidhmiú éifeachtúil an mhargaidh.

IX. Trédhearcacht, cumarsáid agus idirphlé: Ní mór gach beart a bhaineann leis an margadh fuinnimh a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar bhealach trédhearcach, ina mbeidh na geallsealbhóirí uile lena mbaineann (lena n-áirítear eagraíochtaí tomhaltóirí, ionadaithe FBManna, soláthróirí fuinnimh, rialtóirí, agus gníomhaithe ábhartha eile). Ba cheart idirphlé leanúnach le geallsealbhóirí a áirithiú, de réir mar is iomchuí.

X. Malairt modhanna chun díospóidí a réiteach: Ba cheart rochtain a bheith ag custaiméirí ar chomhlachtaí malartacha um réiteach díospóide atá speisialaithe i réimse an fhuinnimh agus ba cheart tacaíocht a bheith acu sna díospóidí a bhaineann lena gcearta agus lena n-oibleagáidí. Ba cheart feidhm a bheith ag an réiteach maidir le díospóidí le soláthróirí, a bhaineann le ceannach agus le díol leictreachais araon, le pobail leictreachais agus le pobail fuinnimh saoránach, agus le páirtithe a bhfuil comhaontuithe comhroinnte fuinnimh acu leo.

XI. Sláine an mhargaidh aonair don leictreachas: Ba cheart a chur san áireamh sna bearta agus sna sásraí arna gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit éifeachtaí ar an iomaíocht, ar an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar agus ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh don leictreachas chun iomaíocht chothrom agus oscailte, machaire comhréidh, agus urraim do na prionsabail bhunúsacha ar a bhfuil an margadh aonair bunaithe a áirithiú.

XII. Rochtain trasteorann ar fhuinneamh: Ba cheart an margadh fuinnimh a chomhtháthú tuilleadh laistigh den Aontas ionas go mbeidh tomhaltóirí in ann conarthaí soláthair fuinnimh a bhunú le soláthróirí fuinnimh lasmuigh dá réigiún nó dá mBallstát chun iomaíocht a chur chun cinn, rogha na dtomhaltóirí a mhéadú, agus praghsanna a laghdú. Ba cheart é sin a chur chun cinn go háirithe i réigiúin teorann, ina ndéantar eangacha fuinnimh a chomhtháthú. Ba cheart do na Ballstáit bearta praiticiúla a áirithiú do sholáthraithe le haghaidh díolacháin trasteorann,

amhail rialacha soiléire trédhearcacha maidir le cánachas, íoscheanglais seirbhíse, nósanna imeachta riaracháin a chuíchóiriú, agus rialacha soiléire a bhunú maidir le cosaint tomhaltóirí agus réiteach díospóidí.

## AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/943 agus (AE) 2019/942 mar aon le Treoracha (AE) 2018/2001 agus (AE) 2019/944 chun feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas |
| **Tagairtí** | COM(2023)0148 – C9-0049/2023 – 2023/0077(COD) |
| **Dáta tíolactha chun na Parlaiminte** | 14.3.2023 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>1.6.2023 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | BUDG 29.3.2023<br>ECON 1.6.2023<br>ENVI 29.3.2023<br>IMCO 29.3.2023 |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | ENVI<br>23.3.2023 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Nicolás González Casares<br>11.4.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 23.5.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 19.7.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 55<br>–: 15<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Nicola Beer, François-Xavier Bellamy, Hildegard Bentele, Vasile Blaga, Michael Bloss, Paolo Borchia, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Maria da Graça Carvalho, Ignazio Corrao, Beatrice Covassi, Nicola Danti, Marie Dauchy, Pilar del Castillo Vera, Martina Dlabajová, Christian Ehler, Valter Flego, Niels Fuglsang, Jens Geier, Nicolás González Casares, Christophe Grudler, Henrike Hahn, Robert Hajšel, Ivo Hristov, Ivars Ijabs, Romana Jerković, Seán Kelly, Zdzisław Krasnodębski, Andrius Kubilius, Thierry Mariani, Marisa Matias, Marina Mesure, Dan Nica, Niklas Nienass, Ville Niinistö, Johan Nissinen, Mauri Pekkarinen, Tsvetelina Penkova, Morten Petersen, Markus Pieper, Manuela Ripa, Robert Roos, Sara Skyttedal, Maria Spyraki, Grzegorz Tobiszowski, Patrizia Toia, Henna Virkkunen, Pernille Weiss, Carlos Zorrinho |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Damian Boeselager, Franc Bogovič, Francesca Donato, Matthias Ecke, Ladislav Ilčić, Elena Lizzi, Dace Melbārde, Jutta Paulus, Massimiliano Salini, Jordi Solé, Susana Solís Pérez, Ivan Štefanec, Nils Torvalds, Emma Wiesner |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rosanna Conte, Arnaud Danjean, César Luena, Nicola Procaccini, Elżbieta Rafalska, Antonio Maria Rinaldi, Daniela Rondinelli, Nacho Sánchez Amor, Edina Tóth |
| **Dáta don chur síos** | 27.7.2023 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 55 | + |
|---|---|
| ID | Paolo Borchia, Rosanna Conte, Elena Lizzi, Antonio Maria Rinaldi |
| NI | Francesca Donato |
| PPE | Hildegard Bentele, Vasile Blaga, Franc Bogovič, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Maria da Graça Carvalho, Pilar del Castillo Vera, Christian Ehler, Seán Kelly, Andrius Kubilius, Dace Melbārde, Markus Pieper, Massimiliano Salini, Sara Skyttedal, Maria Spyraki, Ivan Štefanec, Henna Virkkunen, Pernille Weiss |
| Renew | Nicola Beer, Nicola Danti, Martina Dlabajová, Valter Flego, Ivars Ijabs, Mauri Pekkarinen, Morten Petersen, Susana Solís Pérez, Nils Torvalds, Emma Wiesner |
| S&D | Beatrice Covassi, Matthias Ecke, Niels Fuglsang, Jens Geier, Nicolás González Casares, Romana Jerković, César Luena, Dan Nica, Tsvetelina Penkova, Daniela Rondinelli, Nacho Sánchez Amor, Patrizia Toia, Carlos Zorrinho |
| Verts/ALE | Michael Bloss, Damian Boeselager, Ignazio Corrao, Henrike Hahn, Niklas Nienass, Ville Niinistö, Jutta Paulus, Manuela Ripa, Jordi Solé |

| 15 | - |
|---|---|
| ECR | Ladislav Ilčić, Zdzisław Krasnodębski, Johan Nissinen, Nicola Procaccini, Elżbieta Rafalska, Robert Roos, Grzegorz Tobiszowski |
| ID | Marie Dauchy, Thierry Mariani |
| NI | Edina Tóth |
| PPE | François-Xavier Bellamy, Arnaud Danjean |
| Renew | Christophe Grudler |
| The Left | Marisa Matias, Marina Mesure |

| 2 | 0 |
|---|---|
| S&D | Robert Hajšel, Ivo Hristov |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh